Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2021
(OR. en)

6532/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0045 (COD)**

**TELECOM 78
COMPET 131
MI 112
CONSOM 44
IA 25
CODEC 265**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 85 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 85 final.

Faoi iamh: COM(2021) 85 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.2.2021
COM(2021) 85 final

2021/0045 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 90 final} - {SWD(2021) 27 final} - {SWD(2021) 28 final} - {SWD(2021) 29 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### Forais agus cuspóirí an togra

### Réamhrá

Téann Rialachán (AE) Uimh. 531/2012[1] in éag an 30 Meitheamh 2022, dá bhrí sin is é is aidhm leis an togra seo síneadh a chur leis agus, san am céanna, na muirir uasta mhórdhíola a choigeartú chun inbhuanaitheacht an tsoláthair seirbhísí fánaíochta miondíola ar phraghsanna baile a áirithiú, bearta nua a thabhairt isteach chun trédhearcacht a mhéadú agus fíoreispéireas 'fánaíochta ar tháillí baile' a áirithiú i dtéarmaí cáilíocht seirbhíse agus rochtain ar sheirbhísí le linn fánaíochta a áirithiú.

De bhrí go ndearnadh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a leasú roinnt uaireanta, is é is cuspóir don togra seo an Rialachán a athmhúnlú chun an tsoiléireacht a fheabhsú agus an iliomad gníomhartha leasaitheacha atá ann a ionadú[2].

### Cúlra

Bhí gá le hidirghabháil rialála an Aontais maidir leis na margaí fánaíochta mórdhíola agus miondíola le 14 bliana anuas chun go gcuirfí feabhas ar na coinníollacha maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí fánaíochta laistigh den Aontas.

Ghlac an tAontas forálacha den chéad uair chun cur chuige comhpháirteach a thabhairt isteach maidir le fánaíocht ar líonraí cumarsáide soghluaiste poiblí san Aontas a rialáil nuair a ghlac sé Rialachán (CE) Uimh. 717/2007[3]. In 2009, tar éis an chéad athbhreithniú ar na forálacha sin, cuireadh síneadh lena bhfad agus leathnaíodh a raon feidhme[4]. Tar éis athbhreithniú eile ar na rialacha, glacadh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012. Leis na Rialachán sin leasaítear na rialacha a bhí ann cheana trí phraghsanna fánaíochta le haghaidh glaonna agus SMS a ísliú agus trí theorainn uasta a chur le praghsanna fánaíochta ar shonraí ar fud an Aontais.

Le Rialachán (AE) 2015/2120[5] leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 agus rinneadh ceanglas formhuirir fánaíochta mhiondíola a dhíothú san Aontas ón 15 Meitheamh 2017, faoi réir úsáid chóir seirbhísí fánaíochta agus an rogha sásra maolaithe maidir le hinbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm. Tagraítear do na rialacha sin maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola san Aontas mar rialacha 'fánaíocht ar tháillí baile' (nó 'FATB') sa mheabhrán míniúcháin seo.

Cé go bhfuil gá léi, ní leor an rialáil ar an leibhéal miondíola amháin chun FATB a chur chun feidhme. Ionas go mbeadh sé inbhuanaithe deireadh a chur le formhuirir fánaíochta

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 172, 30.6.2012, lch. 10).

2 Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an togra.

3 Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2007 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 2002/21/CE (IO L 171, 29.6.2007, lch. 32).

4 Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 2002/21/CE maidir le creat rialúcháin coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (IO L 167, 29.6.2009, lch. 12).

5 Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1).

mhiondíola ar fud an Aontais agus chun saobhadh iomaíochta i margaí baile a sheachaint, tá gá le dreasachtaí i margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta chun gníomhú ar bhealach iomaíoch agus chun praghsanna fánaíochta mórdhíola inbhuanaithe a sholáthar a chuirfidh ar chumas oibreoirí seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar go hinbhuanaithe gan muirir bhreise.

Chuige sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta ionas gur féidir formhuirir fánaíochta mhiondíola a dhíothú. Ghlac sé a thuarascáil ar an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola an 15 Meitheamh 2016[6]. Tar éis an t-athbhreithniú a dhéanamh, an 17 Bealtaine 2017 ghlac an Coimisiún Rialachán (AE) Uimh. 2017/920[7] lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a mhéid a bhaineann le rialacha le haghaidh margaí fánaíochta mórdhíola a dhíothú faoin 15 Meitheamh 2017 gan margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu go hintíre agus margaí baile a shaobhadh.

An 29 Samhain 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún a chéad athbhreithniú iomlán ar an margadh fánaíochta (an 'Tuarascáil ar Athbhreithniú an Choimisiúin'), ina léirítear gur bhain taistealaithe ar fud an Aontais tairbhe nach beag as díothú na muirear fánaíochta a rinneadh i mí an Mheithimh 2017[8]. Tháinig méadú mór gasta ar úsáid seirbhísí soghluaiste (sonraí, guthghlao, SMS) le linn taisteal san Aontas, rud a dheimhníonn an tionchar dearfach atá ag rialacha fánaíochta.

Ar an leibhéal mórdhíola, chuidigh an laghdú mór in uasteorainneacha praghais le laghdú breise sna praghsanna fánaíochta mórdhíola, atá go minic i bhfad faoi leibhéal na n-uasteorainneacha rialáilte, rud a thiocfaidh as dá éis sin go mbeidh sé inbhuanaithe ag beagnach gach soláthraí seirbhíse fánaíochta muirir fánaíochta a dhíothú.

Cé go ndeimhnítear sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú ón gCoimisiún, sa chéad chás de, gur tugadh na rialacha in éifeacht agus, ar an iomlán, go n-oibríonn an margadh fánaíochta go maith faoi na rialacha sin, ar an taobh eile, meastar ann, in ainneoin na fianaise gurb ann do roinnt dinimic iomaíochta bunúsach sna margaí miondíola agus mórdhíola araon, nár tháinig aon athrú ar na dálaí iomaíochta bunúsacha agus nach dócha go dtiocfaidh athrú orthu san am atá amach romhainn. Dá bharr sin tá gá go fóill leis an rialáil atá ann faoi láthair agus ní féidir deireadh a chur léi.

**Cúiseanna leis an togra agus cuspóir an togra, na príomhleasuithe agus forálacha nach ndéantar athrú orthu.**

Tá sé d'aidhm ag an togra seo síneadh a chur leis na rialacha lena rialófar an margadh fánaíochta uile-Aontais thar 2022, agus san am céanna na muirir uasta mhórdhíola a leasú, bearta nua a thabhairt isteach chun fíoreispéireas FATB a áirithiú le linn fánaíochta, agus bearta eile nach meastar gá a bheith leo a thuilleadh a aisghairm.

Tugtar tuairisc mhionsonraithe thíos ar na leasuithe atá beartaithe ar na rialacha[9].

Go bunúsach, tá sé d'aidhm ag na príomhleasuithe atá beartaithe a áirithiú go mbeidh oibreoirí in ann FATB a sholáthar agus costais a aisghabháil ar bhealach atá inbhuanaithe ar an leibhéal mórdhíola. Is é atá beartaithe muirir uasta fánaíochta mhórdhíola uile-Aontais a shocrú le haghaidh glaonna a dhéantar, teachtaireachtaí SMS agus sonraí ag leibhéil atá níos

6 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola COM(2016) 0398 final.

7 Rialachán (AE) 2017/920 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola (IO L 147, 9.6.2017, lch. 1).

8 Tuarascáil ar an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta, COM(2019) 616 final, ar fáil anseo.

9 Féach an roinn 'Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra'.

ísle ná na cinn atá bailí go dtí an 30 Meitheamh 2022. Chun réiteach a dhéanamh idir an dá chuspóir thuas, mar atá an inbhuanaitheacht agus aisghabháil chostais a áirithiú, leagtar amach conair faoileoireachta dhá chéim sa togra le haghaidh muirir uasta mhórdhíola uasta is infheidhme maidir le sonraí, guthghlaonna agus SMS. I gcomhréir leis an rogha bheartais a rinneadh i Rialachán (AE) Uimh. 531/2012, ba cheart na muirir uasta mhórdhíola nua feidhmiú mar leibhéal coimirce agus ba cheart a áirithiú leo gur féidir le hoibreoirí réiteach a dhéanamh maidir lena gcuid costas. Ba cheart de thoradh na muirear sin freisin go mbeifear in ann FATB a sholáthar go forleathan agus ar bhealach inbhuanaithe, agus corrlach a fhágáil le haghaidh caibidlíocht tráchtála idir oibreoirí. Os a choinne sin, fanann na forálacha gan athrú den chuid is mó i dtaca leis an mbeartas maidir le húsáid chóir agus le hinbhuanaitheacht (Airteagail 6b agus 6c de Rialachán (AE) Uimh. 531/2012) agus fanann an gníomh cur chun feidhme gaolmhar a bheidh fós infheidhme gan athrú chomh maith (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún), i bhfianaise go leanann na rialacha coimirce ar an leibhéal miondíola de bheith ag oibriú go leordhóthanach. Mar sin féin, dá laghdófaí na muirir uasta mhórdhíola is infheidhme, d'fheabhsófaí cúrsaí le haghaidh na n-úsáideoirí deiridh, ós rud é go bhfuil tionchar aige sin ar chomhchodanna an phraghais a ríomhtar ag brath ar a leibhéal, go háirithe an uasteorainn le haghaidh formhuirir faoin sásra beartais maidir le húsáid chóir, na maoluithe inbhuanaitheachta agus lamháltas sonraí an bheartais maidir le húsáid chóir i ndáil le cuach sonraí oscailte agus teorainneacha réamhíoctha.

Leis an togra seo tugtar isteach bearta nua maidir le trédhearcacht, cáilíocht na seirbhíse agus rochtain ar chumarsáid éigeandála.

Go háirithe, áirítear ann leasuithe a bhfuil sé d'aidhm acu fíoreispéireas FATB le haghaidh úsáideoirí deiridh agus nuálaíocht agus rochtain ar líonraí a éascú, agus creat rialála le haghaidh tomhaltóirí agus oibreoirí a sheasfaidh an aimsir á bhunú san am céanna. Go sonrach, is é is aidhm don togra na nithe seo a leanas:

(i) An trédhearcacht ar an leibhéal miondíola a mhéadú (a) maidir leis an gcáilíocht seirbhíse (trí oibleagáid ar oibreoirí a thabhairt isteach chun an cháilíocht seirbhíse a d'fhéadfadh a gcustaiméirí a bheith ag súil léi go réasúnach agus iad ag fánaíocht san Aontas a shoiléiriú ina gconarthaí leo); (b) maidir le cumarsáid ar sheirbhísí breisluacha (trí oibleagáid ar oibreoirí a thabhairt isteach, ina gconarthaí le custaiméirí, faisnéis faoin gcineál seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir muirir níos airde agus faisnéis chomhchosúil a sholáthar san 'SMS fáilte'); (c) maidir le rochtain ar sheirbhísí éigeandála (trí oibleagáid d'oibreoirí a thabhairt isteach chun faisnéis a sholáthar,'sa SMS fáilte', ar na féidearthachtaí éagsúla atá ann chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála agus custaiméirí ag fánaíocht).

(ii) Fíoreispéireas FATB i dtéarmaí cáilíocht seirbhíse a chur ar fáil do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta (trí oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta a áirithiú, nuair atá sé indéanta go teicniúil, go soláthrófar na seirbhísí fánaíochta faoi na coinníollacha céanna dá mbeidís á n-úsáid sa bhaile agus oibleagáid a chur ar oibreoirí líonraí teileafóin rochtain ar na teicneolaíochtaí líonra agus na glúine líonra uile atá ar fáil a sholáthar).

(iii) Leibhéal na trédhearcachta a mhéadú ar an leibhéal mórdhíola maidir le raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha trí bhunachar láraithe le haghaidh raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha a fhorbairt san Aontas. Tá sé d'aidhm ag an mbunachar sonraí uirlis le haghaidh trédhearcachta a sholáthar lena gcuirfear ar chumas na n-Údarás Rialála Náisiúnta (NRAnna) agus oibreoirí rochtain dhíreach a bheith acu ar fhaisnéis maidir le céard iad na raonta uimhrithe a mbeadh costais níos airde ag baint leo sna Ballstáit.

(iv) Rochtain saor in aisce ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú le haghaidh custaiméirí le linn fánaíochta trí bhearta sonracha a dhéanamh ar an leibhéal mórdhíola amhail (a) an oibleagáid ar oibreoirí a sholáthar sa chomhaontú mórdhíola an fhaisnéis rialála agus teicniúil uile is gá chun rochtain saor in aisce ar sheirbhísí éigeandála agus suíomh an ghlaoiteora saor in aisce a chur chun feidhme; (b) an oibleagáid gan aon mhuirear a thobhach ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta a bhaineann le cumarsáid éigeandála agus le faisnéis faoi shuíomh glaoiteora a tharchur.

Ar deireadh, leis an togra foirceanntar na hoibleagáidí rialála sna réimsí nach bhfuil gá leo a thuilleadh agus áirítear ann roinnt leasuithe a bhfuil sé d'aidhm acu an t-ualach rialála a shimpliú agus a laghdú[10].

- **Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais cheana**

Ba chéim fhíor-riachtanach é muirir fánaíochta miondíola a dhíothú i dtreo margadh aonair digiteach uile-Aontais a chruthú, agus i dtreo an margadh sin a fheidhmiú mar is ceart.

Go háirithe, tríd an margadh fánaíochta a rialú chun FATB a bhunú ar fud an Aontais, cuidíodh leis an gcuspóir beartais a bhaint amach, arbh é sin a áirithiú go bhfuil margaí dea-fheidhmithe in ann bonneagar leathanbhanda ardfheidhmíochta gan sreang a sholáthar do chustaiméirí an Aontais ar phraghas inacmhainne ar fud an Aontais.

D'aithin na comhreachtóirí a thábhachtaí atá an cuspóir sin i gcomhair fhoriomlán an mhargaidh aonair dhigitigh nuair a glacadh rialacha FATB in 2015.

I bhfianaise an mhéid atá thuas, ní mór gan an bonn a bhaint den mhéid a bheidh bainte amach nuair a rachaidh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 in éag an 30 Meitheamh 2022. Dá bhrí sin, áiríodh an togra maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha fánaíochta atá ann faoi láthair i gClár Oibre an Choimisiúin 2020 faoin uaillmhian shuntasach 'Eoraip atá réidh don Aois Dhigiteach' agus an cuspóir sonrach 'Seirbhísí Digiteacha do thomhaltóirí'.

Comhlánaíonn an togra Treoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (CCLE)[11], a bhí le trasuí ag na Ballstáit faoin 21 Nollaig 2020. Go háirithe, agus cur chun cinn á dhéanamh ar sholáthar inbhuanaithe FATB, ar aisghabháil chostais agus ar dhreasachtaí a choinneáil ar bun chun infheistíocht a dhéanamh i líonraí a bhfuil cuairt á dtabhairt orthu, comhlánaíonn an togra bearta CCLE lena gcumasaítear lúdracht ard agus cur in úsáid 5G ar mhaithe le tomhaltóirí uile na hEorpa, agus iomaíocht ó thaobh bonneagair de á cur chun cinn agus an deis á thabhairt d'oibreoirí toradh ar infheistíocht a dhéanamh san am céanna. Trí fhíoreispéireas FATB d'úsáideoirí deiridh a chur chun cinn, comhlánaíonn an togra forálacha CCLE lena soláthraítear cosaint éifeachtach tomhaltóirí i gcomhthéacs ríomhchumarsáide, rud a chuireann leis na roghanna do thomhaltóirí trí leibhéal thrédhearcachta na faisnéise agus na rialacha sonracha maidir le huasfhad conartha agus inaistritheacht uimhreacha a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag CCLE chomh maith rochtain saor in aisce ar sheirbhísí éigeandála a sholáthar d'úsáideoirí deiridh trí bhíthin cumarsáid éigeandála agus a áirithiú go bhfuil faisnéis faoi shuíomh glaoiteora ar fáil.

Tá sé socraithe ag an gCoimisiún gurb é ceann dá phríomhchuspóirí freagairt ar riachtanais mhéadaithe an phobail agus gnó maidir le lúdracht[12] agus tairbhiú den chlaochlú digiteach chun athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch an Aontais agus na mBallstát mar aon lena n-acmhainneacht fáis inbhuanaithe agus cruthú post a neartú. Tá lúdracht ghigighiotán, á cumhachtú ag bonneagair shlána snáithín agus 5G, ríthábhachtach chun leas a bhaint as

10 Féach an roinn maidir le REFIT.

11 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

12 Cumarsáid dar teideal 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú', COM(2020) 67 final.

acmhainneacht na hEorpa le haghaidh fás digiteach. Leagtar amach na cuspóirí polaitiúla sin, a áirítear sa chumarsáid 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú', i straitéis an Aontais 'I dtreo Sochaí Ghigighiotáin Eorpach' chomh maith, agus i bplean gníomhaíochta 5G le haghaidh na hEorpa agus deimhnítear na cuspóirí sin leis an mbeartas suaitheanta lúdrachta a áirítear i Straitéis Bhliantúil 2021 don Fhás Inbhuanaithe[13] agus tá nasctha leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[14]. Chuige sin, leis an togra seo cumasaítear úsáid gan uaim na mbonneagar sin thar theorainneacha.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá sé d'aidhm ag rialacha an Aontais maidir le fánaíocht cur le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh chun leibhéal cosanta tomhaltóirí a bhaint amach agus chun iomaíocht a choinneáil ar bun i measc oibreoirí líonra soghluaiste. Cé go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna rialála sa togra seo a eascraíonn as sonraí sonracha rialacha an Aontais maidir le fánaíocht, comhlánaíonn sé freisin beartais agus dlíthe an Aontais i roinnt réimsí.

Go háirithe, cuireann an togra seo le cruthú 'Eoraip atá réidh don Aois Dhigiteach' agus leis an uaillmhian an oiread tairbhe is féidir a bhaint as an aistriú digiteach chun deiseanna níos fearr a sholáthar do dhaoine teagmháil, cumarsáid agus gnó a dhéanamh.

Is é cuspóir an togra a áirithiú nach gcuirfear ar ais na bacainní ar an margadh aonair[15] a baineadh nuair a rinneadh formhuirir fánaíochta mhiondíola a dhíothú. Sa 'Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip'[16] cuirtear i bhfios go láidir gur túsphointe agus réamhchoinníoll é an margadh aonair comhtháite le haghaidh tionscal iomaíoch de chuid an Aontais. Ionas go n-oibreoidh an margadh aonair do chách, le dlí an Aontais cuirtear comhrialacha i bhfeidhm chun bacainní a bhaint, chun cúrsaíocht earraí agus seirbhísí ar fud an Aontais a éascú, agus chun tomhaltóirí a chosaint.

Mar shampla, comhlánaíonn an togra an inaistritheacht trasteorann a bhaineann le hábhar ar líne[17]. A bhuí leis an dá thionscnamh sin, anois tá Eorpaigh in ann taisteal san Aontas gan a bheith buartha faoi mhuirir fánaíochta shoghluaiste ná faoi rochtain a chailleadh ar cheol, cluichí, cláir shiamsaíochta nó imeachtaí spóirt a d'íoc siad astu cheana. Leis an togra éascaítear an rochtain ar chultúr digiteach na hEorpa[18], uirlisí foghlama, ardáin oibre agus feidhmchláir sláinte.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 bunús dlí an togra seo. Is é sin an bunús dlíthiúil le haghaidh bearta a ghlactar faoin ngnáthnós imeachta reachtach a bhfuil sé d'aidhm acu an margadh inmheánach a bhunú nó feabhas a chur ar a fheidhmiú, dá ndéantar foráil in Airteagal 26 CFAE.

De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais Eorpaí, ní mór gurb é a bheidh i gcuspóir na mbeart a ghlactar faoi Airteagal 114 (iar-Airteagal 95 de CCE) na coinníollacha a fheabhsú maidir le

---

13 Cumarsáid dar teideal 'Straitéis Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe', COM(2020) 575 final.

14 Rialachán lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, COM(2020) 408 final.

15 Sa Tuarascáil ar Bhacainní ar an Margadh Aonair, COM(2020) 93 final, deimhníodh gurb iad FBManna agus saoránaigh is dóchúla a bheadh thíos leis mura mbainfeadh an margadh aonair barr a chumais amach.

16 Féach https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_416

17 Rialachán (AE) Uimh. 2017/1128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach (IO L 168, 30.6.2017, lch. 1).

18 Féach https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/digitalyou-digital-culture.

bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh[19]. I reachtaíocht an Aontais féadfar an bunús dlíthiúil sin a úsáid go háirithe i gcás ina bhfuil difríochtaí idir na rialacha náisiúnta lena gcuirtear bac ar shaoirsí bunúsacha agus, dá bhrí sin, a bhfuil éifeacht dhíreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh[20] nó atá ina gcúis le saobhadh suntasach ar an iomaíocht[21].

- **Coimhdeacht**

I ndáil leis na rialacha maidir le fánaíocht san Aontas, mar chuid de réimse bheartas an mhargaidh inmheánaigh agus i gcomhréir le hAirteagal 4 (2) CFAE, tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas leis na Ballstáit.

San earnáil sin, is beart a dhéanfadh an tAontas, agus sin amháin, a bheadh éifeachtach mar nach bhféadfaí na fadhbanna a réiteach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Dá bhrí sin, tá gníomhaíocht an Aontais fíor-riachtanach chun feabhas a chur ar an margadh aonair don chumarsáid leictreonach.

Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i gcás cinniúnach C-58/08 Vodafone, d'fhéadfaí a mheas go réasúnta go ndíspreagtar úsáid seirbhísí trasteorann amhail seirbhísí fánaíochta de thoradh na ndifríochtaí sa phraghas idir glaonna a dhéanann saoránaigh laistigh dá mBallstát féin agus na glaonna a dhéanann siad agus iad ag fánaíocht. D'fhéadfadh an díspreagadh gníomhaíochtaí trasteorann sin bac a chur ar bhunú margaidh aonair ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus chaipitil. Go deimhin, ní ann do ghníomhaíocht eacnamaíoch in earnáil na teileachumarsáide soghluaiste ar soiléire í a bheith ina gníomhaíocht trasteorann ná an fhánaíocht[22].

Ós rud é gur seirbhísí trasteorann iad na seirbhísí, tá údar leis an mbeart a dhéantar ar leibhéal an Aontais mar nach féidir leis na Ballstáit iad féin aghaidh a thabhairt ar an saincheist go héifeachtach agus ní raibh na húdaráis rialála náisiúnta in ann dul i ngleic leis na fadhbanna go neamhspleách[23].

Sa bhreithiúnas uaithi sa chás C-58/08 Vodafone thuas, chinn an Chúirt Bhreithiúnais gurb é a tharla, san am a chuaigh thart, gur 'measadh an leibhéal ard muirear miondíola a bheith ina fhadhb leanúnach ag NRAnna, údaráis phoiblí agus comhlachais cosanta tomhaltóirí ar fud an Chomhphobail agus nár laghdaíodh na muirir de thoradh na n-iarrachtaí an fhadhb a réiteach trí bhíthin an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair'[24].

Airítear sa togra seo bearta ar an leibhéal mórdhíola agus ar an leibhéal miondíola. Sa bhreithiúnas thuas, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go gcomhlíonann rialáil mhórdhíola an mhargaidh fánaíochta prionsabail na coimhdeachta (agus na comhréireachta) i bhfianaise go bhfuil 'idirspleáchas mór idir na muirir mhiondíola agus mhórdhíola le haghaidh seirbhísí fánaíochta, mar sin aon bheart ina a mbeadh sé mar aidhm leis muirir mhiondíola amháin a

[19] Cás C-491/01 *British American Tobacco (Investments) and Imperial Tobacco* [2002] ECR I-11453, mír 60, agus Cás C-217/04 *An Ríocht Aontaithe* v *Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle* [2006] ECR I-3771, mír 42.

[20] Cás C-380/03 *an Ghearmáin* v *Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle* [2006] ECR I-11573, mír 37 agus an cásdlí a luaitear.

[21] Cás C-376/98 *an Ghearmáin* v *Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle* [2000] ECR I-8419, mír 84 agus 106.

[22] Tuairim ón Abhcóide Ginearálta, Poiares Maduro a cuireadh in iúl an 1 Deireadh Fómhair 2009 sa chás C-58/08 ECLI:EU:C:2009:596.

[23] Mar a léirigh Grúpa na Rialtóirí Eorpacha (GRE) i litir a seoladh chuig Ard-Stiúrthóireacht AS na Sochaí Faisnéise sa Choimisiún, i mí na Nollag 2005.

[24] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 8 Meitheamh 2010, Vodafone, C-58/08, ECLI:EU:C:2010:321, mír 40.

laghdú gan tionchar a bheith aige ar leibhéal na gcostas do sholáthar mórdhíola na seirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail, d'fhéadfadh beart den sórt sin cur isteach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh fánaíochta ar fud an Chomhphobail'[25].

Ar an gcaoi chéanna, de bhrí gur de chineál trasteorann í an fhánaíocht tá dlúthbhaint dhíreach idir í agus na saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu leis na bearta nua sa togra agus tá tionchar aici orthu freisin. Ní féidir leis na Ballstáit, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach ar bhealach uathrialach agus bheadh beart ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná beart ar an leibhéal náisiúnta[26]. Mar a tharlaíonn sé, d'fhéadfadh na fadhbanna bunúsacha, a bhfuil sé d'aidhm ag an togra iad a réiteach, a bheith ina gcúis le húsáid fánaíochta a dhíspreagadh, le bacainn in úsáid seirbhísí soghluaiste agus feidhmchláir a chruthú le linn taisteal sa mhargadh aonair, nó, go ginearálta, le feidhmiú rianúil an mhargaidh fánaíochta uile-Aontais a mhíshocrú. De réir an chásdlí is infheidhme, is cuspóir é sin nach mór a shaothrú agus is fearr a bhainfear amach é ar leibhéal an Aontais[27].

- **Comhréireacht**

Is é cuspóir rialacha an Aontais maidir le fánaíocht cur chuige comhpháirteach a thabhairt isteach chun a áirithiú nach n-íocann úsáideoirí líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste praghsanna iomarcacha i gcomparáid leis na praghsanna náisiúnta iomaíocha ar sheirbhísí fánaíochta uile-Aontais le linn do na húsáideoirí sin glaonna a dhéanamh agus a fháil, le linn dóibh teachtaireachtaí SMS a sheoladh agus a fháil agus le linn dóibh seirbhísí cumarsáide sonraí paicéadlasctha a úsáid agus iad ag taisteal laistigh den Aontas. Cuireann sin le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí á bhaint amach, iomaíocht agus trédhearcacht á gcothú sa mhargadh agus dreasachtaí le haghaidh na nuálaíochta agus roghanna tomhaltóirí araon á dtairiscint. Sa bhreis air sin, leis an togra seo tugtar isteach bearta breise a bhfuil sé d'aidhm acu bacainní atá ann i gcónaí ar fhíoreispéireas 'fánaíochta ar tháillí baile' a bhaint.

Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach ar bhealach slán comhchuibhithe tráthúil agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin chomh maith, ní théann an Rialachán atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Go háirithe, comhlíonann an rialachán critéir na comhréireachta chomh maith mar go bhforáiltear maidir lena chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta ama, mar go bhfuil dáta éaga aige (30 Meitheamh 2032, *i.e.* fad foriomlán 10 mbliana).

Roghnaíodh an fad 10 mbliana le haghaidh na rialacha nua atá beartaithe mar gurb é deich mbliana an fad is iondúil chun aon ghlúin nua cumarsáide soghluaiste a dháileadh go forleathan agus chun samhlacha gnó nua a fhorbairt. Agus súil á caitheamh chun cinn aige, ní mheasann an Coimisiún go dtiocfaidh athrú suntasach ar an iomaíocht ar an margadh sna 10

25 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 8 Meitheamh 2010, Vodafone, C-58/08, ECLI:EU:C:2010:321, mír 77.

26 Tá measúnú níos mionsonraithe i leith phrionsabal na coimhdeachta sa chur chuige atá beartaithe san eangach choimhdeachta in Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seo.

27 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 8 Meitheamh 2010, Vodafone, C-58/08, ECLI:EU:C:2010:321, míreanna 76 go 78.

mbliana amach romhainn[28]. Tá sé d'aidhm ag an bhfad 10 mbliana deimhneacht sa mhargadh a sholáthar agus an t-ualach rialála a íoslaghdú.

Tá cur chuige solúbtha sa togra chomh maith chun na muirir uasta mhórdhíola a athbhreithniú, rud a dhéanfar, más gá, trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh. D'áiritheofaí leis sin gur féidir príomhghné amháin d'fheidhmíocht an mhargaidh fánaíochta a athbhreithniú ar bhonn sonraí iontaofa agus nuashonraithe. Sa chás C-58/08 Vodafone, d'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i bhfianaise thábhacht chuspóir na cosanta tomhaltóirí laistigh de chomhthéacs Airteagal 95(3) CE (Airteagal 114 CFAE anois), maidir le hidirghabháil atá teoranta ó thaobh ama i margadh atá faoi réir iomaíochta, rud lena gcumasaítear, sa tréimhse díreach romhainn, tomhaltóirí a chosaint ar phraghsanna iomarcacha, amhail na cinn atá i dtrácht, fiú dá bhféadfadh iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha a bheith ag baint leis sin d'oibreoirí áirithe, go bhfuil sí comhréireach leis an aidhm atá á saothrú. Ba cheart oibleagáidí rialála i leith muirear mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí a choinneáil ar bun chun tomhaltóirí a choimirciú fad nach bhfuil forbairt iomlán tagtha ar an iomaíocht ar an leibhéal miondíola ná ar an leibhéal mórdhíola.

Sa mheasúnú tionchair atá i gceangal leis an togra seo[29] ina phléitear comhréireacht ar bhealach mionsonraithe i Roinn 7.3 – Comhleanúnachas agus comhréireacht.

- **An rogha ionstraime**

Mar a luadh thuas, athmhúnlú ar Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 atá sa rialachán nua atá beartaithe a ghabhann an iliomad gníomhartha agus déantar tuilleadh leasuithe leis. Dá bhrí sin is san fhoirm reachtach chéanna atá sé. Is é atá san athbhreithniú deis struchtúr agus ábhar Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a shimpliú d'fhonn comhleanúnachas agus comhsheasmhacht leis an gcuspóir maidir le hoiriúnacht rialála a fheabhsú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sainaithníodh na saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo sa tuarascáil maidir leis an athbhreithniú ón gCoimisiún 2019. Baintear leas inti as réimse leathan sonraí[30] chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 agus ar an gcaoi a d'fheidhmigh an margadh fánaíochta tar éis do rialacha FATB teacht i bhfeidhm.

Ina theannta sin, le ceisteanna iarbhreathnaitheacha an chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh in 2020[31], agus torthaí na suirbhéanna comhpháirteacha ar líne ag an gCoimisiún agus ag Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) (in 2018, 2019

[28] Féach freisin an measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe teicneolaíochta ar sheirbhísí fánaíochta a dhéantar sa staidéar ar 'Technological Developments and Roaming' [Forbairtí Teicneolaíochta agus Fánaíocht] (SMART 2018/0012) atá le fáil anseo agus a léirítear sa mheasúnú tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

[29] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin – Measúnú Tionchair a Ghabhann le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fánaíocht ar líonraí cumarsáide soghluaiste poiblí laistigh den Aontas (Athmhúnlú).

[30] Féach Iarscríbhinn 1 – (An bonn faisnéise) agus Iarscríbhinn 6 (Torthaí na meastóireachta) a ghabhann leis an measúnú tionchair atá i gceangal leis an togra seo le haghaidh sonraí breise.

[31] Tá torthaí an chomhairliúcháin phoiblí le fáil anseo.

agus 2020) déantar conclúidí na Tuarascála ar Athbhreithniú an Choimisiúin a chur i gcrích agus a chomhlánú[32].

Deimhnítear san Athbhreithniú ón gCoimisiún, ar an iomlán, go bhfeidhmíonn an margadh fánaíochta go maith faoi rialacha 'FATB' agus gur éirigh go maith leis na rialacha. Meastar sa tuarascáil, in ainneoin na fianaise gurb ann do roinnt dinimic iomaíochta sna margaí miondíola agus mórdhíola araon, nár tháinig aon athrú ar na dálaí iomaíochta bunúsacha agus nach dócha go dtiocfaidh athrú orthu san am atá amach romhainn, ar athrú é lena n-éileofaí rialáil mhiondíola nó mhórdhíola an mhargaidh fánaíochta.

Sa bhreis air sin, i dtorthaí na Tuarascála Athbhreithnithe ón gCoimisiún agus i bhfianaise eile a bailíodh mar chuid den athbhreithniú sainaithníodh saincheisteanna neamhréitithe i seirbhísí fánaíochta, ó thaobh cáilíocht seirbhíse, cumarsáid le seirbhísí breisluacha agus rochtain ar sheirbhísí éigeandála de. Leis an togra seo tugtar aghaidh ar na saincheisteanna sin uile sna bearta nua atá á mbeartú leis.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá comhairliúchán forleathan leis na páirtithe leasmhara ina bhonn taca leis an togra seo agus leis an measúnú tionchair i gceangal leis. Go háirithe, bailíodh tuairimí ón bpobal agus ó chomhlachais tomhaltóirí, údaráis rialála náisiúnta (NRAnna), BEREC, oibreoirí líonraí soghluaiste,oibreoirí líonra fíorúil soghluaiste (OLFSanna), geallsealbhóirí gnó (lena n-áirítear FBManna), údaráis rialtais, comhlachais tionscail agus ó gheallsealbhóirí eile.

Reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán poiblí 12 sheachtain ón 19 Meitheamh go dtí an 11 Meán Fómhair 2020. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin tuairimí a bhailiú (1) maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola, go háirithe maidir leis an tionchar a bhainfeadh le soiléirithe agus bearta a thabhairt isteach, bearta a bhaineann le cáilíocht seirbhíse, seirbhísí breisluacha agus cumarsáid éigeandála i gcás fánaíochta; (2) maidir le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar; (3) maidir leis an ualach riaracháin a bhfuil ceangal aige le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 agus tionchar na mbeart simpliúcháin féideartha. Fuarthas 175 fhreagra ar an iomlán trí bhíthin ceistneoir ar líne.

Eagraíodh gníomhaíochtaí comhairliúcháin chomh maith leis na haiseanna seo a leanas, a thuairiscítear ar an taobh thall faoi 'Bailiú agus úsáid saineolais':

1. Foilsiú an mheasúnaithe ar thionchar tionscanta chun aiseolas a bhailiú ar feadh tréimhse ceithre seachtaine[33].
2. Suirbhéanna comhpháirteacha an Choimisiúin/BEREC. Bailíodh ionchur margaidh trí shuirbhéanna bliantúla ar líne ar MNOnna, OLFSanna agus NRAnna. I mí an Mheithimh 2018 agus i mí an Mhárta 2019, sna suirbhéanna bailíodh faisnéis maidir le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir, na maoluithe inbhuanaitheachta agus gnéithe eile a bhaineann le rialacha fánaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm. I mí an Mhárta 2020, cumhdaíodh sa suirbhé gnéithe eile amhail cáilíocht seirbhíse, seirbhísí breisluacha, cumarsáid éigeandála, athruithe teicneolaíochta agus meaisín le meaisín, costas cur i bhfeidhm agus an t-ualach riaracháin.
3. Chuathas i gcomhairle le BEREC agus thug sé ionchur leitheadach, lena n-áirítear maidir le gnéithe réamhbhreathnaitheacha. Tá tábhacht ar leith ag baint le tuairim

---

[32] Féach freisin Iarscríbhinn 2 (Comhairliúchán le geallsealbhóirí ) agus Iarscríbhinn 6 (Torthaí na meastóireachta) a ghabhann leis an measúnú tionchair atá i gceangal leis an togra seo mar a bhfuil sonraí breise.

[33] Féach an suíomh gréasáin ar 'Europa Have your say' [Europa, Cloisimis uait], atá le fáilanseo.

fhoirmiúil BEREC maidir le feidhmiú an mhargaidh fánaíochta[34], leis an anailís fhorlíontach ar chostais[35], agus leis an ionchur breise a cuireadh leis an measúnú tionchair ar iarraidh an Choimisiúin[36]. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún san áireamh comhairliúcháin BEREC agus tuarascálacha ar fhaireachán margaidh: tuarascálacha tagarmhairc leathbhliantúla BEREC ar an bhfánaíocht idirnáisiúnta[37], atá bunaithe ar bhailiúchán sonraí tiomnaithe agus tuarascáil bhliantúil BEREC ar thrédhearcacht agus inchomparáideacht taraifí fánaíochta[38].

4. Agallaimh spriocdhírithe maidir le forbairtí an mhargaidh fánaíochta mar chuid de staidéar an Choimisiúin dar teideal 'Technological developments and roaming'[39]. Bhí roinnt agallamh ag an gconraitheoir le hoibreoirí a bhfuil baint acu le luachslabhra na lúdrachta domhanda agus rinne sé suirbhé spriocdhírithe ar líne maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú teicneolaíochta ar an margadh fánaíochta.

5. Suirbhé ar fhlais-Eorabharaiméadar[40], a rinneadh bliain amháin tar éis na muirir fánaíochta a dhíothú. Áiríodh ann ceisteanna maidir le húsáid fánaíochta nuair atáthar ag taisteal san Aontas, ar leibhéal na feasachta i measc custaiméirí maidir le muirir fhánaíochta a dhíothú, na tairbhí a mheastar a bheith leis an bhfánaíocht agus na costais a mheasann daoine nach ndéanann taisteal a bheith ar an bhfánaíocht agus úsáid seirbhísí soghluaiste i dtíortha eile de chuid an Aontais.

Cuireadh an fhaisnéis agus na tuairimí a bailíodh san áireamh i ndréachtú an mheasúnaithe tionchair atá i gceangal leis an togra. Baineadh úsáid as na sonraí chun meastóireacht a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 531/2012, chun measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna neamhréitithe i gcás fánaíochta agus chun roghanna beartais a chuirtear i láthair sa mheasúnú tionchair a fhorbairt.

Leis an gcomhairliúchán poiblí deimhníodh na tairbhí a bhfuil sé d'aidhm ag an Rialachán Fánaíochta iad a thabhairt i gcrích agus an gá leanúnach atá ag tomhaltóirí agus gnólachtaí an Aontais le rialacha de chuid an Aontais maidir le fánaíocht. Sna grúpaí uile d'fhreagair mórthromlach na bhfreagróirí sa chomhairliúchán poiblí gur cuireadh leasanna tomhaltóirí agus gnólachtaí san Aontas/LEE chun cinn go suntasach le rialacha an Aontais maidir le fánaíocht.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

34 Tuairim BEREC ar fheidhmiú an mhargaidh fánaíochta mar ionchur i meastóireacht an Choimisiúin, BoR(19)101, 19 Meitheamh 2019, ar fáil anseo.

35 Anailís chomhlánach BEREC ar chostais fánaíochta mhórdhíola, BoR(19)168, 20 Meán Fómhair 2019, ar fáil anseo.

36 Ionchur BEREC arna iarraidh ag an gCoimisiún le haghaidh togra reachtach a ullmhú maidir leis na rialacháin fánaíochta, BoR (20) 131, an 30 Meitheamh 2020, atá le fáil anseo.

37 Tá na cúig thuarascáil tagarmhairc dheireanacha (lena gcumhdaítear an tréimhse ó Aibreán 2017 go Meán Fómhair 2019) le fáil ag na naisc seo a leanas: 20ú tuarascáil tagarmhairc (Aibreán 2017 go Meán Fómhair 2017), 21ú tuarascáil tagarmhairc (Deireadh Fómhair 2017 go Márta 2018), 22ú tuarascáil tagarmhairc (Aibreán 2018 go Meán Fómhair 2018), 23ú tuarascáil tagarmhairc (Deireadh Fómhair 2018 go Márta 2019) agus 24ú tuarascáil tagarmhairc (Aibreán 2019 go Meán Fómhair 2019).

38 Tuarascáil BEREC ar Thrédhearcacht agus Inchomparáideacht Taraifí Fánaíochta Idirnáisiúnta, atá ar fáil sna naisc seo a leanas: le haghaidh 2017, le haghaidh 2018 agus le haghaidh 2019.

39 Forbairtí Teicneolaíochta agus Fánaíocht (SMART 2018/0012), féach an tuarascáil chríochnaitheach ar an staidéar, atá le fáil anseo.

40 Flais-Eorabharaiméadar 468 'Díothú na muirear fánaíochta – bliain amháin níos déanaí', Meitheamh 2018.

I dteannta leis na foirmeacha comhairliúcháin thuas, rinne an Coimisiún anailís go neamhspleách ar na sonraí a bhailigh BEREC agus rinne sé an anailís a leanas trí úsáid a bhaint as na sonraí sin:

6. Sa tuarascáil ar an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta, agus an Doiciméad Inmheánach Oibre atá i gceangal leis[41] (dá ngairtear an Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú ón gCoimisiún), bailíodh agus cuireadh i láthair fianaise maidir le conas a d'éirigh le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 i dtaca leis na cuspóirí a raibh coinne leo;

7. An tuarascáil eatramhach a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm rialacha 'fánaíochta ar tháillí baile' le linn an chéad 18 mí[42];

8. An Doiciméad Inmheánach Oibre ar thorthaí an athbhreithnithe maidir le rialacha ar an mbeartas maidir le húsáid chóir agus an maolú inbhuanaithe[43].

Bhain an Coimisiún leas as saineolas seachtrach eile sna sruthanna oibre seo a leanas:

9. An tsamhail chostais chun na costais a bhaineann le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar in LEE[44];

10. Staidéar ón gCoimisiún maidir le Forbairtí Teicneolaíochta agus Fánaíocht[45] a rinneadh idir Nollaig 2018 agus Meitheamh 2019;

11. Anailís ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin (JRC). Sholáthair JRC tacaíocht chuimsitheach in ullmhú an mheasúnaithe tionchair, go háirithe trí (a) an tsamhail inbhuanaitheachta[46] agus an anailís fhrithfhíorasach a fhorbairt chun sochair do thomhaltóirí a mheas agus trí (b) cáilíocht na seirbhísí fánaíochta a thomhas, trí bhíthin tástálacha allamuigh[47].

- **Measúnuithe tionchair**

Cuireadh an measúnú tionchair atá i gceangal leis an togra seo faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála, a d'eisigh tuairim dhearfach an 20 Samhain 2020

Breathnaíodh ar cheithre rogha:

41 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathbhreithniú ar an margadh fánaíochta (COM(2019) 616 final) agus Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin atá i gceangal leis an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta (SWD(2019) 416 final), le fáil anseo.

42 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus an Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas, a leasaítear le Rialachán (AE) 2015/2120 agus Rialachán (AE) 2017/920 - (COM(2018) 822 final), le fáil anseo.

43 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le torthaí an athbhreithnithe ar na rialacha maidir leis an mbeartas maidir le húsáid chóir fánaíochta agus an maolú inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún (SWD(2019) 288 final), atá le fáil anseo.

44 An tsamhail chostais (SMART 2017/0091), Measúnú ar an gcostas seirbhísí teileachumarsáide soghluaiste i dtíortha an Aontais Eorpaigh/LEE, atá le fáil anseo.

45 Forbairtí Teicneolaíochta agus Fánaíocht (SMART 2018/0012), atá le fáil anseo.

46 San anailís ar inbhuanaitheacht baineadh úsáid as sonraí ón 19ú go dtí an 25ú Tuarascáil ar Shonraí Tagarmhairc Fánaíochta Idirnáisiúnta a rinne BEREC. Le haghaidh sonraí breise féach Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an measúnú tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

47 SMART 2018-011

**Rogha 1 – Bunlíne.** Is éard a bheadh i gceist leis sin síneadh a chur le rialacha Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 thar 2022, agus a fhorálacha á gcoinneáil gan athrú, ar an leibhéal miondíola agus ar an leibhéal mórdhíola araon. Go háirithe, leanfadh leibhéal na muirear uasta mórdhíola is infheidhme an 30 Meitheamh 2022 d'fheidhm a bheith acu agus leanfadh an dá shásra coimirce d'fheidhm a bheith acu chomh maith (úsáid chóir agus inbhuanaitheacht). Ní dhéanfaí aon bheart chun na fadhbanna nach raibh réiteach orthu cheana maidir cáilíocht seirbhísí breisluacha nó rochtain ar sheirbhísí éigeandála a réiteach.

**Rogha 2 – Leanúnachas i dteannta le trédhearcacht mhéadaithe.** Is éard a bheadh i gceist leis sin síneadh a chur le rialacha Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 thar 2022 agus go ndéanfaí roinnt soiléirithe, agus bearta breise chun trédhearcacht a mhéadú agus chun iomaíocht a neartú. Leanfadh na muirir uasta mhórdhíola a bhí infheidhme an 30 Meitheamh 2022 d'fheidhm a bheith acu. Chun fíoreispéireas 'fánaíochta ar tháillí baile' a áirithiú, bheadh gá le bearta a dhéanamh chun trédhearcacht a mhéadú maidir le cáilíocht seirbhíse, seirbhísí breisluacha agus rochtain ar sheirbhísí éigeandála. Ghlacfaí bearta freisin chun comhlíonadh na hoibleagáide a áirithiú, is é sin rochtain atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta a sholáthar (ó thaobh teicneolaíocht líonra agus glún) le haghaidh seirbhísí fánaíochta mórdhíola agus bhainfí amach leibhéal íosta simpliúcháin agus laghdaithe ar an ualach riaracháin.

**Rogha 3 – FATB inbhuanaithe agus fíoreispéireas FATB**. Ós rud é gurb é seo an rogha thosaíochta, tuairiscítear na bearta atá beartaithe faoin rogha seo thíos ar bhealach mionsonraithe[48].

**Rogha 4 – Oibleagáidí mórdhíola agus miondíola níos leithne le haghaidh eispéireas FATB feabhsaithe.** Sa bhreis ar na bearta a dhéanfaí faoi rogha 3, mhéadófaí leis an rogha seo inbhuanaitheacht FATB agus aisghabháil chostais ar an leibhéal mórdhíola. Chuirfí i bhfeidhm léi oibleagáidí nua maidir le cáilíocht seirbhíse ar oibreoirí líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu chomh maith, chun fíoreispéireas FATB a áirithiú agus ar an oibreoir baile ar an leibhéal mórdhíola an cháilíocht chéanna a iarraidh agus a thairgtear sa bhaile, le haghaidh na gcomhaontuithe mórdhíola uile, *i.e.* gan aon líonra a bheith ina rogha thosaíochta. D'áireofaí ann feidhmiúlacht 'rogha a bheith páirteach' le haghaidh custaiméirí chun faisnéis bhreise a fháil maidir le féidearthachtaí éagsúla chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála. Bheartófaí leis chomh maith bunachar sonraí aonair uile-Aontais a chruthú le haghaidh raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha, lena n-áirítear faisnéis faoi tharaifí, chun rochtain ar fhaisnéis faoi raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha agus na muirir is infheidhme a thabhairt d'úsáideoirí deiridh.

An rogha ligean do na rialacha fánaíochta reatha dul i léig, **fágadh é sin i leataobh go luath.**

Ar bhonn na hanailíse a rinneadh sa mheasúnú tionchair, is í rogha 3 an rogha is oiriúnaí chun inbhuanaitheacht a fheabhsú go suntasach agus laghdófaí léi líon na n-oibreoirí a bhfuil corrlach fánaíochta diúltach os cionn 3 % dá gcorrlach baile acu[49]. Meastar go mbeidh tionchar dearfach aici ó thaobh sochair do thomhaltóirí ós rud é go laghdaítear leis an gá atá ag oibreoirí le maolú a iarraidh chun fomhuirear a chur i bhfeidhm faoin sásra

48 Féach an roinn 'Cúiseanna leis an togra agus cuspóir an togra, na príomhleasuithe agus forálacha nach ndéantar athrú orthu'.

49 Nuair a tugadh isteach FATB comhlánaíodh sin le bearta a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú gur féidir le hoibreoirí seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe. Úsáidtear corrlach fánaíochta diúltach 3 % sna rialacha fánaíochta reatha mar thairseach lena dtabharfaí bonn cirt d'iarraidh ar mhaolú inbhuanaitheachta. Leis an maolú, a dheonaíonn na húdaráis rialála náisiúnta arna iarraidh sin ag an oibreoir, ceadaítear d'oibreoirí formhuirear beag a chur i bhfeidhm, a thugtar uasteorainn ina leith sa rialachán.

inbhuanaitheachta, agus, ar an gcaoi sin bheadh níos mó úsáideoirí deiridh in ann lántairbhe a bhaint as FATB. Tá sé d'aidhm aici réamhchoinníollacha a chruthú le haghaidh oibreoirí chun an cháilíocht chéanna seirbhíse a sholáthar le linn fánaíochta agus a sholáthraítear ar bhonn intíre agus an deis a thabhairt do thomhaltóirí lántairbhe a bhaint as athruithe teicneolaíochta amach anseo agus as nuálaíocht atá á spreagadh ag 5G. Tá sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar an easpa soiléireachta ar an leibhéal mórdhíola maidir le rochtain ar sheirbhísí éigeandála le linn fánaíochta agus sholáthrófaí leis uirlisí úsáideacha chun fadhbanna nach raibh réiteach orthu cheana maidir le húsáid seirbhísí breisluacha le linn fánaíochta a réiteach. Tá sé d'aidhm ag an rogha seo gur fearr a bheidh a fhios ag tomhaltóirí (i) go bhféadfaí praghsanna arda a ghearradh orthu i gcás úsáid seirbhísí breisluacha, agus (ii) faoi gcaoi ar féidir rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála le linn fánaíochta. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé cur go suntasach le fíoreispéireas FATB a sholáthar do chustaiméirí agus d'fhéadfadh tionchar sóisialta dearfach foriomlán a bheith aige. Tá na bearta atá beartaithe teoranta do na gnéithe ar léiríodh nár tugadh aghaidh orthu go leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta agus a bhfuil gá le cur chuige comhchuibhithe ina leith.

Os a choinne sin, measadh nach raibh na bearta a áirítear faoi rogha 1 (bunlíne) agus rogha 2 éifeachtach chun cuspóirí an athbhreithnithe ar rialacha fánaíochta a bhaint amach.

Ar deireadh, measadh go raibh na bearta a áiríodh i rogha 4 ró-ionrach, go mbainfeadh ualach ró-throm leo agus go mbeidís díréireach. Ní bheadh aon choimirce rialála a d'fhéadfadh a bheith ann faoi rogha 4 ní ba mhó ná an chastacht a bhainfeadh leis na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú rialála (REFIT)**

Sa togra áirítear na bearta seo a leanas chun na rialacha a shimpliú agus chun an t-ualach a laghdú:

(i) Muirir uasta mhórdhíola a athbhreithniú trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh. Sa togra seo beartaítear nós imeachta cuíchóirithe chun na muirir uasta mhórdhíola a athbhreithniú trí na critéir lena ndéantar na muirir sin a shocrú a shainiú ar bhealach mionsonraithe agus tríd an gCoimisiún a chumhachtú iad a leasú ina dhiaidh sin trí bhíthin gníomh tarmligthe. Is é an aidhm atá ann ualach rialála an Choimisiúin Eorpaigh, na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa a shimpliú agus a laghdú agus go pointe níos lú, ualach BEREC agus geallsealbhóirí eile.

(ii) An oibleagáid a aisghairm maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh. Aisghairfear an fhoráil lena gceanglaítear ar oibreoirí díolacháin ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialaithe a sholáthar, lena n-áirítear an gníomh cur chun feidhme gaolmhar[50]. Leagadh an beart struchtúrach seo síos d'fhonn an iomaíocht sa mhargadh fánaíochta miondíola a fheabhsú. Is é is cúis leis an mbeart sin a aisghairm go ndearnadh forálacha neamhéifeachtacha de na forálacha nuair a tugadh isteach na rialacha 'fánaíocht ar tháillí baile' agus ní bheadh sé comhréireach a thuilleadh a cheangal ar sholáthraithe baile an cineál seirbhíse sin a chur chun feidhme. Maidir leis na forálacha sin a aisghairm, bheadh tionchar dearfach aige sin ar oibreoirí mar go laghdófaí na costais chothabhála ghaolmhara agus an t-ualach a bhaineann le tairiscintí a choinneáil ar bun (atá imithe i léig den chuid is mó) le haghaidh díolacháin ar leithligh seirbhísí fánaíochta sonraí.

---

50 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1203/2012 an 14 Nollaig 2012 ón gCoimisiún maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh laistigh den Aontas IO L 347, 15.12.2012, lch. 1).

(iii) An gníomh cur chun feidhme maidir le meán ualaithe rátaí uasta críochnaithe soghluaiste a aisghairm. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 531/2012, maidir leis an bhformhuirear a chuirtear i bhfeidhm i gcásanna eisceachtúla maidir le glaonna fánaíochta rialáilte a fuarthas, ní rachaidh sé thar na rátaí críochnaithe soghluaiste uasta ar fud an Aontais a leagtar amach i ngníomh cur chun feidhme gach bliain ag an gCoimisiún, bunaithe ar ionchur a chuireann BEREC ar fáil. Le sainmhíniú ar ráta críochnaithe uasta guthghlaonna soghluaiste uile-Aontais aonair[51], déantar gníomh iomarcach den ghníomh cur chun feidhme seo agus is é a bheadh sa phróiseas glactha ualach rialála nach bhfuil gá leis. Dá bhrí sin, maidir le haon fhormhuirear atá i bhfeidhm ar ghlaonna fánaíochta rialáilte a fhaightear, ba cheart nach rachaidh sé thar an ráta críochnaithe guthghlaonna soghluaiste uasta uile-Aontais aonair. De thoradh an athruithe sin laghdófaí an t-ualach freisin ar BEREC ionchur a sholáthar don Choimisiún, i bhfianaise na bhfreagrachtaí tuairiscithe agus bailithe sonraí fairsing atá aige faoi Rialachán (AE) Uimh. 531/2012.

(iv) Na forálacha reatha maidir le conas muirir uasta a shocrú in airgeadraí seachas an euro a ailíniú . Le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 leagtar amach rialacha lena gcuirtear de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí sna Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra na muirir uasta mhórdhíola agus formhuirir mhiondíola le haghaidh seirbhísí fánaíochta rialáilte a athbhreithniú go bliantúil. Bhí feidhm ag an riail maidir le cumarsáid laistigh den Aontas, faoi Rialachán (AE) 2015/2120 arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1971, lena bhforáiltear nach mór na muirir uasta in airgeadraí seachas an euro a athbhreithniú go bliantúil agus go mbeidh feidhm acu ón 15 Bealtaine, agus úsáid á baint as meán na rátaí malairte tagartha a foilsíodh an 15 Eanáir, 15 Feabhra agus 15 Márta den bhliain chéanna. Is éard atá sa togra forálacha Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a ailíniú leis na forálacha ar chumarsáid laistigh den Aontas lena sainítear an dáta céanna maidir leis an bhformhuirear le haghaidh seirbhísí fánaíochta a athbhreithniú (15 Bealtaine seachas 1 Bealtaine), agus an modh céanna chun na hairgeadraí a ríomh. Leis an mbeart atá beartaithe thabharfaí soiléireacht agus laghdófaí an t-ualach riaracháin ar oibreoirí laistigh den limistéar euro nach mór a gcuid taraifí a fhoilsiú faoi dhó nuair a athbhreithnítear na formhuirir fánaíochta nó taraifí cumarsáide laistigh den Aontas. Laghdófaí leis chomh maith an t-ualach faireacháin le haghaidh NRAnna atá i gceannas ar fhaireachán ar na rátaí malartaithe athbhreithnithe. Meastar go mbeidh éifeachtaí dearfacha ag an mbeart seo ar an leibhéal miondíola, agus go ndéanfar praghsanna miondíola a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain, seachas dhá uair sa bhliain, mar a dhéantar faoi láthair. An oibleagáid maidir le faisnéis i dtaobh coinníollacha leasaithe conartha ar oibreoirí, d’fhéadfaí sin a laghdú go suntasach.

(v) Na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe atá ar BEREC a shruthlíniú . Chun an t-ualach rialála ar oibreoirí, NRAnna agus BEREC a laghdú, molann an Coimisiún próiseas faireacháin agus oibleagáidí tuarascála BEREC a chumasc agus a chuíchóiriú. Trí phróiseas tuairiscithe BEREC a chuíchóiriú meastar go laghdófar an t-ualach riaracháin ar oibreoirí, ar NRAnna agus ar BEREC.

- **Cearta bunúsacha**

Rinneadh anailís ar thionchar an togra ar chearta bunúsacha, amhail an tsaoirse gnó a riar. I ndáil leis sin, ag cur san áireamh gurb é aidhm na n-uasteorainneacha atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaidh agus aisghabháil chostais a áirithiú, ní beart díréireach iad i ndáil leis an gcuspóir atá a shaothrú ná cur isteach do-ghlactha ar shubstaint féin na saoirse sin. Leis an deis ann gan páirt a ghlacadh, tá sé ceaptha méadú a theacht ar shaoirse na bpáirtithe chun comhaontú mórdhíola a thabhairt i gcrích.

[51] Féach Airteagal 75 de Threoir (AE) 2018/1972.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déantar tuairisciú mionsonraithe ar impleachtaí buiséadacha an togra seo ar na hacmhainní daonna agus riaracháin a cheanglaítear sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

• **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tiocfaidh an togra i bhfeidhm an 1 Iúil 2022 agus beidh feidhm ag a fhorálacha ón lá sin ar aghaidh ach amháin má fhoráiltear a mhalairt in airteagail sonracha.

I dtéarmaí ábhar an phróisis faireacháin agus meastóireachta, sa chlásal athbhreithniúcháin in Airteagal 21 den togra léirítear na critéir lena ndéanfar gach beart a bhaineann go sonrach leis an tionscnamh sin a mheasúnú.

In Airteagal 21 sonraítear go mbeidh dhá thuarascáil athbhreithniúcháin ann, an chéad cheann a bheidh le cur isteach faoin 30 Meitheamh 2025 agus an dara ceann a bheidh le cur isteach faoin 30 Meitheamh 2029.

Beidh ról fíor-riachtanach ag BEREC i gcónaí i mbailiú sonraí ó údaráis rialála náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh fánaíochta agus tionchar chur chun feidhme na mbeart ar fhánaíocht san Aontas. Leanfaidh BEREC leis na tuairimí is gá a chur ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair.

• **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra leasaítear an rialachán atá ann faoi láthair chun na hathruithe substainteacha seo a leanas a dhéanamh:

In **Airteagal 1** sainmhínítear ábhar agus raon feidhme an rialacháin. Leis an airteagal sin leasaítear an rialachán roimhe seo chun na hathruithe substainteacha seo a leanas a thabhairt isteach:

(i) aisghairtear an tagairt d’fhorálacha chun díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta rialáilte a chumasú de réir mar a éireoidh siad neamhéifeachtach nuair a thiocfaidh rialacha ‘fánaíocht ar tháillí baile’ i bhfeidhm;

(ii) aisghairtear an tagairt do rialacha sealadacha maidir le muirir a d’fhéadfadh soláthraithe fánaíochta a ghearradh de réir mar a chuaigh sin i léig nuair a díothaíodh muirir fánaíochta mhiondíola san Aontas ón 15 Meitheamh 2017;

(iii) aisghairtear an tagairt don Treoir Réime[52] tar éis an athbhreithnithe chothrománaigh ar an gcreat rialála le haghaidh cumarsáid leictreonach le Treoir (AE) 2018/1972;

(iv) beartaítear inti na muirir uasta atá ainmnithe in airgeadraí seachas an euro chun forálacha reatha a ailíniú le forálacha maidir le cumarsáid laistigh den Aontas.

Le **hAirteagal 2** maidir le sainmhínithe leasaítear an rialachán reatha trí dhá shainmhíniú a aisghairm, mar atá ‘soláthraí malartach seirbhísí fánaíochta’ agus ‘seirbhísí fánaíochta sonraí

[52] Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir Réimse) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 33).

miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh' mar nach raibh gá leo a thuilleadh nuair a aisghaireadh na forálacha lenarbh fhéidir seirbhísí fánaíochta rialáilte a dhíol ar leithligh.

In **Airteagal 3** áirítear forálacha maidir le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, maidir leis an tairiscint thagartha agus maidir le comhaontuithe fánaíochta mórdhíola a chríochnú. Leis an airteagal sin leasaítear an rialachán atá ann faoi láthair chun na hathruithe substainteacha seo a leanas a thabhairt isteach:

(i) tagraítear go sonrach ann don ghá go gcumhdófar le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola aon teicneolaíocht líonra agus aon ghlúin atá ar fáil chomh maith agus áirithítear ann go gceadófar, ar a laghad, don soláthraí na seirbhísí soghluaiste fánaíochta a thairgtear ar bhonn intíre a mhacasamhlú i bhfánaíocht;

(ii) sonraítear ann nach mór an fhaisnéis uile is gá le haghaidh soláthraithe fánaíochta a bheith sa tairiscint tagartha chun rochtain saor in aisce ar sheirbhísí éigeandála a sholáthar dá gcustaiméirí trí chumarsáid éigeandála agus tarchur faisnéise faoi shuíomh glaoiteora le linn úsáid seirbhísí fánaíochta.

In **Airteagal 5** maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar áirítear anois an oibleagáid fhollasach atá ar an oibreoir a bhfuil cuairt á tabhairt aige, faoi réir indéantacht theicniúil, seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar faoi na coinníollacha céanna a sholáthraítear iad ar bhonn intíre, go háirithe i dtéarmaí cáilíocht seirbhíse.

**In Airteagail 6 agus 7** leagtar síos rialacha maidir leis an mbeartas maidir le húsáid chóir agus maidir le maoluithe inbhuanaitheachta, atá fós gan athrú ó thaobh ábhair de i dtaca leis an rialachán roimhe sin. Maidir le húsáid chóir agus an sásra inbhuanaitheachta, in **Airteagal 8** soiléirítear go leanann Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún d'fheidhm a bheith aige go dtí go nglactar an chéad rialachán cur chun feidhme eile.

In **Airteagal 9** rialaítear cur i bhfeidhm eisceachtúil muirear miondíola le haghaidh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte agus le haghaidh taraifí malartacha a sholáthar. Leis an Airteagal seo leasaítear an Rialachán roimhe seo trí bhíthin na nithe seo a leanas

(i) an fhoráil a aisghairm ina luaitear maidir le suim an phraghais miondíola baile agus aon fhormhuirear a chuirtear i bhfeidhm maidir le glaonna fánaíochta rialáilte a dhéantar, le teachtaireachtaí SMS fánaíochta rialáilte a sheoltar nó le seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte, nach ceadmhach dó a bheith níos mó ná na teorainneacha socraithe áirithe. Ní raibh feidhm leis na forálacha sin a thuilleadh nuair a tháinig na rialacha 'fánaíochta ar tháillí baile' i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2017, agus ba éifeacht saofa a bheadh acu,

(ii) an fhoráil a aisghairm lena socraítear an oibleagáid a bhí ar an Aontas gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir le meán ualaithe na rátaí críochnaithe soghluaiste chun uasteorainn a shocrú le haghaidh aon fhormhuirear a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh glaonna fánaíochta rialaithe a fhaightear,

(iii) ar deireadh, rialaítear leis an bhforáil seo go sonrach ábhar conartha lena n-áirítear seirbhísí fánaíochta. Tagraítear go sonrach ann don oibleagáid faisnéis a sholáthar maidir le cáilíocht seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil léi go réasúnach le linn fánaíochta. Sa bhreis air sin, leis an airteagal seo leasaítear an rialachán roimhe seo trí oibleagáid a chur ar sholáthraithe fánaíochta a áirithiú go sonrófaí sa chonradh faisnéis maidir le cineál na seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir muirir mhéadaithe. Tá sé d'aidhm ag an bhforáil seo gurbh fhearr a bheadh a fhios ag custaiméirí go bhféadfaidís muirir arda a thabhú má úsáideann siad seirbhísí breisluacha.

Le **hAirteagail 10, 11** agus **12** maidir le muirir mhórdhíola ar ghlaonna fánaíochta rialáilte a dhéanamh, maidir le muirir mhórdhíola ar theachtaireachtaí SMS fánaíochta rialáilte agus maidir le muirir mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte, leasaítear na rialacha roimhe seo chun leibhéil nua muirear uasta mórdhíola a thabhairt isteach. Leis seo áirithítear gur féidir le hoibreoirí mórdhíola seirbhísí 'fánaíochta ar tháillí baile' a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe agus costais a aisghabháil.

In **Airteagal 13,** a bhfuil sé d'aidhm aige rochtain gan bhriseadh éifeachtach saor in aisce ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú, áirítear foráil nua ina sonraítear nach féidir aon mhuirear a ghearradh ar chumarsáid éigeandála arna dtionscnamh ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta.

Le **hAirteagal 14** leasaítear an rialachán roimhe seo chun oibleagáid a thabhairt isteach chun faisnéis a sholáthar do chustaiméirí trí theachtaireacht téacs faoi na rioscaí go dtabhóidh siad na muirir mhéadaithe má úsáideann siad seirbhísí breisluacha.

Le **hAirteagal 16** tugtar isteach oibleagáid nua maidir le soláthraithe seirbhísí fánaíochta faisnéis a sholáthar do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta faoi conas rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air.

In **Airteagal 17** áirítear foráil nua lena sainordaítear do BEREC bunachar sonraí aonair uile-Aontais a chruthú agus a choinneáil ar bun le haghaidh raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha. Is é is aidhm leis an mbunachar sin uirlis thrédhearcachta a chruthú chun rochtain dhíreach ar fhaisnéis maidir le raonta uimhrithe a thabhairt do NRAnna agus oibreoirí lenar féidir costais níos airde a ghiniúint agus céim idirmheánach chun trédhearcacht a mhéadú ar an leibhéal miondíola a chruthú.

Le **hAirteagal 21** rialaítear an próiseas athbhreithniúcháin. Is é an t-athrú is suntasaí ar na rialacha roimhe seo, in ionad an gnáthnós imeachta reachtach le haghaidh athbhreithniú na muirear uasta mórdhíola, cumhacht a thabhairt don Choimisiún na muirir a leasú trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh. In **Airteagail 22** agus **23** áirítear forálacha nua lena leagtar síos critéir mhionsonraithe agus paraiméadair mhionsonraithe le haghaidh an ghnímh tharmligthe seo agus na coinníollacha faoinar féidir leis an gCoimisiún an cumhacht tarmligthe sin a fheidhmiú.

Aisghairtear leis an togra Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh agus Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le 'Tréithe teicniúla na dteachtaireachtaí fánaíochta SMS rialáilte'

↓ 531/2012

2021/0045 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[53],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[54],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta[56]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Rialachán, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

(2) Go háirithe, in 2015 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 2015/2120[57], lenar leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 agus lenar ceanglaíodh deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola san Aontas ón 15 Meitheamh 2017 ar aghaidh faoi réir úsáid chóir a bhaint as seirbhísí fánaíochta agus an fhéidearthacht sásra maidir le maolú a chur i bhfeidhm ar dheireadh a chur le

[53] IO C […], […], lch. […].

[54] IO C […], […], lch. […].

[55] Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 172, 30.6.2012, lch. 10).

[56] Féach Iarscríbhinn II.

[57] Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1).

formhuirir fánaíochta miondíola, dá dtagraítear 'fánaíocht ar tháillí baile' ('FATB') freisin. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola chun a mheas cad iad na bearta is gá chun gur féidir deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 531/2012. Dá bharr sin, leasaíodh Rialachán (AE) 2017/920 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58] an 17 Bealtaine 2017 d'fhonn feidhmiú margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta a rialáil chun muirir fánaíochta miondíola a dhíothú faoin 15 Meitheamh 2017 gan na margaí baile a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus na margaí baile a shaobhadh.

(3) An 29 Samhain 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún a chéad athbhreithniú iomlán ar an margadh fánaíochta ('Tuarascáil an Choimisiúin'), ina léirítear gur bhain taistealaithe ar fud an Aontais tairbhe nach beag as díothú na muirear fánaíochta miondíola. Tháinig méadú mór gasta ar úsáid seirbhísí soghluaiste (seirbhísí fánaíochta rialáilte guthghlaonna, SMS nó sonraí) le linn taisteal san Aontas, rud a dheimhníonn an tionchar atá ag rialacha fánaíochta an Aontais. Mar sin féin, measann sé, in ainneoin na fianaise gurb ann do roinnt dinimicí iomaíochta sna margaí miondíola agus mórdhíola araon, nár tháinig aon athrú ar na dálaí iomaíochta bunúsacha agus nach dócha go dtiocfaidh athrú orthu san am atá amach romhainn. Dá bharr sin tá gá go fóill leis an rialáil atá ann faoi láthair agus ní féidir deireadh a chur leis. Go háirithe, léiríodh i dTuarascáil an Choimisiúin gur chuidigh an laghdú mór, ar an leibhéal mórdhíola, ar theorainneacha praghais uasta le laghdú breise ar phraghsanna fánaíochta mórdhíola rud a chuidigh go mór le hoibreoirí ar glanoibreoirí amach iad[59]. Tugadh d'aire i dTuarascáil an Choimisiúin moladh Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) na teorainneacha praghais uasta ar fhánaíocht mhórdhíola a laghdú a thuilleadh. Agus meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar thionchar an Rialacháin seo, tá an anailís riachtanach curtha ar fáil aige, tá an gá atá ann le teorainneacha praghais fánaíochta mórdhíola a laghdú a thuilleadh doiciméadaithe aige agus tá measúnú déanta aige ar leibhéal an laghdaithe lena gcumasaítear d'oibreoirí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu aisghabháil a dhéanamh ar na costais a bhaineann le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar. Maidir le cáilíocht seirbhíse, meabhraítear i dTuarascáil an Choimisiúin an ceanglas i Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 go mbeidh rochtain ag an gcustaiméir fánaíochta ar an tseirbhís chéanna ar an gcoigríoch san Aontas ar an bpraghas céanna chomh fada agus is féidir an tseirbhís sin a sheachadadh ar an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Tugtar ar aird i dTuarascáil an Choimisiúin ar an méid a tharla le déanaí maidir le bealaí nua chun trácht fánaíochta mhórdhíola a thrádáil, amhail ardáin trádála ar líne lena bhféadfaí an iomaíocht ar an margadh fánaíocht mórdhíola a chothú agus chun an próiseas caibidlíochta idir oibreoirí a éascú. Tugtar ar aire ann chomh maith nár bháin an margadh úsáid as seirbhísí fánaíochta sonraí a dhíol ar leithligh.

(4) De bhrí go rachaidh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 in éag an 30 Meitheamh 2022, is é is aidhm don Rialachán seo é sin a athmhúnlú agus, san am céanna, bearta nua a thabhairt isteach chun trédhearcacht a mhéadú, lena n-áirítear maidir le húsáid seirbhísí breisluacha le linn fánaíochta agus fíoreispéireas FATB a áirithiú i dtéarmaí cáilíocht seirbhíse agus rochtain ar sheirbhísí éigeandála le linn fánaíochta. Is é deich

[58] Rialachán (AE) 2017/920 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola (IO L 147, 9.6.2017, lch. 1).

[59] Tá bonn custaiméirí ag oibreoir amach a úsáideann níos mó seirbhísí soghluaiste ar an gcoigríoch (*i.e.* ar líonraí oibreoirí is comhpháirtí i mBallstáit eile) ná mar a úsáideann bonn custaiméirí an chomhpháirtí ar a líonra féin.

mbliana an fad a shocraítear don Rialachán seo, go dtí 2032, chun cinnteacht a sholáthar sa mhargadh agus an t-ualach rialála a íoslaghdú agus, san am céanna, sásra a thabhairt isteach le haghaidh idirghníomhú ar an leibhéal mórdhíola san idirlinn más gá sin de bharr athruithe ar an margadh.

---

↓ 531/2012 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2007 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Chomhphobal[60], rinneadh leasuithe substainteacha arís agus arís eile air[61]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht~~

---

↓ 531/2012 aithris 2

~~Maidir leis an gcuspóir an difríocht idir taraifí náisiúnta agus taraifí fánaíochta a laghdú, mar a áiríodh é i gCreat Tagarmharcála 2011-2015 an Choimisiúin, ar cuspóir é a d'fhormhuinigh Grúpa Ardleibhéil i2010 i mí na Samhna 2009 agus mar a áiríodh é sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Clár Digiteach don Eoraip", ba cheart go leanfadh sé de bheith d'aidhm ag an Rialachán seo freisin. Ba cheart go méadófaí ar an iomaíocht agus go laghdófaí praghsanna do chustaiméirí agus go gcruthófaí margadh inmheánach do sheirbhísí fánaíochta san Aontas gan difríocht shuntasach a bheith idir taraifí náisiúnta agus taraifí fánaíochta le díol beartaithe ar leithligh na seirbhísí fánaíochta agus na seirbhísí baile. Is féidir le seirbhísí fánaíochta uile-Aontais forbairt mhargadh inmheánach teileachumarsáide san Aontas a spreagadh.~~

---

↓ 531/2012 aithris 4

~~Maidir leis an leibhéal ard atá ar phraghsanna fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí atá iníoctha ag úsáideoirí líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste, amhail mic léinn, taistealaithe gnó agus turasóirí, tá sé ina chonstaic shuntasach ar a gcuid gléasanna soghluaiste a bheith á n-úsáid ag na húsáideoirí sin agus iad ag taisteal ar an gcoigríoch laistigh den Aontas agus is ábhar imní é do thomhaltóirí, d'údaráis rialála náisiúnta, agus d'institiúidí an Aontais, rud ar bacainn shuntasach é ar an margadh inmheánach. Is ann do na muirir mhiondíola iomarcacha mar thoradh ar mhuirir mhórdhíola arda arna dtoibhiú ag oibreoir an líonra óstaigh choigríche agus freisin, i mórán cásanna, mar thoradh ar arduithe móra miondíola arna muirearú ag oibreoir líonra an chustaiméara féin. De dheasca easpa iomaíochta, is minic nach gcuirtear laghduithe ar mhuirir mhórdhíola ar aghaidh chuig an gcustaiméir miondíola. Cé go bhfuil roinnt oibreoirí tar éis scéimeanna taraifí a thabhairt isteach le gairid a thairgeann coinníollacha níos fabhraí agus praghsanna pas beag níos ísle do chustaiméirí, tá fianaise fós ann go bhfuil an gaol idir na costais agus na praghsanna an-éagsúil leis an ngaol a bheadh i réim i margaí iomaíocha.~~

---

↓ 531/2012 aithris 5

~~Is ionann muirir arda fánaíochta agus bac ar iarrachtaí an Aontais a bheith ina gheilleagar atá bunaithe ar fhaisnéis agus ar mhargadh inmheánach ina bhfuil 500 milliún custaiméir a chur i~~

---

60 ~~IO L 171, 29.6.2007, lch. 32.~~

61 ~~Féach Iarscríbhinn I.~~

gcríoch. Déantar trácht sonraí soghluaiste a éascú trí radaispeictream leordhóthanach a leithdháileadh chun go bhféadfaidh tomhaltóirí agus gnólachtaí seirbhísí guthghlaonna, SMS agus sonraí a úsáid áit ar bith san Aontas. Trí fhoráil a dhéanamh go leithdháilfear speictream leordhóthanach, iomchuí go tráthúil chun cuspóirí bheartais an Aontais agus chun gur fearr is féidir na héilimh mhéadaitheacha ar thrácht sonraí gan sreang a shásamh, déanfar, leis an gClár Beartais ilbhliantúil um an Speictream Raidió a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [62], an chonair a réiteach d'fhorbairt lena gceadófar don Aontas a bheith chun tosaigh ar an leibhéal domhanda ó thaobh luasanna leathanbhanda, soghluaisteachta, cumhdaigh agus cumais de, agus leis sin éascófar teacht chun cinn samhlacha agus teicneolaíochtaí gnó nua, agus, ar an dóigh sin, rannchuideofar leis na fadhbanna struchtúracha atá ann ar leibhéal mórdhíola fánaíochta a laghdú.

---

🡻 531/2012 aithris 7 (oiriúnaithe)

Ina Theachtaireacht dar teideal "Maidir leis an tuarascáil eatramhach faoi staid forbartha na seirbhísí fánaíochta laistigh den Aontas Eorpach", thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh go ndéanfaí an margadh inmheánach do sheirbhísí fánaíochta san Aontas níos iomaíche le forbairtí teicneolaíochta agus/nó na teicneolaíochtaí malartacha a d'fhéadfaí a úsáid mar rogha ar sheirbhísí fánaíochta, amhail Prótacal Idirlín don Ghuthú (VoIP) nó Wi-Fi. Cé go bhfuil na teicneolaíochtaí malartacha sin, go háirithe seirbhísí VoIP, á n-úsáid ar bhonn níos minice ar an leibhéal baile, níor tháinig forbairt shuntasach ar a n-úsáid le linn na fánaíochta.

---

🡻 531/2012 aithris 8

I bhfianaise na forbartha mire ar thrácht sonraí soghluaiste agus an mhéadú ar líon na gcustaiméirí a úsáideann seirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí thar lear, is gá an brú iomaíoch a mhéadú, samhlacha agus teicneolaíochtaí gnó nua a fhorbairt. Ba cheart go ndéanfaí an rialú ar mhuirir fánaíochta a dhearadh ar bhealach nach gcruthófaí díspreagadh i leith na hiomaíochta a fhágann go dtéitear i dtreo leibhéil is ísle praghsanna.

---

🡻 531/2012 aithris 9

Trí limistéar sóisialta, oideachais, cultúrtha agus fiontraíochta Eorpach bunaithe ar shoghluaisteacht daoine aonair agus sonraí digiteacha a chruthú, ba cheart go n-éascófaí an chumarsáid idir daoine ionas go ndéanfaí forbairt iarbhír ar "Eoraip do Shaoránaigh".

---

🡻 531/2012 aithris 14 (oiriúnaithe)

(5) Chomh maith leis sin, Mmaidir leis na húdaráis rialála náisiúnta atá freagrach as coimirciú agus cur chun cinn leasanna custaiméirí soghluaiste a bhfuil gnáthchónaí orthu laistigh dá gcríoch, níl ar a gcumas rialú a dhéanamh ar iompar oibreoirí an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, atá lonnaithe i mBallstáit eile, agus a bhfuil na custaiméirí sin ag brath air agus iad ag úsáid seirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta. D'fhéadfadh an chonstaic sin freisin laghdú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a bheadh glactha ag Ballstáit bunaithe ar an inniúlacht a bheadh fágtha acu rialacha cosanta tomhaltóirí a ghlacadh.

---

[62] Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear clár beartais ilbhliantúil um an Speictream Raidió (IO L 81, 21.3.2012, lch. 7).

↓ 2015/2120 aithris 20

(6) Tá an margadh don chumarsáid shoghluaiste ilroinnte i gcónaí san Aontas, agus níl aon líonra soghluaiste a chumhdaíonn na Ballstáit uile. Mar gheall air sin, d'fhonn seirbhísí cumarsáide soghluaiste a sholáthar dá gcustaiméirí baile a bhíonn ag taisteal laistigh den Aontas, ní mór do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta seirbhísí fánaíochta mórdhíola a cheannach ó oibreoirí i mBallstát a bhfuil cuairt á tabhairt orthu, nó seirbhísí fánaíochta mórdhíola a mhalartú leo.

↓ 531/2012 aithris 3 (oiriúnaithe)

(7) Ní féidir a rá go bhfuil margadh inmheánach teileachumarsáide ann fad atá difríochtaí ~~suntasacha~~ idir praghsanna baile agus praghsanna fánaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart ~~gurb é a bheadh mar aidhm chríochnaitheach~~ ⌦ deireadh a chur leis ⌫ an difríocht idir muirir bhaile agus muirir fhánaíochta, agus mar sin margadh inmheánach a bhunú do sheirbhísí cumarsáide soghluaiste.

↓ 531/2012 aithris 20

(8) Ba cheart cur chuige comhchoiteann, comhchuibhithe a úsáid chun a áirithiú nach n-íocfaidh úsáideoirí líonraí poiblí trastíre cumarsáide soghluaiste praghsanna iomarcacha, agus iad ag taisteal laistigh den Aontas, ar sheirbhísí fánaíochta uile-Aontais, agus, ar an dóigh sin, iomaíocht maidir le seirbhísí fánaíochta idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta a fheabhsú, chun leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a bhaint amach agus dreasachtaí don nuálaíocht agus do rogha do thomhaltóirí a chaomhnú. I bhfianaise chineál trasteorann na seirbhísí lena mbaineann, tá gá leis an gcur chuige comhchoiteann sin ionas gur féidir le soláthraithe seirbhísí fánaíochta oibriú laistigh de chreat comhleanúnach aonair rialála bunaithe ar chritéir arna mbunú go hoibiachtúil.

↓ 531/2012 aithris 6
⇨ nua

(9) Le húsáid fhorleathan gléasanna soghluaiste atá cumasaithe don Idirlíon, tá fíorthábhacht eacnamaíoch ag baint le fánaíocht sonraí. ~~Is critéar cinntitheach é sin~~ ⇨ Tá sin ábhartha ⇦ d'úsáideoirí agus do sholáthraithe feidhmeanna agus ábhair araon. D'fhonn forbairt an mhargaidh sin a spreagadh, níor cheart go bhfeidhmeodh muirir ar iompar sonraí mar chosc ar fhás ⇨ , go háirithe i bhfianaise go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú seasmhach ar chur in úsáid líonraí agus seirbhísí 5G ⇦ .

↓ 531/2012 aithris 10 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(10) Maidir le Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara,~~

agus maidir le hidirnasc a bheith eatarthu, (Treoir na Rochtana)[63], Treoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Údaraithe)[64], Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialúcháin coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Chreata)[65], Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (An Treoir um Sheirbhís Uilíoch)[66] agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (An Treoir um phríobháideachas agus cumarsáid leictreonach)[67] (dá ngairtear, agus iad a áireamh le chéile, "creat rialúcháin 2002 don chumarsáid leictreonach" anseo feasta), tá sé d'aidhm acu ⌦ arbh é ba aidhm dóibh ⌫ margadh inmheánach don chumarsáid leictreonach a chruthú laistigh den Aontas agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a chinntiú trí iomaíocht fheabhsaithe. ⇨ Rinneadh na Treoracha sin a aisghairm le Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68]**.** Is é is aidhm do Threoir (AE) 2018/1972 an infheistíocht i líonraí fíor-ardacmhainne, agus a nglacadh, san Aontas a spreagadh chomh maith le tacar rialacha nua speictrim a shocrú le haghaidh lúdracht shoghluaiste agus 5G. Le Treoir (AE) 2018/1972 áirithítear chomh maith go bhfuil rochtain ar chumarsáid inacmhainneachta, lena n-áirítear an t-idirlíon, ag na saoránaigh uile. Déantar méadú leis ar chosaint agus slándáil tomhaltóirí le haghaidh úsáideoirí agus éascaítear idirghabháil rialála. ⇦

---

🡻 531/2012 aithris 19 (oiriúnaithe)

(11) Léiríonn na margaí fánaíochta miondíola agus mórdhíola saintréithe uathúla atá ina n-údar maith le bearta eisceachtúla a théann níos faide ná na sásraí atá ar fáil ar shlí eile faoi chreat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach ⌦ Threoir (AE) 2018/1972 ⌫.

---

🡻 531/2012 aithris 24

An cuspóir beartais atá leagtha síos in Airteagal 8 den Treoir Réime maidir le cumas na geríoch-úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis agus an fhaisnéis sin a scaipeadh nó feidhmeanna agus seirbhísí a roghnóidh siad féin a fheidhmiú, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta an cuspóir beartais sin a chur chun cinn.

---

63 Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara, agus maidir le hidirnasc a bheith eatarthu (Treoir na Rochtana) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 7).

64 Treoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Údaraithe) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 21).

65 Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialúcháin coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir Réime) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 33).

66 Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (An Treoir um Sheirbhís Uilíoch) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 51).

67 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

68 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

🡻 531/2012 aithris 18 (oiriúnaithe)

(12) Ba cheart ~~, dá bhrí sin~~ go gceadófaí leis an Rialachán seo imeacht ó na rialacha a bheadh infheidhme murach sin faoi ~~chreat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach~~ ⌦ Threoir (AE) 2018/1972 ⌫ , ~~agus go háirithe an Treoir Réime,~~ eadhon gur cheart praghsanna i gcomhair tairiscintí seirbhíse a chinneadh, ~~i bprionsabal~~, le comhaontú tráchtála nuair nach ann do chumhacht shuntasach sa mhargadh, ~~agus leis sin go bhfreastalófar~~ ⌦ ar an gcaoi sin bheifí ag freastal ⌫ ar thabhairt isteach oibleagáidí rialaitheacha comhlántacha a léiríonn saintréithe sonracha seirbhísí fánaíochta uile-Aontais.

---

🡻 531/2012 aithris 51 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(13)~~ ⇨ Chun custaiméirí seirbhísí fánaíochta a chosaint i gcoinne praghsanna miondíola do sheirbhísí fánaíochta rialáilte (seirbhísí rialáilte guthghlaonna, SMS nó sonraí) a bheith ag méadú de thoradh na luaineachta i ráta malairte tagartha na n-airgeadraí seachas an euro, ba cheart do Bhallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige an meán a bheadh ar roinnt rátaí malairte tagartha éagsúla thar am a úsáid chun na formhuirir uasta is infheidhme ina airgeadra a chinneadh. ⇦ I gcás nach in euro a ainmnítear na muirir uasta, ba cheart na ~~muirir uasta is infheidhme maidir leis na teorainneacha tosaigh mar aon le~~ luachanna ~~athbhreithnithe na dteorainneacha sin~~ a chinneadh san airgeadra iomchuí trí ⇨ mheán roinnt de⇦ na rátaí malairte tagartha ⇨ in imeacht ama ⇦ arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an dáta a shonraítear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. I gcás nach bhfuil aon fhoilsiú ann ar an dáta a shonraítear, ba cheart gurb iad na rátaí malairte tagartha is infheidhme na rátaí sin arna bhfoilsiú sa chéad eagrán d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis an dáta sin agus ina bhfuil rátaí malairte tagartha den sórt sin. ⇨ Chun cinneadh luachanna in airgeadraí seachas an euro a ailíniú leis an riail a chuirtear i bhfeidhm maidir le cumarsáid laistigh den Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2120, ba cheart na muirir uasta a chinneadh trí bhíthin chur i bhfeidhm mheán na rátaí malairte tagartha a fhoilsíonn an Banc Ceannais Eorpach an 15 Eanáir, an 15 Feabhra agus an 15 Márta na bliana féilire ábhartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Na muirir uasta a ríomhfar ar an mbealach sin le haghaidh 2022, ba cheart feidhm a bheith acu ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 15 Bealtaine 2023. ⇦ ~~Chun tomhaltóirí a chosaint i gcoinne praghsanna miondíola do sheirbhísí fánaíochta rialáilte (seirbhísí rialáilte guthghlaonna, SMS nó sonraí) a bheith ag méadú mar thoradh ar luaineacht i ráta malairte tagartha na n-airgeadraí seachas an euro, ba cheart go ndéanfadh Ballstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige an meán a bheadh ar roinnt rátaí malairte tagartha éagsúla thar am a úsáid chun na muirir uasta miondíola ina airgeadra a chinneadh~~

---

🡻 531/2012 aithris 25 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(14) Le go bhféadfaidh margadh níos éifeachtúla, níos lánpháirtithe agus níos iomaíche forbairt i gcomhair seirbhísí fánaíochta, níor cheart aon srianta a bheith ann ~~a chuirfeadh bac~~ ⌦ lena gcuirtear bac ⌫ ar ghnóthais caibidlíocht éifeachtach a dhéanamh ar an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar. Ba cheart go gcuirfí deireadh le constaicí ar an rochtain a fhaightear ar sheirbhísí

fánaíochta mórdhíola den sórt sin, i ngeall ar dhifríochtaí maidir le cumhacht caibidlíochta agus maidir leis an méid úinéireachta atá ag gnóthais ar bhonneagar. ⇨ Chuige sin, le comhaontuithe maidir le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ba cheart prionsabal na neodrachta teicneolaíochta a urramú agus a áirithiú go mbeidh deis chothrom chóir ag na hoibreoirí uile rochtain a fháil ar na líonraí agus na teicneolaíochtaí uile atá ar fáil agus go ndéanfar na comhaontuithe a chaibidliú de mheon macánta ionas go mbeidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta in ann seirbhísí fánaíochta miondíola a thairiscint atá coibhéiseach leis na seirbhísí a thairgtear sa bhaile. ⇦ Is iondúil go soláthraíonn oibreoirí líonra fíorúil soghluaiste (OLFSanna) agus athdhíoltóirí seirbhísí cumarsáide soghluaiste gan bonneagar líonra dá gcuid féin seirbhísí atá bunaithe ar chomhaontuithe fánaíochta mórdhíola tráchtála lena n-oibreoirí líonra óstaigh soghluaiste sa Bhallstát céanna. D'fhéadfaí nach bhfágfaí, le caibidlíocht tráchtála, áfach, corrlach leordhóthanach do OLFSanna agus d'athdhíoltóirí chun an iomaíocht a spreagadh trí bhíthin praghsanna níos ísle. Ba cheart go n-éascófaí forbairt seirbhísí fánaíochta agus forbairt tairiscintí fánaíochta ar sheirbhísí agus tairiscintí iad atá malartach, nuálach agus uile-Aontais do chustaiméirí trí dheireadh a chur leis na constaicí sin agus tríd an gcumhacht caibidlíochta idir OLFSanna/athdhíoltóirí agus oibreoirí líonra soghluaiste a chothromú trí bhíthin oibleagáid maidir le rochtain agus trí bhíthin tairiscintí mórdhíola. ⌦ Le Treoir (AE) 2018/1972 ⌫ ~~Ní cheadaítear aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin~~⌦ ní fhoráiltear maidir le réiteach ar an bhfadhb seo ⌫ a chur ar fáil trí oibleagáidí a fhorchur ar oibreoirí a bhfuil cumhachtaí suntasacha acu sa mhargadh ~~le rialacha chreat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach~~ ~~go háirithe le rialacha na Treorach Réime agus na Treorach um Rochtain~~.

---

| ⬇ 531/2012 aithris 26 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

(15) Ba cheart ~~rialacha a thabhairt isteach, dá bhrí sin, chun an~~, ⌦ ⌫ oibleagáid ~~a leagan síos~~ ⌦ a leagan amach ⌫maidir le hiarrataí réasúnacha a shásamh, ar iarrataí iad ar rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola ag líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste le seirbhísí fánaíochta a sholáthar. Ba cheart an rochtain a bheith i gcomhréir le riachtanais na ndaoine atá á lorg. ⇨Ba cheart d'úsáideoirí deiridh seirbhísí a dteastaíonn teicneolaíochtaí nua-aimseartha agus seirbhísí fánaíochta miondíolta uathu a bheith in ann leas a bhaint as an gcáilíocht oibre chéanna le linn fánaíochta agus a dhéanann siad sa bhaile. Ba cheart a áirithiú le hoibleagáid i leith rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola go bhféadfaidh daoine a cuardaitheoirí rochtana na seirbhísí a thairgtear sa bhaile a mhacasamhlú, ach amháin i gcás inar féidir le hoibreoirí líonraí soghluaiste a iarrtar orthu rochtain a sholáthar a chruthú go bhfuil an méid sin indéanta go teicniúil.⇦ Níor cheart rochtain a dhiúltú ach amháin ar bhonn critéar oibiachtúil, amhail indéantacht theicniúil agus an gá le sláine líonra a choinneáil. I gcás ina ndiúltófaí rochtain, ba cheart go mbeadh an páirtí éagóirithe in ann cás a thíolacadh le haghaidh réiteach díospóide i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach sa Rialachán seo. D'fhonn cothromaíocht a áirithiú, ba cheart rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar a bhronnadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí rialála a leagtar síos sa Rialachán seo agus a bheidh infheidhme ar leibhéal an mhórdhíola agus ba cheart go gcuirfí san áireamh na heilimintí éagsúla costais a theastaíonn chun rochtain den sórt sin a thabhairt. Rannchuideofaí le saobhadh idir na Ballstáit a sheachaint dá mbeadh cur chuige rialála comhsheasmhach ann i leith rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar. Ba

cheart do BEREC, i gcomhordú leis an gCoimisiún agus i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoirlínte a eisiúint do rochtain mhórdhíola d'fhonn seirbhísí fánaíochta a sholáthar.

---

🡻 531/2012 aithris 27

(16) Maidir le hoibleagáid i leith rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ba cheart go n-áireodh sí seirbhísí díreacha fánaíochta mórdhíola a sholáthar chomh maith le seirbhísí fánaíochta a sholáthar ar bhonn mórdhíola lena n-athdhíol ag tríú páirtithe. Leis an oibleagáid i leith rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ba cheart go gcumhdófaí freisin oibleagáid an oibreora líonra soghluaiste chun a chur ar chumas OLFSanna agus athdhíoltóirí seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a cheannach ó chomhiomlánóirí mórdhíola a sholáthraíonn pointe aonair rochtana agus clár caighdeánaithe do chomhaontuithe fánaíochta ar fud an Aontais. D'fhonn a áirithiú go soláthróidh oibreoirí rochtain ar na saoráidí uile is gá le haghaidh rochtain dhíreach ar fhánaíocht mhórdhíola agus rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta laistigh de thréimhse ama réasúnta, ba cheart tairiscint tagartha a fhoilsiú ina bhfuil na coinníollacha caighdeánacha le haghaidh rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola agus le haghaidh rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol. Le foilsiú na tairisceana tagartha, níor cheart cosc a chur ar chaibidlíocht tráchtála idir an cuardaitheoir rochtana agus an soláthraí rochtana i ndáil le leibhéal praghais an chomhaontaithe deiridh ar fhánaíocht mhórdhíola nó i ndáil le seirbhísí breise rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola a théann thar na seirbhísí is gá le haghaidh rochtain dhíreach ar fhánaíocht mhórdhíola agus rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol.

---

🡻 531/2012 aithris 28

(17) Ba cheart go gcumhdódh oibleagáid i leith rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola rochtain ar na comhpháirteanna go léir is gá le seirbhísí fánaíochta a sholáthar, amhail: rochtain ar eilimintí líonra agus ar shaoráidí gaolmhara; rochtain ar chórais bhogearraí ábhartha lena n-áirítear córais tacaíochta oibriúcháin; rochtain ar chórais faisnéise nó ar bhunachair shonraí maidir le réamhordú, soláthar, ordú, cothabháil agus iarrataí deisiúcháin, agus billeáil; rochtain ar aistriúchán uimhreach nó ar chórais a thugann feidhmiúlacht choibhéiseach; líonraí soghluaiste agus seirbhísí líonraí fíorúla.

---

🡻 531/2012 aithris 29

(18) Má iarrann cuardaitheoirí rochtana i leith fánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol rochtain ar shaoráidí nó ar sheirbhísí chomh maith leis na saoráidí nó na seirbhísí sin is gá chun seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar, ba cheart oibreoirí líonra soghluaiste a bheith in ann muirir chóra, réasúnacha a fháil ar ais ar na saoráidí nó na seirbhísí sin. D'fhéadfadh na saoráidí nó na seirbhísí breise sin a bheith, *inter alia*, ina seirbhísí breisluacha, ina gcórais bhreise bhogearraí agus faisnéise nó ina socruithe breise billeála.

---

⇩ nua

(19) I gcomhréir le hAirteagal 109 de Threoir (AE) 2018/1972, ba cheart rochtain ar sheirbhísí éigeandála a bheith ag gach úsáideoir deiridh, saor in aisce, tríd an gcumarsáid éigeandála chuig an bpointe freagartha glaonna éigeandála (PSAP) is

iomchuí. Tá ceangal ar na Ballstáit freisin a áirithiú go mbeidh rochtain ag úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála, agus go mbeidh sin coibhéiseach leis an rochtain a bhíonn ag úsáideoirí deiridh eile. Is faoi na Ballstáit atá sé an cineál cumarsáide éigeandála is indéanta go teicniúil a chinneadh chun rochtain ar sheirbhísí éigeandála do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta a áirithiú. D’fhonn a áirithiú go mbeidh rochtain ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar chumarsáid éigeandála faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 109 de Threoir (AE) 2018/1972, ba cheart d’oibreoirí líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu an soláthraí seirbhísí fánaíochta a chur ar an eolas trí bhíthin an chomhaontaithe fánaíochta mórdhíola faoin gcineál cumarsáide éigeandála a shainordaítear faoi bhearta náisiúnta sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air. Ina theannta sin, ba cheart a chuimsiú i gcomhaontaithe fánaíochta mórdhíola faisnéis ar na paraiméadair theicniúla maidir le rochtain ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú, lena n-airítear le haghaidh custaiméirí seirbhísí fánaíochta faoi mhíchumas, agus maidir le tarchur faisnéise faoi shuíomh an ghlaoiteora chuig an PSAP is iomchuí sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air a áirithiú. Leis an bhfaisnéis sin ba cheart an soláthraí fánaíochta a bheith in ann an chumarsáid éigeandála a aithint agus a sholáthar saor in aisce agus ba cheart é a bheith in ann suíomh an ghlaoiteora a tharchur saor in aisce.

---

🡻 2017/920 aithris 12 (oiriúnaithe)

(20) ~~Ba cheart do na~~ Féadfar coinníollacha ⌦ áirithe ⌫ ~~a fhéadfar~~ a áireamh sna tairiscintí tagartha chun lamháil d’oibreoirí líonraí soghluaiste cosc a chur le buanfhánaíocht nó le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola a úsáid ar shlí aimhrialta nó a mhí-úsáid ~~a shoiléiriú~~. Go háirithe, i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a mheas go bhfuil buanfhánaíocht á baint ag líon suntasach custaiméirí de chuid na soláthraí seirbhísí fánaíochta nó úsáid aimhrialta nó mí-úsáid fánaíochta as rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ba cheart don oibreoir sin a bheith ábalta – i bhfoirm chomhiomlánaithe agus i gcomhlíonadh iomlán cheanglais cosanta sonraí an Aontais agus cheanglas náisiúnta cosanta sonraí – faisnéis a cheangal ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta lena lamhálfar a chinneadh, an bhfuil úsáid bhuanfhánaíochta nó úsáid aimhrialta nó mí-úsáid á baint ag líon suntasach dá chustaiméirí de chuid na soláthraithe seirbhísí as rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, amhail faisnéis ar líon na gcustaiméirí nach mór méid a n-úsáide baile le hais mhéid a n-úsáide fánaíochta. Thairis sin, níor cheart comhaontuithe fánaíochta mórdhíola a chríochnú d’fhonn buanfhánaíocht nó úsáid aimhrialta nó mí-úsáid as rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola a chosaint ach amháin i gcás nár tugadh aghaidh ar an staid i mbearta níos boige. Ba cheart foirceannadh den sórt sin a bheith faoi réir réamhúdarú arna thabhairt ag údarás rialála náisiúnta an oibreora líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus an tuairim ó ~~Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (~~ BEREC ~~)~~ á cur i gcuntas go huile i gcás ina mbeifear tar éis dul i gcomhairle leis. D’fhéadfadh go mbeadh i mbearta níos boige muirir mhórdhíola níos airde a leagan síos nach mó ná na muirir mhórdhíola uasta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcás toirteanna is mó ná toirt chomhiomlánaithe a shonraítear sa chomhaontú. Ba cheart muirir mhórdhíola níos airde den sórt sin a leagan amach roimh ré, nó ón nóiméad nuair a dheimhníonn oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus a chuireann sé in iúl don oibreoir líonra baile, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, go bhfuil fánaíocht bhuan ag líon suntasach de chustaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta nó úsáid aimhrialta nó mí-úsáid rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola ar siúl. D’fhéadfadh go mbeadh i mbearta níos boige freisin an gealltanas ón oibreoir líonra baile na beartais

úsáide córa is infheidhme maidir lena chustaiméirí a ghlacadh nó a athbhreithniú i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe arna nglacadh de bhun Airteagal ~~6d~~ 8 de⌦n⌫ Rialachán ~~(AE) Uimh. 531/2012~~, nó an fhéidearthacht go n-iarrfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú fánaíochta mórdhíola. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart don údarás rialála náisiúnta faisnéis a bhaineann le hiarratais ar údaruithe chun comhaontaithe fánaíochta mórdhíola a fhoirceannadh a chur ar fáil don phobal, faoi réir rúndacht gnó.

---

🡻 2017/920 aithris 11 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(21) Le go bhféadfar margaí níos éifeachtúla, níos lánpháirtithe agus níos iomaíche a chur chun cinn i gcomhair seirbhísí fánaíochta nuair a bheidh rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola á caibidliú chun seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar, ba cheart ~~an rogha~~ ⌦ deis ⌫ a thabhairt d'oibreoirí scéimeanna praghsála mórdhíola nuálacha a chaibidliú nach bhfuil baint dhíreach acu le méideanna a ídítear iarbhír, amhail bunrátaí íocaíochta, gealltanais tosaigh nó conarthaí bunaithe ar thoilleadh, nó scéimeanna praghsála a léiríonn athruithe ar éileamh i rith na bliana. ⇨ Ní eisiatar an chumarsáid meaisín le meaisín, dá dtagraítear in aithris 249 de Threoir (AE) 2018/1972 ó raon feidhme an Rialacháin seo agus ó na hoibleagáidí rochtana fánaíochta ábhartha. Mar sin féin, tá comhaontuithe maidir le fánaíocht bhuan faoi réir caibidlíocht tráchtála agus féadtar iad a chomhaontú ag dhá chomhpháirtí fánaíochta sa chonradh fánaíochta mórdhíola. Chun go bhféadfar margaí níos éifeachtúla agus níos iomaíche a fhorbairt le haghaidh na cumarsáide meaisín le meaisín, táthar ag súil gur fearr a fhreagróidh oibreoirí, de réir a chéile, do gach iarraidh réasúnach ar chomhaontuithe fánaíochta ar théarmaí réasúnacha agus ar fhánaíocht bhuan le haghaidh meaisín le meaisín a cheadú go sainráite agus gur fearr a ghlacfaidh siad leis na hiarrataí sin. Ba cheart iad a bheith in ann comhaontuithe fánaíochta solúbtha a bhunú lena gcumasófaí seirbhísí fánaíochta mórdhíola, nach bhfuil bunaithe ar an toirt sonraí a ídítear ar scéimeanna malartacha, ar an líon meaisíní a nasctar in aghaidh na míosa mar shampla. Sa chomhthéacs sin, i gcás díospóid trasteorann, ba cheart do na comhpháirtithe atá bainteach léi dul i muinín imeachta um réiteach díospóide a leagtar síos in Airteagal 27 de Threoir (AE) 2018/1972. ⇦ Ba cheart ~~dá bhrí sin,~~ rogha a bheith ag na comhpháirtithe caibidlíochta aontú gan muirir uasta fánaíochta mhórdhíola rialáilte a chur i bhfeidhm le linn tréimhse comhaontuithe fánaíochta mórdhíola. D'fhágfadh ~~sé~~ ⌦ an méid ⌫ sin nach bhféadfadh ceachtar de na comhpháirtithe a iarraidh ina dhiaidh sin go gcuirfí i bhfeidhm muirir uasta mhórdhíola líonbhunaithe ar thomhaltas iarbhír mar a leagtar amach ~~i Rialachán (AE) Uimh. 531/2012~~ ⌦ sa Rialachán seo ⌫. Ba cheart nár dhochar an rogha ~~mhalartach~~ seo d'oibleagáidí maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar ~~i gcomhréir leis an Rialachán sin~~. ⇨ Ina theannta sin, tugtar ar aird i dTuarascáil an Choimisiúin an méid a tharla le déanaí maidir le bealaí nua chun trácht fánaíochta mórdhíola a thrádáil, amhail ardáin trádála ar líne lena bhféadtar an próiseas caibidlíochta idir oibreoirí a éascú. Maidir le hionstraimí comhchosúla a úsáid, d'fhéadfadh sin cuidiú le feabhas a chur ar an iomaíocht ar an margadh fánaíochta mórdhíola agus na rátaí mórdhíola iarbhír a ghearrtar a bhrú síos a thuilleadh. ⇦

⇩ nua

(22) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 nach gcuirfidh oibreoirí cosc ar úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar sheirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thairgeann soláthraí seirbhísí fánaíochta malartach. Mar sin féin, maidir leis an mbeart struchtúrach sin, a tugadh isteach de bhua oibleagáid maidir le díolachán seirbhísí fánaíochta sonraí ar leithligh, tá sé gan éifeacht ón uair a tugadh isteach FTAB. Ina theannta sin, de bhrí nach raibh glacadh iarbhír ar an margadh, is amhlaidh nach bhfuil an oibleagáid seo ábhartha a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart gan feidhm a bheith a thuilleadh ag na forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar oibreoirí díolachán seirbhísí fánaíochta sonraí ar leithligh a sholáthar ar an leibhéal miondíola.

---

🡻 531/2012 aithris 31 (oiriúnaithe)

~~Tá an-bhorradh go deo faoi éileamh na dtomhaltóirí agus na ngnólachtaí ar sheirbhísí sonraí soghluaiste le blianta beaga anuas. Mar thoradh ar mhuirir arda ar sheirbhísí fánaíochta sonraí, áfach, tá bac nach beag ar na seirbhísí sin a bheith á n-úsáid ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí a fheidhmíonn thar theorainneacha san Aontas. Ó tharla gur margadh sách nua é agus go bhfuil méadú mór ag teacht ar éileamh na dtomhaltóirí ar an bhfánaíocht sonraí, d'fhéadadh sé, dá ndéanfaí na muirir mhiondíola a rialáil, nach bhféadfaí ach na praghsanna a choimeád, cuid mhaith, ar leibhéil na dteorainneacha muirir atá á mbeartú, mar atá i Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, in ionad iad a bhrú síos níos mó, rud a athdhearbhaíonn go láidir go dteastaíonn tuilleadh beart struchtúrach.~~

---

🡻 531/2012 aithris 32

~~Ba cheart go gceadófaí do chustaiméirí aistriú go héasca, laistigh den achar ama is lú is féidir, ag brath ar an réiteach teicniúil, gan phionóis agus saor ó mhuirear, chuig soláthraí malartach seirbhísí fánaíochta nó idir soláthraithe malartacha seirbhísí fánaíochta. Ba cheart na custaiméirí a chur ar an eolas, i bhfoirm atá soiléir, intuigthe agus so-inrochtana, faoin bhféidearthacht sin.~~

---

🡻 531/2012 aithris 33

~~Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag tomhaltóirí, ar bhealach atá neamhdhíobhálach dóibh, a roghnú go ndéanfaí seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh óna bpacáiste soghluaiste baile. Faoi láthair tá roinnt bealaí ina bhféadfaí díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a chur chun feidhme go teicniúil, lena n-áirítear dé-Aitheantas Suibscríobhaí Soghluaiste Idirnáisiúnta (IMSI) (dhá IMSI ar leith ar an gcárta SIM céanna), IMSI aonair (IMSI amháin a roinnt idir an soláthraí baile agus soláthraithe seirbhísí fánaíochta) agus teaglamaí de dé-IMSI nó de IMSI aonair i dteannta na módúlachta teicniúla ar módúlacht é nach gcuireann cosc ar an gcustaiméir rochtain a fháil ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí a sholáthraítear go díreach ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, trí shocruithe idir oibreoir an líonra baile agus oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air.~~

↓ 531/2012 aithris 34

~~Mar thoradh ar phraghsanna arda ar an bhfánaíocht sonraí, bíonn drogall ar chustaiméirí seirbhísí fánaíochta sonraí a úsáid agus iad ag taisteal san Aontas. Toisc go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar na seirbhísí fánaíochta sonraí agus ar thábhacht na seirbhísí sin, níor cheart go mbeadh aon chonstaicí ar sheirbhísí malartacha fánaíochta sonraí a bheith á n-úsáid, ar seirbhísí iad a sholáthraítear go díreach ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, go sealadach nó go buan, beag beann ar na conarthaí fánaíochta nó ar na socruithe fánaíochta atá ann cheana le soláthraithe baile agus gan aon mhuirear breise a bheith á thobhach ag na soláthraithe baile sin. I gcás ina bhfuil gá leis, d'fhonn seirbhísí fánaíochta sonraí a thairiscint, ar seirbhísí iad a sholáthraítear go díreach ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, ba cheart do sholáthraithe baile agus do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta dul i gcomhar lena chéile ionas nach gcuirfí cosc ar chustaiméirí rochtain a fháil ar na seirbhísí sin agus iad a úsáid agus chun a áirithiú go mbeidh comhleanúnachas ag baint le seirbhísí eile fánaíochta.~~

---

↓ 531/2012 aithris 35

~~Cé nár cheart, leis an Rialachán seo, módúlachtaí teicniúla ar leith a leagan síos do dhíolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta, ach gur cheart leis, ina ionad sin, an bealach a réiteach don réiteach is éifeachtaí agus is éifeachtúla, lena n-áirítear réiteach comhcheangailte, a bheadh le forbairt ag an gCoimisiún bunaithe ar ionchur ó BEREC, ba cheart critéir a leagan síos i ndáil leis na tréithe teicniúla ba cheart a chomhlíonadh leis an réiteach teicniúil chun seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh. Maidir leis na critéir sin, ba cheart go n-áireofaí iontu, *inter alia*, an réiteach a thabhairt isteach ar bhealach comhordaithe, comhchuibhithe ar fud an Aontais, agus go n-áiritheofaí leo gur féidir le tomhaltóirí soláthraí seirbhísí fánaíochta éagsúil a roghnú go mear agus go héasca gan a n-uimhir a athrú. Fairis sin, níor cheart bac a chur ar sheirbhísí fánaíochta a bheith á n-úsáid taobh amuigh den Aontas nó á n-úsáid ag custaiméirí ó thríú tíortha taobh istigh den Aontas.~~

---

↓ 531/2012 aithris 36

~~Ba cheart breis comhair agus breis comhordaithe idir oibreoirí líonraí soghluaiste a bhunú le go bhféadfar, ar bhealach teicniúil, forás comhordaithe agus fónta a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí fánaíochta ar leithligh agus le nach gcuirfear cosc ar rochtain ar sheirbhísí fánaíochta sonraí is seirbhísí a sholáthraítear go díreach ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Ba cheart, dá bhrí sin, na bunphrionsabail ábhartha agus na modheolaíochtaí ábhartha a fhorbairt, chun go bhféadfar oiriúnú mear a dhéanamh d'imthosca athraithe agus do dhul chun cinn teicneolaíoch. Ba cheart do BEREC, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, cabhrú leis an gCoimisiún d'fhonn go bhféadfaidh an Coimisiún eilimintí teicniúla a fhorbairt chun go bhféadfaí seirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh agus chun nach gcuirfí cosc ar an rochtain ar sheirbhísí fánaíochta sonraí is seirbhísí a sholáthraítear go díreach ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Ba cheart don Choimisiún, más gá, sainordú a thabhairt do chomhlacht Eorpach um chaighdeánú na caighdeáin ábhartha a leasú ar caighdeáin iad atá riachtanach chun díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a chur chun feidhme go comhchuibhithe.~~

🡻 531/2012 aithris 37 (oiriúnaithe)

~~Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú do chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le rialacha mionsonraithe maidir le hoibleagáidí faisnéise soláthraithe baile agus maidir le réiteach teicniúil ar sheirbhísí fánaíochta a dhíol ar leithligh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[69].~~

🡻 531/2012 aithris 38

~~Ba cheart cead a thabhairt do BEREC, agus an Rialachán seo agus gníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin arna nglacadh dá bhun á gcur san áireamh, treoir theicniúil shonrach a sholáthar, ar a thionscnamh féin, faoi sheirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh nó faoi ábhair eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo.~~

🡻 531/2012 aithris 39

~~Le go mbeidh lánéifeacht le díol ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, meastar gur gá an díol sin a cheangal leis an oibleagáid maidir le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola le seirbhísí fánaíochta a sholáthar le go n-éascófar do ghníomhaithe nua nó do ghníomhaithe reatha, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí fánaíochta trasteorann, teacht isteach sa mhargadh. Leis an réiteach sin, sheachnófaí saobhadh idir na Ballstáit trí chur chuige rialála comhsheasmhach a áirithiú, sa chaoi is go gcuirfear le forbairt an mhargaidh inmheánaigh. Mar sin féin, chun go ndéanfar díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a chur chun feidhme, beidh gá le tréimhse réasúnta ina bhféadfaidh na hoibreoirí oiriúnú a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil, agus, dá bhrí sin, ní dhéanfar, leis na bearta struchtúracha, fíormhargadh inmheánach a bhfuil dóthain iomaíochta ann a chruthú ach amháin tar éis tréimhse áirithe. Ar an gcúis sin, ba cheart na muirir uasta mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí agus teorainneacha coimirce i gcomhair na seirbhísí sin ar leibhéal an mhiondíola a choimeád ar leibhéal cuí ar bhonn sealadach lena áirithiú go gcaomhnófar sochair na gcustaiméirí reatha le linn idirthréimhse ina gcuirfear bearta struchtúracha den sórt sin chun feidhme.~~

🡻 2015/2120 aithris 32 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme ~~fhorálacha~~ an Rialacháin seo~~,~~ ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le ~~leis an meán ualaithe uasta ar rátaí críochnaithe soghluaiste agus,~~ rialacha mionsonraithe a leagan amach maidir le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir agus maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ⇨ seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar ar phraghsanna baile ⇦ ~~deireadh a chur le formhuirir fánaíochta~~, agus ar an iarratas a bheidh le déanamh ag

[69] ~~IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.~~

soláthraí seirbhísí fánaíochta chun críocha an mheasúnaithe sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70].

---

⇩ nua

(24) Go dtí go nglacfar na bearta cur chun feidhme sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286[71] ón gCoimisiún a bheith fós infheidhme.

---

🡻 531/2012 aithris 40 (oiriúnaithe)

(25) ~~Le go leanfar leis an rialáil shealadach ar phraghsanna,~~ ~~b~~Ba cheart oibleagáidí rialála a fhorchur ar leibhéal miondíola agus ar leibhéal mórdhíola araon chun leasanna custaiméirí seirbhísí fánaíochta a chosaint, óir is léir ón taithí nach gá gur praghsanna miondíola níos ísle i gcomhair fánaíochta a bheadh ann de thoradh laghduithe i bpraghsanna mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta uile-Aontais, mar gheall ar easpa dreasachtaí le go dtarlódh sin. Os a choinne sin, d’fhéadfadh an baol a bheith ann go gcuirfeadh gníomhaíocht chun leibhéal na bpraghsanna miondíola a laghdú as d’fheidhmiú ordúil an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí fánaíochta mura rachfaí i ngleic le leibhéal na gcostas mórdhíola a ghabhann le soláthar na seirbhísí ⌦ sin ⌫ agus ní chruthófaí breis iomaíochta leis sin.

---

🡻 2017/920 aithris 4 (oiriúnaithe)

(26) Maidir le deireadh a chur leis na formhuirir fánaíochta miondíola ~~mar a cuireadh ar bun le~~ ⌦ i gcomhréir le ⌫ Rialachán (AE) 2015/2120~~, ar a dtugtar “fánaíocht ar tháillí baile” (FATB) freisin, tá~~ ⌦ bhí ⌫ an méid sin riachtanach chun feidhmiú margaidh aonair dhigitigh a bhunú agus a éascú ar fud an Aontais. ~~Ní~~ ⌦ Níor ⌫ leor an Rialachán sin amháin, áfach, chun feidhmiú cuí an mhargaidh fánaíochta a áirithiú. ~~Dá bhrí sin,~~ Ba cheart don Rialachán seo cur le samhlacha praghsála i margaí baile nach ndéanfaidh deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola difear dóibh.

---

🡻 2015/2120 aithris 26

(27) Ba cheart an praghas miondíola baile ábhartha a bheith cothrom leis an muirear miondíola baile in aghaidh an aonaid. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil praghsanna miondíola baile sonracha a d’fhéadfaí a úsáid mar bhonn chun seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte (mar shampla, i gcás pleananna taraife neamhtheoranta baile, cuachta nó taraifí baile nach n-áirítear sonraí iontu), ba cheart an praghas miondíola baile a mheas a bheith mar an gcéanna leis an sásra muirearaithe amhail is dá mbeadh an custaiméir ag tomhailt an phlean taraife baile i mBallstát an chustaiméara sin.

---

[70] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit agus feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[71] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2016 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe ar chur i bhfeidhm beartais maidir le húsáid chóir agus ar an modheolaíocht maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola agus ar an iarratas a bheidh le cur isteach ag soláthraí seirbhísí fánaíochta chun críocha an mheasúnaithe sin (IO L 344, 17.12.2016, lch. 46).

⇩ nua

(28) Ba cheart custaiméirí seirbhísí fánaíochta, a mhéid is mó is féidir, a bheith in ann úsáid a bhaint as na seirbhísí a bhfuil íoctha astu acu lena bhfáil agus tairbhe a bhaint as an leibhéal céanna seirbhíse a gheobhaidís sa bhaile, agus iad ag fánaíocht san Aontas. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go soláthrófar seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte faoi na coinníollacha céanna agus dá mbainfí úsáid as na seirbhísí sin sa bhaile. Go háirithe, ba cheart an cháilíocht seirbhíse chéanna a thairiscint do chustaiméirí le linn fánaíochta, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil.

🡻 2015/2120 aithris 22 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(29) ~~Ag an am céanna, b~~Ba cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí fánaíochta in ann 'beartas maidir le húsáid chóir' a chur i bhfeidhm maidir le tomhaltas seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthraítear ar an bpraghas miondíola baile is infheidhme. Tá sé mar aidhm leis an 'mbeartas maidir le húsáid chóir' go gcuirfear cosc ar chustaiméirí seirbhísí fánaíochta nó leas a bhaint as na seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, ar mí-úsáid nó úsáid aimhrialta í, amhail úsáid seirbhísí den sórt sin ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta in aon Bhallstát nach é Ballstát a sholáthraí baile é chun críocha eile seachas taisteal tréimhsiúil. ⇨Maidir le soláthraithe seirbhísí fánaíochta, i gcásanna *force majeure* arb iad tosca ar nós paindéimí nó tubaistí nádúrtha is cúis leo, ina gcuirtear síneadh neamhthoiliúil le tréimhse fanachta an chustaiméara fánaíochta i mBallstát eile, ba cheart dóibh breathnú ar shíneadh ama a chur leis an liúntas úsáide córa go ceann tréimhse iomchuí, arna iarraidh sin ar bhonn a bhfuil údar maith leis ag an gcustaiméir seirbhísí fánaíochta⇦. Mar thoradh ar aon bheartas maidir le húsáid chóir ba cheart go gcuirfear ar chumas chustaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta toirteanna seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, a bheidh comhsheasmhach leis na pleananna taraife atá acu faoi seach, a thomhailt ag an bpraghas miondíola baile is infheidhme.

🡻 2015/2120 aithris 23

(30) In imthosca sonracha agus eisceachtúla i gcás nach bhfuil soláthraí seirbhísí fánaíochta in ann a chuid costas iomlán iarbhír agus réamh-mheasta a bhaineann le seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar a aisghabháil as a ioncam iomlán iarbhír agus réamh-mheasta ó sheirbhísí den sórt sin a sholáthar, ba cheart go mbeadh an soláthraí seirbhísí fánaíochta sin in ann iarratas a dhéanamh ar údarú formhuirear a chur i bhfeidhm d'fhonn inbhuanaitheacht an mhúnla muirearaithe bhaile a áirithiú. Beidh an measúnú ar inbhuanaitheacht an mhúnla muirearaithe bhaile bunaithe ar ghnéithe oibiachtúla ábhartha a bhaineann go sonrach leis an soláthraí seirbhísí fánaíochta, lena n-áirítear éagsúlachtaí oibiachtúla idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta sa Bhallstát lena mbaineann agus leibhéal na bpraghsanna náisiúnta agus na n-ioncam náisiúnta. Féadfaidh sé gurb amhlaidh an cás, mar shampla, le haghaidh múnlaí cothromráta miondíola baile oibreoirí a bhfuil neamhchothromaíochtaí suntasacha diúltacha acu, áit a bhfuil an praghas baile intuigthe in aghaidh an aonaid íseal i gcoibhéis le hioncaim iomlána an oibreora íseal freisin nó áit a bhfuil a bhfuil an praghas baile intuigthe in

aghaidh an aonaid íseal agus ina bhfuil tomhaltas seirbhísí fánaíochta iarbhír nó réamh-mheasta ard. ~~A luaithe a bheidh na margaí fánaíochta mórdhíola agus miondíola araon tar éis oiriúnú go hiomlán do ghinearálú na fánaíochta ar leibhéil phraghsanna baile agus dá ionchorprú mar ghnáththréith pleananna taraife miondíola, níltear ag súil leis go n-éireoidh imthosca eisceachtúla den sórt sin a thuilleadh.~~ Chun an staid a sheachaint ar dá réir a fhágfaidh fadhbanna den sórt sin i dtaca le costais a aisghabháil go mbeidh múnla miondíola baile soláthraithe seirbhísí fánaíochta neamh-inbhuanaithe, rud a ghinfidh riosca go mbeidh éifeacht suntasach aige ar an tslí ina dtarlaíonn forás ar phraghsanna baile nó 'éifeacht an leaba uisce' mar a thugtar air, ba cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí fánaíochta, in imthosca den sórt sin, a bheith in ann formhuirear a fhorchur ar sheirbhísí miondíola fánaíochta rialáilte ach sin ach amháin go feadh an méid is gá chun na costais iarbhír ábhartha uile a bhaineann le soláthar seirbhísí den sórt sin a sholáthar.

---

🡻 2015/2120 aithris 24

(31) Chun na críche sin, ba cheart na costais a tabhaíodh chun seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do na muirir fánaíochta mórdhíola iarbhír a chuirtear i bhfeidhm maidir le trácht fánaíochta amach an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta lena mbaineann, sa bhreis ar a thrácht fánaíochta isteach, chomh maith le tagairt a dhéanamh do sholáthar réasúnach do chostais chomhpháirteacha agus comhchoiteanna. Ba cheart ioncam ó sheirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a chinneadh trí thagairt a dhéanamh d’ioncam ar leibhéil praghsanna baile atá inchurtha i leith tomhaltas seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, bíodh sé ar bhonn phraghas an aonaid nó mar chion de bhuntáille, lena léirítear cion iarbhír agus réamh-mheasta faoi seach an tomhaltais fánaíochta miondíola rialáilte ag custaiméirí laistigh den Aontas mar aon le tomhaltas baile. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar thomhaltas seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte agus ar thomhaltas baile chustaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta, agus ar an leibhéal iomaíochta, ar phraghsanna agus ar ioncam sa mhargadh baile, agus ar aon riosca inbhraite go ndéanfaí difear suntasach d’fhorás praghsanna den sórt sin trí fhánaíocht ar phraghsanna miondíola baile.

---

⇩ nua

(32) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012, i gcás ina gcuireann soláthraí seirbhísí fánaíochta formhuirear i bhfeidhm ar thomhaltas seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte de bhreis ar aon teorainneacha faoi aon bheartas maidir le húsáid chóir, maidir le suim an phraghais miondíola baile agus aon fhormhuirear a ghearrtar ar ghlaonna fánaíochta rialáilte a dhéantar, SMS fánaíochta rialáilte a sheoltar nó ar sheirbhísí sonraí fánaíochta sonraí rialáilte, ní rachaidh an tsuim sin thar EUR 0,19 in aghaidh an nóiméid, EUR 0,06 in aghaidh na teachtaireachta SMS agus EUR 0,20 in aghaidh an mheigibhirt a úsáidtear, faoi seach. I bhfianaise fheidhmiú éifeachtúil rialacha FATB ó 15 Meitheamh 2017, níl an fhoráil sin riachtanach a thuilleadh.

| |
|---|
| ➔ 2015/2120 aithris 28 (oiriúnaithe) |
| ⇨ nua |

~~(33)~~ I gcomhréir leis an bprionsabal go n-íocann an páirtí a ghlaonn, ní íocann custaiméirí soghluaiste chun glaonna soghluaiste baile a fháil, ach cumhdaítear an costas a bhaineann le glaoch a chríochnú i líonra an pháirtí a glaodh i muirear miondíola an pháirtí a ghlaoigh. Le cóineasú na rátaí críochnaithe soghluaiste ar fud na mBallstát, ba cheart go mbeifear in ann an prionsabal céanna a chur i bhfeidhm maidir le glaonna fánaíochta miondíola rialáilte. ⇨ De bhun Airteagal 75(1) de Threoir (AE) 2018/1972, rinne an Coimisiún, trí bhíthin an ghnímh tharmligthe an 18 Nollaig 2020, ráta críochnaithe aonair uasta guthghlaonna ar sheirbhísí soghluaiste uile-Aontais a chur ar bun d'fhonn an t-ualach rialála a thagann as aghaidh a thabhairt go comhsheasmhach ar na fadhbanna iomaíochta a bhaineann le críochnú guthghlaonna mórdhíola ar fud an Aontais. Airítear sa ghníomh tarmligthe ráta taraife sealadach trí bliana: is é a bheidh sna rátaí críochnaithe uasta le haghaidh guthghlao soghluaiste EUR 0,7 cent in 2021, EUR 0,55 cent in 2022, EUR 0,4 cent in 2023 agus an ráta críochnaithe uasta aonair uile-Aontais le haghaidh guthghlao soghluaiste EUR 0,2 cent a bhaint amach ó 2024 ar aghaidh. ⇦ ~~Mar sin féin, ós rud é nach amhlaidh atá go fóill, i~~I gcásanna atá leagtha amach sa Rialachán seo ina bhfuil cead ag soláthraithe seirbhísí fánaíochta formhuirear a chur i bhfeidhm i leith seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, níor cheart go mbeadh an formhuirear a chuirfí i bhfeidhm le haghaidh glaonna gutha fánaíochta a fuarthas níos mó ~~ná meán ualaithe na rátaí uasta críochnaithe soghluaiste mórdhíola atá socraithe uile-Aontais~~ ⇨ an ráta críochnaithe aonair uasta uile-Aontais a shocraíonn an Coimisiún don bhliain lena mbaineann agus don bhliain chomhfhreagrach sa ghníomh tarmligthe dá bhforáiltear in Airteagal 75 de Threoir (AE) 2018/1972. Má thagann an Coimisiún ina dhiaidh sin ar an tátal nach gá a thuilleadh ráta críochnaithe guthghlaonna uile-Aontais a shocrú, níor cheart go mbeadh aon fhormhuirear a chuirtear i bhfeidhm ar ghlaonna fánaíochta rialaithe a fhaightear níos airde ná an ráta a shocraítear leis an ngníomh tarmligthe is déanaí arna ghlacadh faoi Airteagal 75 de Threoir (AE) 2018/1972 ⇦. ~~Meastar gur córas idirthréimhseach é seo go dtí go dtabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar an tsaincheist sin atá fós gan réiteach.~~

| |
|---|
| ➔ 2015/2120 aithris 30 (oiriúnaithe) |
| ⇨ nua |

(34) ~~Ba cheart go mbeadh sa Rialachán seo beart sonrach de réir bhrí Airteagal 1(5) de Threoir 2002/21/CE. Dá bhrí sin,~~ I~~i~~ gcás ina ndéanann soláthraithe seirbhísí fánaíochta uile-Aontais athruithe ar a dtaraifí miondíola fánaíochta agus ar bheartais úsáide seirbhísí fánaíochta d'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, níor cheart go dtiocfadh de thairbhe athruithe den sórt sin do chustaiméirí teileafón soghluaiste faoi na dlíthe náisiúnta lena dtrasuítear ⌦ Treoir (AE) 2018/1972 ⌫ ~~an creat rialúcháin reatha do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí~~ aon cheart tarraingt siar as a gconarthaí.

⇩ nua

(35) Le haon chonradh ina chuimsítear seirbhís fánaíochta miondíola rialáilte d'aon chineál, ba cheart saintréithe na seirbhíse fánaíochta miondíola rialáilte sin a shonrú, lena n-áirítear an leibhéal cáilíochta seirbhíse a bhfuiltear ag súil leis. Ba cheart don soláthraí faisnéis a sholáthar maidir le gnéithe ábhartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don cháilíocht seirbhíse, amhail infhaighteacht teicneolaíochtaí áirithe, cumhdach nó athruithe de bharr gnéithe seachtracha amhail topagrafaíocht.

(36) Tarlaíonn sé uaireanta go dtabhaíonn custaiméirí seirbhísí fánaíochta agus oibreoirí baile billí móra go neamhaireach de dheasca na heaspa trédhearcachta maidir leis na huimhreacha a úsáidtear le haghaidh seirbhísí breisluacha ar fud an Aontais agus maidir leis na praghsanna mórdhíola a ghearrtar ar sheirbhísí breisluacha. Maidir le cumarsáid chuig uimhreacha áirithe a úsáidtear chun seirbhísí breisluacha a chur ar fáil mar shampla, uimhreacha ardráta, uimhreacha saorghlao nó uimhreacha costais roinnte, bíonn sin faoi réir coinníollacha praghsála áirithe ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart nach mbeadh feidhm ag an Rialachán sin maidir leis an gcuid sin den taraif a ghearrfar chun seirbhísí breisluacha a sholáthar, ach ba cheart go mbeadh feidhm aige maidir leis na taraifí sin a ghearrfar chun cónascadh leis na seirbhísí sin, agus maidir leis na taraifí sin amháin. Mar sin féin, d'fhéadfadh ionchas d'úsáideoirí deiridh teacht as prionsabal FATB nár cheart go dtabhófaí le cumarsáid chuig uimhreacha den chineál sin aon chostas breise le linn fánaíochta i gcomparáid leis an staid baile. Ní hamhlaidh a bhíonn i gcónaí, áfach, le linn fánaíochta. Bíonn ar úsáideoirí deiridh aghaidh a thabhairt ar chostais mhéadaithe, fiú amháin nuair a ghlaonn siad ar uimhreacha atá saor in aisce nuair a ghlaonn siad sa bhaile. Leis sin d'fhéadfaí muinín custaiméirí as úsáid a bhfón le linn fánaíochta a lagú agus d'fhéadfadh billí an-ard gan choinne teacht as, rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar fhíoreispéireas FATB. Is é is príomhchúis leis sin, ar an leibhéal miondíola, an leibhéal neamh-leordhóthanach dtrédhearcachta maidir leis na muirir níos airde is féidir a thabhú de dheasca na cumarsáide chuig uimhreacha seirbhísí breisluacha. Dá bhrí sin, i ndáil le trédhearcacht maidir leis na coinníollacha a bhaineann leis an gcumarsáid chuig uimhreacha seirbhísí breisluacha, ba cheart bearta a thabhairt chun an trédhearcacht sin a mhéadú. Chuige sin, ba cheart a chur in iúl do chustaiméirí ina gconradh agus ba cheart fógra agus rabhadh a thabhairt dóibh, go tráthúil agus saor in aisce, go bhféadfadh muirir bhreise a bheith i gceist le cumarsáid le seirbhísí breisluacha le linn fánaíochta.

🡻 2017/920 aithris 9

(37) Ba cheart a ligean le feidhmiú na margaí fánaíochta mhórdhíola d'oibreoirí na costais uile a eascraíonn as soláthar seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a aisghabháil, lena n-áirítear costais chomhpháirteacha agus costais chomhchoiteanna. Ba cheart a chaomhnú leis sin dreasachtaí chun infheistiú sna líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus ba cheart a sheachaint leis sin aon saobhadh ar iomaíocht baile sna margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu, ar saobhadh é a tharlaíonn mar gheall ar arbatráiste rialála ag oibreoirí a úsáideann réitigh i dtaca le rochtain fánaíochta mórdhíola chun dul san iomaíocht i margaí baile a bhfuil cuairt á tabhairt orthu.

➔ 2017/920 aithris 13

(38) Maidir leis na rialacha faoi mhuirir mhórdhíola, ba cheart oibleagáidí rialála ar leibhéal an Aontais a choinneáil ar bun ós rud é go bhféadfadh aon bheart a chumasaíonn FATB ar fud an Aontais gan aghaidh a thabhairt ar leibhéal na gcostas mórdhíola a bhaineann le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé isteach ar an margadh inmheánach i gcomhair seirbhísí fánaíochta agus nach spreagfadh sé breis iomaíochta. Ba cheart go n-éascódh muirir mhórdhíola ar leibhéal iomchuí iomaíocht inbhuanaithe, lena n-áirítear iontrálaithe nua, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta.

➔ 2017/920 aithris 14

(39) Ba cheart do mhuirir uasta mhórdhíola feidhmiú mar leibhéal coimirce agus ba cheart dóibh a áirithiú gur féidir leis na hoibreoirí a gcostais a aisghabháil, lena n-airítear costais chomhpháirteacha agus costais chomhchoiteanna. Ba cheart gur féidir leis na muirir sin freisin FATB inbhuanaithe a sholáthar go forleathan, agus ag an am céanna corrlach a fhágáil i gcomhair caibidlíocht tráchtála idir oibreoirí.

➔ 531/2012 aithris 52 (oiriúnaithe)

(40) De dheasca an chleachtais atá ag roinnt oibreoirí líonraí soghluaiste na billí ar sholáthar glaonna fánaíochta mórdhíola a bhunú ar thréimhsí íosta muirearaithe suas go dtí 60 soicind, seachas ar bhonn ráta in aghaidh an tsoicind mar atá i bhfeidhm de ghnáth do tháillí idirnaisc mórdhíola eile, cruthaítear saobhadh iomaíochta idir na hoibreoirí sin agus iad siúd a úsáideann modhanna billeála éagsúla, agus baineann sé sin an bonn d'fheidhmiú comhsheasmhach na muirir uasta mórdhíola a ~~tugadh isteach leis an~~ ⌦ leagtar síos sa ⌫ Rialachán seo. Ina theannta sin, is ionann í agus táille bhreise a bhfuil iarmhairt dhiúltach aici ó thaobh praghsanna na seirbhísí fánaíochta guthghlaonna ar leibhéal an mhiondíola de, trí chostais mhórdhíola a ardú. Dá bhrí sin, ba cheart go gceanglófaí ar oibreoirí líonraí soghluaiste soláthar mórdhíola glaonna fánaíochta rialáilte a bhilleáil in aghaidh an tsoicind.

➔ 531/2012 aithris 64

(41) D'fhonn a áirithiú go mbeidh na muirir uasta ar sheirbhísí mórdhíola fánaíochta SMS níos gaire do leibhéil a léiríonn costais bhunúsacha fholuiteacha an tsoláthair agus go bhféadfar iomaíocht a fhorbairt ar leibhéal an mhiondíola, ba cheart na muirir uasta mórdhíola ar SMS rialáilte a beith ag teacht leis na laghduithe a dhéanfar ina dhiaidh sin.

➔ 531/2012 aithris 11 (oiriúnaithe)

~~Ní beart aonarach é Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, ach, a mhéid a bhaineann le fánaíocht uile-Aontais a dhéanamh, comhlánaíonn sé na rialacha dá bhforáiltear le creat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach, agus tá sé mar thaca leo. Níor tugadh, leis an gcreat sin, dóthain uirlisí do na húdaráis rialála náisiúnta chun gníomhú go héifeachtach agus go cinntitheach maidir le praghsáil na seirbhísí fánaíochta san Aontas, agus ar an dóigh sin ní éiríonn leis~~

~~feidhmiú réidh an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí fánaíochta a áirithiú. Ba mheán cuí é Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 chun an staid sin a chur ina ceart.~~

---

⇩ nua

(42) Chun a áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach gan bhriseadh ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar sheirbhísí éigeandála saor in aisce, níor cheart do líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu aon mhuirear mórdhíola a bhaineann leis an gcumarsáid éigeandála sin a thobhach ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta.

---

🡻 531/2012 aithris 82
⇨ nua

(43) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht na bpraghsanna miondíola ar sheirbhísí fánaíochta agus chun cuidiú le custaiméirí seirbhísí fánaíochta cinntí a dhéanamh maidir le húsáid a ngléasanna soghluaiste agus iad thar lear, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide soghluaiste faisnéis a sholáthar saor in aisce dá gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta faoi na muirir fánaíochta is infheidhme maidir leo agus seirbhísí fánaíochta á n-úsáid acu i mBallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air. Ós rud é go bhféadfadh grúpaí áirithe custaiméirí a bheith go mór ar an eolas faoi mhuirir fánaíochta, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta féidearthacht a thabhairt chun an tseirbhís teachtaireachta uathoibríoch sin a dhiúltú go héasca. ⇨Ina theannta sin, ba cheart teachtaireacht téacs a soláthar do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta, ina bhfuil nasc le leathanach gréasáin ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe ar na cineálacha seirbhíse (glaonna agus SMS) a d'fhéadfadh a bheith faoi réir costais mhéadaithe.⇦ Thairis sin, ba cheart do sholáthraithe faisnéis bhreise a thabhairt go gníomhach dá gcuid custaiméirí, arna iarraidh sin dóibh agus saor in aisce, ar choinníoll go bhfuil na custaiméirí sin lonnaithe san Aontas, faoi shonraí na muirear (CBL san áireamh) in aghaidh an nóiméid, in aghaidh an SMS, nó in aghaidh an mheigibhirt ar ghuthghlaonna a dhéanamh nó a fháil agus freisin ar SMS, MMS agus seirbhísí cumarsáide sonraí eile a sheoladh agus a fháil sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air.

---

🡻 2015/2120 aithris 31
(oiriúnaithe)

(44) ~~D'fhonn cearta custaiméirí seirbhísí fánaíochta, a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 531/2012, a neartú,~~ B~~b~~a cheart go leagfaí síos sa Rialachán seo, maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, ceanglais shonracha trédhearcachta ailínithe leis na coinníollacha sonracha taraife agus toirte ~~a bheidh le cur i bhfeidhm a luaithe a chuirfear deireadh le~~ ⌦ a bheidh infheidhme tar éis deireadh a chur le ⌫ formhuirir fánaíochta miondíola. Go háirithe, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le fógra a thabhairt go tráthúil agus saor in aisce do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta faoin mbeartas is infheidhme maidir le húsáid chóir, nuair a bheidh an toirt is infheidhme maidir le húsáid chóir seirbhísí guthghlaonna, SMS nó sonraí fánaíochta rialáilte tomhailte go hiomlán, faoi aon fhormhuirear amháin, agus faoi thomhaltas charnaithe seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte.

⬇ 531/2012 aithris 58

(45) Níor cheart go bhfaigheadh custaiméirí a bhfuil cónaí orthu i réigiúin teorann billí móra gan údar mar thoradh ar fhánaíocht neamhaireach. Ba cheart, dá bhrí sin, do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta céimeanna réasúnta a thabhairt chun tomhaltóirí a chosaint ar mhuirir fánaíochta a thabhú fad atá siad ina mBallstát féin. Ba cheart bearta leordhóthanacha faisnéise a bheith ar áireamh sna céimeanna sin d'fhonn a chur ar chumas na gcustaiméirí na teagmhais fánaíochta neamhairí sin a chosc go gníomhach. Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta bheith ar a bhfaichill maidir le staideanna ina mbeadh fadhbanna ag custaiméirí ó thaobh muirir fánaíochta a íoc agus iad fós ina mBallstát féin agus ba cheart dóibh céimeanna iomchuí a thabhairt chun an fhadhb a mhaolú.

---

⬇ 531/2012 aithris 84 (oiriúnaithe)

(46) Thairis sin, ba cheart bearta a ~~thabhairt isteach~~ ⌦ leagan síos ⌫ chun trédhearcacht a ~~fheabhsú~~ ⌦ áirithiú ⌫ maidir le muirir mhiondíola ar na seirbhísí fánaíochta sonraí go léir, go háirithe chun deireadh a chur le fadhb na mbillí an-ard a thagann gan choinne agus atá mar bhac ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus chun na huirlisí atá ag teastáil ó chustaiméirí seirbhísí fánaíochta chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a sholáthar dóibh. Ar an mbonn céanna, ba cheart nach mbeadh aon chonstaicí ar theacht chun cinn feidhmchlár nó teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh teacht in ionad na seirbhísí fánaíochta, nó a d'fhéadfaí a úsáid mar rogha ar na seirbhísí sin,⌦ lena n-áirítear go neamheisiach ⌫ ~~amhail~~ Wi-Fi.

---

⬇ 531/2012 aithris 87 (oiriúnaithe)

(47) De bhreis air sin, chun billí an-ard gan choinne a sheachaint, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta uasteorainn airgeadais amháin nó níos mó agus/nó uasteorainn toirte amháin nó níos mó a shainiú a bheidh le cur i bhfeidhm ar na muirir atá fós amuigh maidir le seirbhís fánaíochta sonraí, arna sloinneadh san airgeadra ina gcuirtear bille chuig an gcustaiméir seirbhísí fánaíochta, agus ar cheart dóibh a thairiscint saor in aisce dá gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta go léir, i bhformáid ina bhféadfaí féachaint arís uirthi ina dhiaidh sin, mar aon le fógra iomchuí nuair atáthar ag tarraingt ar an teorainn sin. Ar an uasteorainn sin a bhaint amach, níor cheart go mbeadh na seirbhísí ~~sin~~ ⌦ sin ⌫ á bhfáil a thuilleadh ag custaiméirí ná níor cheart go ngearrfaí muirear ar chustaiméirí as na seirbhísí sin mura rud é go n-iarrann siad go sonrach go leanfar de na seirbhísí sin a sholáthar i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach san fhógra. I gcás den sórt sin, ba cheart go bhfaighidís deimhniú saor in aisce, i bhformáid ina bhféadfaí féachaint arís uirthi ina dhiaidh sin. Ba cheart go dtabharfaí an deis do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta aon cheann de na huasteorainneacha airgeadais ~~sin~~ ⌦ sin ⌫ nó de na huasteorainneacha toirte sin a roghnú laistigh de thréimhse réasúnach nó an rogha a bheith aige nó aici gan teorainn den sórt sin a bheith ann. Mura rud é go luann custaiméirí a mhalairt, ba cheart iad a chur ar chóras teorann réamhshocraithe.

🡻 531/2012 aithris 88

~~(48)~~ Ba cheart go glacadh leis na bearta trédhearcachta seo mar na coimircí íosta do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta, agus níor cheart cosc a chur ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta maidir le raon saoráidí eile a thairiscint dá gcuid custaiméirí ar saoráidí iad a chabhraíonn leo a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta sonraí a thuar agus a rialú. ~~Mar shampla, tá cuid mhór soláthraithe seirbhísí fánaíochta ag forbairt tairiscintí fánaíochta miondíola nua ar chothromráta trína gceadaítear fánaíocht sonraí a dhéanamh thar thréimhse shonraithe ar phraghas sonraithe suas go teorainn toirte "úsáid chóir". Ar an mbealach céanna, tá soláthraithe seirbhísí fánaíochta ag forbairt córas lena chur ar chumas a gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta faisnéis cothrom le dáta a fháil ar bhonn fíor-ama faoi na muirir fánaíochta sonraí atá fós amuigh orthu agus atá carnaithe go dtí sin acu. Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart na forbairtí seo ar na margaí baile a léiriú sna rialacha comhchuibhithe.~~

---

🡻 531/2012 aithris 89

(49) D'fhéadfadh sé freisin go bhfaigheadh custaiméirí faoi tharaifí réamhíoctha billí an-ard gan choinne as seirbhísí fánaíochta sonraí a úsáid. Ar an gcúis sin , ba cheart go mbeadh feidhm ag na forálacha a bhaineann le teorainn scoite maidir leis na custaiméirí sin freisin.

---

🡻 531/2012 aithris 90 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(50) Tá difríochtaí móra idir taraifí fánaíochta rialáilte laistigh den Aontas agus na taraifí fánaíochta a thabhaíonn custaiméirí agus iad ag taisteal lasmuigh den Aontas, ar taraifí iad atá i bhfad níos airde ná na taraifí sin laistigh den Aontas~~,~~ ⇨ áit nach ndéantar formhuirir fhánaíochta a chur i bhfeidhm ach go heisceachtúil tar éis deireadh a bheith curtha le muirir fánaíochta miondíola⇦ . Toisc nach bhfuil cur chuige comhsheasmhach ann maidir leis an trédhearcacht agus in uireasa beart coimirce maidir le fánaíocht lasmuigh den Aontas, ní chuireann tomhaltóirí muinín ina gcearta agus dá bhrí sin is minic a bhíonn drogall orthu leas a bhaint as seirbhísí soghluaiste agus iad thar lear. Ní hamháin go gcuideodh faisnéis thrédhearcach le tomhaltóirí cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach le leas a bhaint as a ngléasanna soghluaiste agus iad thar lear (laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon), ach d'fhéadfadh sé cuidiú leo agus soláthraithe seirbhísí fánaíochta á roghnú acu. Tá sé riachtanach, mar sin, aghaidh a thabhairt ar an bhfadhbh sin maidir le heaspa trédhearcachta agus le heaspa cosanta do thomhaltóirí trí bhearta áirithe trédhearcachta agus coimirce a chur i bhfeidhm freisin maidir le seirbhísí fánaíochta a sholáthraítear lasmuigh den Aontas. Leis na bearta sin, ~~d'éascófaí an iomaíocht agus chuirfí~~ ⌦ ba cheart go n-éascófaí an iomaíocht agus go gcuirfí ⌫ feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

---

🡻 531/2012 aithris 91 (oiriúnaithe)

(51) Más rud é nach ligeann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air sa ⌦ tríú ⌫ tír a bhfuil cuairt á tabhairt uirthi ~~lasmuigh den Aontas~~ don soláthraí seirbhísí fánaíochta

faireachán a dhéanamh ar úsáid a chuid custaiméirí ar bhonn fíor-ama, níor cheart iallach a chur ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta an uasteorainn airgeadais nó an uasteorainn toirte a sholáthar chun custaiméirí a choimirciú.

---

⇩ nua

(52) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta custaiméirí seirbhísí fánaíochta a chur ar an eolas faoin deis atá ann rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála saor in aisce trí ghlao a chur ar an uimhir éigeandála Eorpach aonair '112' trí bhealaí rochtana malartacha ar sheirbhísí éigeandála. Le bealaí rochtana malartacha trí chumarsáid éigeandála cumasaítear do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta, custaiméirí seirbhísí fánaíochta faoi mhíchumas go háirithe, rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála ar bhealaí eile seachas glaonna. Mar shampla, féadtar bealaí rochtana malartacha a áirithiú trí fheidhmchláir, teachtaireachtaí, seirbhísí athsheachadta nó trí théacs i bhfíor-am nó comhrá iomlán a chuirtear chun feidhme de bhun Airteagal 4 de Threoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72].

(53) Raonta uimhrithe, lena n-áirítear na raonta uimhrithe sin a úsáidtear le haghaidh seirbhísí breisluacha, socraítear sna pleananna uimhrithe náisiúnta agus ní chomhchuibhítear ar leibhéal an Aontais iad. Dá dheasca sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh oibreoirí in ann na raonta uimhrithe le haghaidh seirbhísí breisluacha i ngach tír a aithint roimh ré. Tá raonta uimhrithe le haghaidh seirbhísí breisluacha faoi réir coinníollacha praghsála áirithe ar an leibhéal náisiúnta agus i roinnt cásanna ní dhéantar a rátaí críochnaithe a rialáil. Cé go dtuigtear sin do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta, d'fhéadfadh an leibhéal muirear mórdhíola a thabhóidh siad a bheith níos airde ná mar a mheastar. I gcás fánaíochta, ní bhíonn oibreoirí in ann aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, d'uireasa faisnéise ar raonta uimhrithe a úsáidtear le haghaidh seirbhísí breisluacha ar fud an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo ba cheart do BEREC bunachar sonraí aonair uile-Aontais slán a bhunú agus a choinneáil ar bun le haghaidh raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha. Tá an bunachar sonraí ceaptha a bheith ina uirlis trédhearcachta lena gcumasófar d'Udaráis Rialála Náisiúnta (NRAanna) agus d'oibreoirí rochtain dhíreach a bheith acu ar fhaisnéis maidir leis na raonta uimhrithe a d'fhéadfadh costais níos airde (rátaí críochnaithe) a ghiniúint sna Ballstáit uile. Is é atá ann céim riachtanach idirmheánach chun trédhearcacht ar an leibhéal miondíola a mhéadú toisc go bhféadfaí é a úsáid chun custaiméirí seirbhísí fánaíochta a chur ar an eolas maidir leis na cineálacha seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir muirir mhéadaithe le linn fánaíochta. Ba cheart do BEREC na nósanna imeachta a bhunú nach mór do na húdaráis inniúla an fhaisnéis a iarrtar faoi Airteagal 17 a soláthar agus a nuashonrú tríothu.

---

🡻 531/2012 aithris 92 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(54) Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí is gá ag na húdaráis náisiúnta inniúla chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo chun ⇨ faireachán, ⇦ maoirsiú agus forghníomhú a dhéanamh laistigh dá gcríoch ag na húdaráis rialála náisiúnta atá freagrach as cúraimí a chur i gcrích faoi ~~chreat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach~~ ⌦ Threoir (AE) 2018/1972 ⌫. Ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh freisin ar fhorbairtí i

[72] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

bpraghsáil guthsheirbhísí, ⌦ SMS ⌫ agus seirbhísí sonraí do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta agus fánaíocht á déanamh acu san Aontas, lena n-áirítear, i gcás inar iomchuí, na costais shonracha a bhaineann le glaonna fánaíochta a dhéantar agus a fhaightear sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus ar an ngá atá lena áirithiú gur féidir na costais sin a aisghabháil go leordhóthanach ar an margadh mórdhíola, agus nach n-úsáidtear teicnící stiúrtha tráchta chun rogha a shrianadh chun aimhleasa na gcustaiméirí. Ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear faisnéis chothrom le dáta faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar fáil do na páirtithe leasmhara agus go bhfoilseofar torthaí an fhaireacháin sin gach sé mhí. Ba cheart faisnéis ar chustaiméirí corparáideacha, custaiméirí iar-íoctha agus custaiméirí réamhíoctha a sholáthar ar leithligh.

---

| 🡻 531/2012 aithris 93 (oiriúnaithe) |
|---|

(55) Maidir le fánaíocht sa bhaile sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, áit a mbíonn na ceadúnais teileafónaíochta soghluaiste éagsúil leis na ceadúnais a eisítear i ndáil leis an gcuid eile den chríoch náisiúnta, d'fhéadfadh sí leas a bhaint as laghduithe ar an ráta a bheadh coibhéiseach leis na laghduithe sin a dhéantar sa mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí fánaíochta. Níor cheart go gcruthódh cur chun feidhme an Rialacháin seo cóir phraghsála lena mbainfeadh níos lú fabhair do chustaiméirí a bheadh ag úsáid seirbhísí fánaíochta baile le hais custaiméirí a bheadh ag úsáid seirbhísí fánaíochta uile-Aontais. Chun na críche = ⌦sin ⌫, féadfaidh na húdaráis náisiúnta bearta breise a ghlacadh atá comhsheasmhach le dlí an Aontais.

---

| 🡻 2017/920 aithris 20 (oiriúnaithe) |
|---|

(56) Agus rúndacht ghnó á áirithiú agus chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme ⌦ an Rialacháin seo ⌫ ~~Rialachán (AE) Uimh. 531/2012~~ agus ar fhorbairtí sna margaí fánaíochta mórdhíola, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta a bheith i dteideal faisnéis a cheangal ar na comhaontuithe fánaíochta mórdhíola nach ndéanann foráil chun muirir uasta fánaíochta mhórdhíola a chur i bhfeidhm. Ba cheart freisin lamháil do na húdaráis sin faisnéis a cheangal ar ghlacadh agus ar chur i bhfeidhm coinníollacha i gcomhaontuithe fánaíochta mórdhíola a bhfuil sé mar aidhm leo cosc a chur le buanfhánaíocht agus ar aon úsáid aimhrialta nó aon mhí-úsáid a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola chun críoch eile seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí fánaíochta agus na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas.

---

| 🡻 531/2012 aithris 81 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

(57) Más rud é gur léir do sholáthraithe seirbhísí ~~teileafónaíochta~~ soghluaiste an Aontais go bhfuil sochair na hidir-inoibritheachta agus na lúdrachta ceann go ceann dá gcuid custaiméirí i gcontúirt de bharr deireadh a chur lena socruithe fánaíochta le hoibreoirí líonra soghluaiste i mBallstáit eile, nó mar gheall ar an mbaol go gcuirfí deireadh leis na socruithe sin, nó nach bhfuil ar a gcumas seirbhísí a sholáthar dá gcuid custaiméirí i mBallstát eile mar thoradh ar easpa comhaontaithe le soláthraí líonra mórdhíola amháin ar a laghad, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta leas a bhaint, nuair is gá, as na cumhachtaí faoi Airteagal 61~~5~~ de Threoir ~~na Rochtana~~ (AE) 2018/1972 chun rochtain leordhóthanach agus idirnascadh leordhóthanach a áirithiú ~~d'fhonn lúdracht~~

ceann go ceann agus idir-inoibritheacht na seirbhísí sin a áirithiú, ag cur na gcuspóirí ⌦ a leagtar amach in ⌫ Airteagal 3 8 den Treoir Réime ⌦ sin ⌫ san áireamh, go háirithe ⌦ an ⌫ margadh inmheánach lánfheidhmiúil a chruthú ⇨ fhorbairt ⇦ i gcomhair seirbhísí cumarsáide leictreonaí ⇨ trí thús áite a thabhairt do sholáthar, infhaighteacht agus idirinoibritheacht seirbhísí uile-Eorpacha agus lúdracht ceann le ceann ⇦ .

---

🡻 2017/920 aithris 21 (oiriúnaithe)

(58) Fágann an rialáil shonrach ar phraghsanna is infheidhme maidir le seirbhísí fánaíochta mórdhíola go bhfuil feidhm ag uasteorainn fhoriomlán Aontais maidir le táirge ilchodach ina bhféadfar ionchuir rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola eile agus ionchuir idirnaisc mhórdhíola eile a áireamh freisin, lena n-áirítear go háirithe táirgí atá faoi réir rialáil náisiúnta nó a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialáil trasteorann. Maidir leis sin, tuartar go dtiocfaidh laghdú ar na difríochtaí i rialáil na n-ionchur sin ar fud an Aontais, go háirithe mar gheall ar bhearta breise a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73] (an Chreat-Treoir) (AE) 2018/1972 arb é is aidhm di cineálacha cur chuige rialála níos comhsheasmhaí a áirithiú. Idir an dá linn, agus díospóid á réiteach idir oibreoirí líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt air agus oibreoirí eile maidir leis na rátaí a chuirtear i bhfeidhm ar ionchuir rialáilte is gá chun seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar, ní mór an tuairim a eiseoidh BEREC a chur san áireamh i gcás ina chuathas i gcomhairle leis, i gcomhréir leis na hoibleagáidí rialála sonracha is infheidhme maidir le fánaíocht agus i gcomhréir le is an Treoir Réime agus Treoracha 2002/19/CE[74], 2002/20/CE[75] agus 2002/22/CE[76] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Treoir(AE) 2018/1972.

---

🡻 531/2012 aithris 94

Agus rialacha á leagan síos acu maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit, a chur san áireamh, *inter alia*, go bhféadfadh soláthraithe seirbhísí fánaíochta cúiteamh a íoc le custaiméirí as aon mhoill nó as aon bhac a chuirfí orthu agus iad ag athrú go soláthraí malartach seirbhísí fánaíochta, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.

---

🡻 2017/920 aithris 22 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(59) Is gá faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar fheidhmiú na margaí fánaíochta mórdhíola agus ar a n-idirghaol leis na margaí fánaíochta miondíola agus

73 Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Chreat-Treoir) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 33).

74 Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara, agus maidir le hidirnasc a bheith eatarthu (Treoir na Rochtana) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 7).

75 Treoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Údaraithe) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 21).

76 Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le Seirbhís Uilíoch) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 51).

forbairtí iomaíocha agus teicneolaíocha mar aon le sreafaí tráchta á gcur i gcuntas. ~~Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, faoin 15 Nollaig 2018, tuarascáil catramhach ina n-achoimrítear éifeachtaí deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus aon tuarascáil ábhartha ó BEREC á chur i gcuntas.~~ Ba cheart don Choimisiún ~~ina dhiaidh sin~~ ⇨ dhá ⇦ thuarascáil ~~débhliantúla~~ a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. ~~Ba cheart an chéad tuarascáil sin a chur isteach faoin 15 Nollaig 2019.~~Ina thuarascálacha débhliantúla ba cheart don Choimisiún, go háirithe, a mheasúnú an bhfuil aon tionchar ag FATB ar éabhlóid na bpleananna taraife atá ar fáil ar na margaí miondíola. Ba cheart go n-áireofaí sa mhéid ~~seo~~ ⌦ sin, ⌫ ar thaobh amháin, measúnú ar theacht chun cinn aon phleananna taraife nach n-áiríonn ach amháin seirbhísí baile agus a eisiann seirbhísí fánaíochta miondíola ar fad, rud a bhaineann an bonn de chuspóir FATB agus, ar an taobh eile, measúnú ar aon laghdú ar infhaighteacht pleananna taraife bunráta, a d'fhéadfadh a bheith ina chaillteanas do thomhaltóirí agus an bonn a bhaint de chuspóirí an mhargaidh aonair dhigitigh. Ba cheart go ndéanfadh tuarascálacha ~~débhliantúla~~ an Choimisiúin, go háirithe, anailís ar a mhéid atá formhuirir fánaíochta miondíola eisceachtúla údaraithe ag na húdaráis rialála náisiúnta, ar chumas na n-oibreoirí líonra baile a samhlacha muirearaithe baile a chothú agus ar chumas na n-oibreoirí líonra a bhfuil cuairt á tabhairt orthu costais na seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte arna dtabhú go héifeachtúil a aisghabháil. ⇨ Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfaí measúnú i dtuarascála an Choimisiúin, ar an leibhéal mórdhíola, ar an gcaoi a n-áirithítear rochtain ar na teicneolaíochtaí agus na glúine líonra; an leibhéal úsáide a bhaintear as ardáin trádála agus ionstraimí comhchosúla eile le haghaidh trácht trádála ar an leibhéal mórdhíola; forbairt na fánaíochta meaisín le meaisín; na fadhbanna buanseasmhacha ar an leibhéal miondíola i ndáil le seirbhísí breisluacha agus cur i bhfeidhm na mbeart maidir le cumarsáid éigeandála ⇦. Chun an tuairisciú sin a chumasú d'fhonn a mheasúnú conas a théann na margaí fánaíochta i dtaithí ar na rialacha FATB, ba cheart sonraí leordhóthanacha a bhailiú maidir le feidhmiú na margaí sin i ndiaidh chur chun feidhme na rialacha sin.

---

🡻 2017/920 aithris 23
⇨ nua

(60) Chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí iomaíocha i margaí fánaíochta ar fud an Aontais agus chun tuairisciú go rialta ar athruithe ar mhuirir fánaíochta mhórdhíola iarbhír i dtaca le trácht neamhchothromaithe idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta, ba cheart do BEREC sonraí a bhailiú ó na húdaráis rialála náisiúnta maidir leis na muirir iarbhír a chuirtear i bhfeidhm i gcás trácht cothromaithe agus neamhchothromaithe faoi seach. Ba cheart do BEREC sonraí a bhailiú freisin maidir le cásanna inar roghnaigh páirtithe i gcomhaontú mórdhíola fánaíochta gan muirir uasta fánaíochta mhórdhíola a chur i bhfeidhm nó inar cuireadh bearta chun feidhme ar an leibhéal mórdhíola arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar bhuanfhánaíocht nó ar úsáid rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola, ar úsáid aimhrialta nó mí-úsáid í, chun críoch seachas seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad atá na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas go tréimhsiúil. Ar bhonn na sonraí arna mbailiú ⇨ ar leibhéal leordhóthanach gráinneachta ⇦, ba cheart do BEREC tuairisciú go rialta ar an ngaol idir praghsanna miondíola, muirir mhórdhíola agus costais mhórdhíola do sheirbhísí fánaíochta. ⇨ Ina theannta sin, ba cheart do BEREC an fhaisnéis is gá a bhailiú chun go bhféadfaí faireachán a dhéanamh ar na heilimintí nach mór measúnú a dhéanamh orthu faoi Airteagal 21(1) den Rialachán seo. ⇦

🡻 2017/920 aithris 24 (oiriúnaithe)

(61) Ba cheart don Choimisiún, do BEREC agus do na húdaráis náisiúnta rialála lena mbaineann rúndacht gnó a áirithiú go hiomlán nuair a roinnfear faisnéis chun cur i bhfeidhm ~~Rialachán (AE) Uimh. 531/2012~~ ⌦ an Rialacháin seo ⌫ a athbhreithniú agus chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh air. Níor cheart go gcoiscfeadh comhlíonadh ceanglas rúndachta gnó, dá bhrí sin, ar údaráis rialála náisiúnta a bheith ábalta faisnéis rúnda a roinnt go tráthúil chun na gcríoch sin.

---

⇩ nua

(62) D’fhonn a áirithiú go bhfuil na muirir uasta mhórdhíola bunaithe ar shonraí a bailíodh agus a nuashonraíodh le déanaí, ba cheart an chumhacht chun bearta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún chun na muirir uasta mhórdhíola a d’fhéadfadh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta as seirbhísí fánaíochta guthghlao, SMS agus sonraí rialáilte a sholáthar trí bhíthin líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Ba cheart go leagfaí síos sa Rialachán seo critéir agus paraiméadair mhionsonraithe ar a mbonn a shocrófar luachanna na muirear uasta mórdhíola sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[77]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

🡻 531/2012 aithris 95 agus
2015/2120 aithris 34 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(63) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ~~cur chuige comhchoiteann a bhunú lena áirithiú nach n-íocfaidh úsáideoirí líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste, agus iad ag taisteal laistigh den Aontas, praghsanna iomarcacha ar sheirbhísí fánaíochta uile-Aontais, agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a bhaint amach ar an dóigh sin tríd an iomaíocht idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta a fheabhsú,~~ ⇨ foráil maidir le cur chuige comhchoiteann lena áirithiú nach ndéanfaidh úsáideoirí líonraí cumarsáide soghluaiste, agus iad ag taisteal laistigh den Aontas, praghsanna iomarcacha a íoc as seirbhísí fánaíochta uile-Aontais i gcomparáid le praghsanna iomaíocha náisiúnta agus san am céanna an trédhearcacht a mhéadú agus a áirithiú go mbeidh inbhuanaitheacht i soláthar seirbhísí fánaíochta miondíola ar phraghsanna baile chomh maith le fíoreispéireas FATB i dtéarmaí cáilíocht seirbhíse le linn fánaíochta, ⇦ a bhaint amach ~~go leordhóthanach ar dhóigh chinnte, chomhchuibhithe agus thráthúil agus gur fearr dá bhrí sin is féidir iad a bhaint amach~~, ach gur fearr gur féidir ~~dá bharr~~ ar ⌦ an gcaoi sin ⌫ iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na

---

77 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

---

↓ 2017/920 aithris 27

(64) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.,

---

↓ 2015/2120 aithris 35 (oiriúnaithe)

(65) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 4228(2) de Rialachán (AE) 2018/1725[78] (CE) Uimh 45/2001[79] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an 24 Samhain 2013,

---

↓ 531/2012 aithris 12

Tá creat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach bunaithe ar an bprionsabal ar dá réir nár cheart oibleagáidí rialála ex ante a fhorchur ach i gcás nach bhfuil iomaíocht éifeachtach ann agus sa chás sin amháin, agus foráiltear leis do phróiseas ina ndéanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta anailís mhargaidh agus athbhreithniú oibleagáidí go tréimhsiúil, as a leanfaidh forchur oibleagáidí ex ante ar oibreoirí a ainmneofar mar oibreoirí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu. Áirítear ar na heilimintí den phróiseas sin sainmhíniú ar na margaí ábhartha i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir leis na margaí ábhartha táirgí agus seirbhísí laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi réir rialála ex ante i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE[80] (dá ngairtear "an Moladh" anseo feasta), anailís ar na margaí sainmhínithe i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le hanailís mhargaidh agus measúnú ar chumhacht shuntasach sa mhargadh faoi chreat rialála an Aontais maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí[81], ainmniú oibreoirí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu agus forchur na n-oibleagáidí ex ante ar oibreoirí a ainmnítear amhlaidh.

---

↓ 531/2012 aithris 13 (oiriúnaithe)

Sainaithníodh sa Mholadh gur margadh ábhartha a fhéadfar a chur faoi réir rialála ex ante é an margadh náisiúnta mórdhíola i gcomhair fánaíochta idirnáisiúnta ar líonraí poiblí soghluaiste. Mar sin féin, tá léirithe ag an obair atá déanta ag na húdaráis rialála náisiúnta, ina n-aonar

---

78 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

79 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag na hinstitiúidí agus na comhlachtaí Comhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

80 IO L 114, 8.5.2003, lch. 45.

81 IO C 165, 11.7.2002, lch. 6.

agus laistigh de Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha (ERG) agus dá chomharba Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[82], ina n-anailís ar na margaí náisiúnta mórdhíola d'fhánaíocht idirnáisiúnta nár fhéad údarás rialála náisiúnta go dtí seo dul i ngleic go héifeachtúil leis an leibhéal ard atá ag muirir mhórdhíola fánaíochta uile-Aontais mar gheall ar an deacracht a bhaineann le gnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu a aithint i bhfianaise imthosca sainiúla na fánaíochta idirnáisiúnta, lena n-áirítear a gcineál trasteorann. Tar éis do Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 teacht i bhfeidhm, baineadh an margadh fánaíochta as an Moladh leasaithe [83].

---

↓ 531/2012 aithris 15

Dá réir sin, tá brú á chur ar Bhallstáit bearta a ghlacadh chun dul i ngleic le leibhéal na muircar fánaíochta idirnáisiúnta, ach ní leor an sásra d'idirghabháil rialála ex ante ag údaráis rialála náisiúnta dá bhforáiltear le creat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach lena chur ar chumas na n-údarás sin gníomhú go cinntitheach chun leasa na dtomhaltóirí sa réimse sonrach sin.

---

↓ 531/2012 aithris 16 (oiriúnaithe)

Sa bhreis air sin, iarradh ar an gCoimisiún i Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le rialáil agus margaí chumarsáid leictreonach na hEorpa [84] tionscnaimh nua a fhorbairt chun costais arda an tráchta trasteorann teileafón soghluaiste a laghdú, agus tháinig Comhairle Eorpach an 23 agus an 24 Márta 2006 ar an gconclúid go bhfuil beartais dhírithe, éifeachtacha agus lánpháirtithe um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (ICT) ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta araon riachtanach chun na spriocanna i dtaca le fás eacnamaíoch agus táirgiúlacht a bhaint amach agus thug sí ar aird sa chomhthéacs sin an tábhacht don iomaíochas atá ag baint le muirir fánaíochta a laghdú.

---

↓ 531/2012 aithris 17

Bhí sé d'aidhm ag creat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach, bunaithe ar na cúinsí ba léir ag an am, deireadh a chur leis na bacainní go léir ar thrádáil idir Bhallstáit sa limistéar a ndearna sé comhchuibhiú air, inter alia, bearta a dhéanann difear do mhuirir fánaíochta. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar rialacha comhchuibhithe a oiriúnú ar aon dul le cúinsí eile chun teacht ar na bealaí is éifeachtaí d'fhonn iomaíocht a fheabhsú sa mhargadh inmheánach maidir le seirbhísí fánaíochta agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí a bhaint amach.

---

82 Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus an Oifig (IO L 337, 18.12.2009, lch. 1).

83 Moladh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2007 maidir le margaí ábhartha táirgí agus margaí ábhartha seirbhísí laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi réir rialála *ex ante* i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat rialála coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (IO L 344, 28.12.2007, lch. 65).

84 IO C 285 E, 22.11.2006, lch. 143.

↓ 531/2012 aithris 21 (oiriúnaithe)

~~Rachaidh Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 in éag an 30 Meitheamh 2012. Roimh dó dul in éag, rinne an Coimisiún athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11 de, lenar ceanglaíodh air measúnú a dhéanamh i dtaobh ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin sin agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse na dtáillí mórdhíola agus miondíola i gcomhair seirbhísí cumarsáide, guthghlaonna, SMS agus sonraí a sholáthar do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta. Ina thuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le toradh an athbhreithnithe ar fheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh iomchuí infheidhmeacht Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a fhadú thar an 30 Meitheamh 2012.~~

↓ 531/2012 aithris 22 (oiriúnaithe)

~~Maidir leis na sonraí faoi fhorbairt praghsanna do sheirbhísí fánaíochta uile-Aontais guthghlaonna, SMS agus sonraí ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, lena n-áirítear go háirithe na sonraí arna mbailiú ag na húdaráis rialála náisiúnta ar bhonn ráithiúil agus arna dtuairisciú trí mheán BEREC, ní thugann siad fianaise lena thabhairt le fios gur tháinig forás réasúnta ar iomaíocht ar leibhéal an mhiondíola nó ar leibhéal an mhórdhíola ná gur dócha go mbeidh sí inbhuanaithe ó mhí an Mheithimh 2012 ar aghaidh gan bearta rialála a bheith i bhfeidhm. Léiríonn sonraí den sórt sin go bhfuil praghsanna fánaíochta miondíola agus mórdhíola fós i bhfad níos airde ná praghsanna baile agus go bhfuil siad fós ag cnuasach ag na teorainneacha, nó gar do na teorainneacha, a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, agus nach bhfuil ach iomaíocht theoranta ann faoi bhun na dteorainneacha sin.~~

↓ 531/2012 aithris 23 (oiriúnaithe)

~~Dá bhrí sin, dá rachadh na coimircí rialála a bhfuil feidhm acu maidir le seirbhísí fánaíochta uile-Aontais ar leibhéil mhórdhíola agus mhiondíola de bhua Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 in éag an 30 Meitheamh 2012, bheadh riosca suntasach ann gurb é an toradh a bheadh ar an easpa fholuiteach brúnna iomaíochta sa mhargadh inmheánach do sheirbhísí fánaíochta agus ar an dreasacht a bheadh ann do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta a n-ioncam fánaíochta a uasmhéadú ná go mbeadh praghsanna miondíola agus mórdhíola ann ar fhánaíocht uile-Aontais ar praghsanna iad nach léiriú réasúnta iad ar na costais fholuiteacha a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar, rud a chuirfeadh cuspóirí an Rialacháin sin i mbaol. Ba cheart, dá bhrí sin, idirghabháil rialála sa mhargadh seirbhísí fánaíochta soghluaiste a fhadú thar an 30 Meitheamh 2012 chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí ligean don iomaíocht forbairt, agus ag an am céanna trína ráthú go leanfaidh na tomhaltóirí de thairbhe a bhaint as an ráthaíocht nach ndéanfar praghas iomarcach, i gcomparáid le praghsanna iomaíocha náisiúnta, a ghearradh orthu.~~

↓ 531/2012 aithris 30

~~Díoltar seirbhísí cumarsáide soghluaiste i bhfoirm chuachta, lena n-áirítear seirbhísí baile agus seirbhísí fánaíochta, rud a chuireann srian ar an rogha atá ag custaiméirí ar sheirbhísí fánaíochta. Tugann pacáistí cuachta den sórt sin níos lú trédhearcachta i leith seirbhísí fánaíochta, ós rud é gur deacair ítimí ar leithligh laistigh de na pacáistí a chur i gcomparáid le chéile. Dá réir sin, ní léir fós go bhfuil aon chomórtas ann idir oibreoirí bunaithe ar an eilimint fánaíochta den phacáiste cuachta soghluaiste. Dá n-éascófaí an inrochtaineacht atá ar~~

~~fhánaíocht mar sheirbhís ar leithligh d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna struchtúracha trí fheasacht tomhaltóirí ar phraghsanna fánaíochta a ardú, rud a cheadódh rogha ar leith do thomhaltóirí maidir le seirbhísí fánaíochta agus thiocfadh méadú, dá réir sin, ar an mbrú iomaíochta i dtaobh an éilimh de. Rannchuideodh sé sin le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh i seirbhísí fánaíochta.~~

---

↓ 531/2012 aithris 41

~~Go dtí go mbeidh dóthain iomaíochta sa mhargadh inmheánach do sheirbhísí fánaíochta cruthaithe trí na bearta struchtúracha, rud as a dtiocfadh laghduithe ar chostais mórdhíola a chuirfí ar aghaidh chuig na custaiméirí dá réir, is é an cur chuige is éifeachtúla agus is comhréirí i leith rialáil leibhéal na bpraghsanna chun glaonna fánaíochta a dhéanamh agus a fháil laistigh den Aontas meánmhuirear uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal an mhórdhíola a shocrú ar leibhéal an Aontais agus muirir a theorannú ar leibhéal miondíola tríd an Eoratharaif a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, ar taraif í a leathnaíodh leis an taraif Eora-SMS dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 [85] agus ar taraif í ar cheart a leathnú leis an taraif Eora-shonraí dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola idir aon dá oibreoir líonraí soghluaiste laistigh den Aontas thar thréimhse shonraithe.~~

---

↓ 531/2012 aithris 42

~~Ba cheart na taraifí sealadacha Eora-ghuthghlao, Eora-SMS, agus Eora-shonraí a shocrú ar leibhéal coimirce, lena ráthófaí corrlach dóthanach do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta agus lena spreagfaí tairiscintí iomaíocha fánaíochta ag rátaí níos ísle agus lena n-áiritheofaí, ag an am céanna, ní amháin go gcaomhnófaí na sochair a fhaigheann tomhaltóirí ach go méadófaí orthu le linn idirthréimhse ina gcuirfí na bearta struchtúracha chun feidhme. Le linn na tréimhse lena mbaineann, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta aird na gcustaiméirí a tharraingt go gníomhach ar fhaisnéis faoi na Eora-tharaifí agus iad a thairiscint dá gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta uile, saor in aisce, agus ar bhealach soiléir, trédhearcach.~~

---

↓ 531/2012 aithris 43

~~Ba cheart go léireofaí leis na taraifí sealadacha Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí a thairgfear do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta corrlach réasúnta ar an gcostas mórdhíola a bhaineann le seirbhís fánaíochta a sholáthar, agus an tsaoirse á tabhairt ag an am céanna do sholáthraithe fánaíochta dul in iomaíocht trí idirdhealú a dhéanamh ar a gcuid tairiscintí agus a gcuid struchtúr praghsála a chur in oiriúint do choinníollacha an mhargaidh agus do na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí. Ba cheart teorainneacha coimirce den sórt sin a shocrú ag leibhéil nach ndéanann saobhadh ar na sochair iomaíocha a thig as bearta struchtúracha agus d'fhéadfaí deireadh a chur leo a luaithe a bheadh deis ag na bearta struchtúracha sochair nithiúla a sholáthar do chustaiméirí. Ba cheart nach mbeadh feidhm ag an gcur chuige rialála sin maidir leis an gcuid sin den taraif a ghearrfar chun seirbhísí breisluacha a sholáthar, ach ba cheart go mbeadh feidhm aige maidir leis na taraifí sin a ghearrfar chun cónascadh leis na seirbhísí sin, agus maidir leis na taraifí sin amháin.~~

---

[85] ~~Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí teileafón soghluaiste laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 2002/21/CE maidir le creat rialúcháin coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (IO L 167, 29.6.2009, lch. 12).~~

↓ 531/2012 aithris 44

~~Ba cheart go mbeadh an cur chuige rialála sin éasca le cur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh air d'fhonn an t-ualach riaracháin a íoslaghdú ar na hoibreoirí agus ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta a ndéanann a chuid ceanglais difear dóibh agus ar na húdaráis rialála náisiúnta a mbeidh maoirseacht agus forghníomhú de chúram orthu. Ba cheart freisin go mbeadh sé trédhearcach agus intuigthe láithreach do na custaiméirí seirbhísí soghluaiste go léir laistigh den Aontas. Chomh maith leis sin, ba cheart go dtabharfadh sé cinnteacht agus intuarthacht d'oibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí fánaíochta mórdhíola agus miondíola. Ba cheart, dá bhrí sin, leibhéal na muirear uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal mórdhíola agus ar leibhéal miondíola a shonrú go díreach i dtéarmaí airgid sa Rialachán seo.~~

↓ 531/2012 aithris 45

~~Ba cheart go ndéanfadh an meánmhuirear uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal mórdhíola, arna shonrú amhlaidh, na heilimintí éagsúla a bhaineann le glao fánaíochta uile-Aontais a dhéanamh a chur san áireamh, go háirithe costas thosú agus chríochnú na nglaonna thar líonraí soghluaiste mar aon le forchostais, comharthaíocht agus trasdul. Is é an tagarmharc is oiriúnaí do thosú glao agus do chríochnú glao ná an meánráta críochnaithe teileafón soghluaiste i gcomhair oibreoirí líonra soghluaiste san Aontas, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag na húdaráis rialála náisiúnta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún. Ba cheart an meánmhuirear uasta in aghaidh an nóiméid a bhunaítear leis an Rialachán seo a shocrú, dá bhrí sin, agus an meánráta críochnaithe soghluaiste á chur san áireamh, rud a thabharfaidh tagarmharc i gcomhair na gcostas a bheidh i gceist. Ba cheart go laghdódh an meánráta uasta in aghaidh an nóiméid ar leibhéal mórdhíola go bliantúil chun laghduithe ar rátaí críochnaithe soghluaiste a fhorchuirfidh na húdaráis rialála náisiúnta ó am go ham a chur san áireamh.~~

↓ 531/2012 aithris 46

~~Ba cheart go ndeimhneofaí leis an taraif shealadach Eora-ghuthghlao is infheidhme ar leibhéal an mhiondíola do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta nach ngearrfar praghas iomarcach orthu nuair a dhéanfaidh siad nó nuair a gheobhaidh siad glao fánaíochta rialáilte, agus corrlach dóthanach á thabhairt ag an am céanna don soláthraí seirbhísí fánaíochta chun idirdhealú a dhéanamh ar na táirgí a thairgfidh siad dá gcuid custaiméirí.~~

↓ 531/2012 aithris 47

~~Le linn idirthréimhse na dteorainneacha coimirce, ba cheart go gcuirfí gach tomhaltóir ar an eolas faoi tharaif shimplí fánaíochta nach rachaidh thar na muirir uasta agus go mbeadh an rogha acu an taraif sin a roghnú, gan aon mhuirir bhreise ná réamhchoinníollacha a bheith i gceist. Ba cheart go gcinnteodh corrlach réasúnta idir na costais mhórdhíola agus na praghsanna miondíola go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta a gcuid costas sonrach fánaíochta go léir ar leibhéal miondíola a chlúdach, lena n-áirítear sciaranna cuí de chostais mhargaíochta agus fóirdheontais i gcomhair sásanna láimhe, agus go bhfágfar iad le hiarmhar dóthanach chun toradh réasúnta a bhaint amach. Is bealach iomchuí iad na taraifí sealadacha Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí chun an tomhaltóir a chosaint agus chun solúbthacht a sholáthar do sholáthraí seirbhísí fánaíochta. Ba cheart go dtiocfaidh laghdú gach bliain ar uasleibhéil na dtaraifí Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí i gcomhréir le leibhéal an mhórdhíola.~~

↓ 531/2012 aithris 48

~~Le linn idirthréimhse na dteorainneacha coimirce, ba cheart raon iomlán na dtaraifí atá ann i gcomhair fánaíochta san Aontas, lena n-áirítear na taraifí a chomhlíonann na taraifí sealadacha Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí, a chur in iúl go hiomlán do chustaiméirí nua seirbhísí fánaíochta ar bhealach soiléir, intuigthe. Ba cheart an deis a thabhairt do na custaiméirí seirbhísí fánaíochta atá ann cheana taraif nua a chomhlíonann na taraifí sealadacha Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí nó aon taraifí fánaíochta eile a roghnú laistigh de thréimhse ama áirithe. Maidir le custaiméirí seirbhísí fánaíochta atá ann cheana agus nach mbeidh a rogha déanta acu laistigh den tréimhse ama sin, is cuí idirdhealú a dhéanamh idir na daoine a roghnaigh taraif shonrach fánaíochta nó pacáiste sonrach fánaíochta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus na daoine nach ndearna amhlaidh. Ba cheart taraif a chomhlíonfaidh ceanglais an Rialacháin seo a thabhairt go huathoibríoch do na custaiméirí is deireanaí atá luaite. Maidir le custaiméirí seirbhísí fánaíochta atá ag baint leasa cheana as taraifí nó pacáistí sonracha fánaíochta a oireann dá gcuid riachtanas aonair agus atá roghnaithe ar an mbunús sin acu, ba cheart go leanfaidís leis an taraif nó leis an bpacáiste a bhí roghnaithe roimhe sin acu más rud é, tar éis a gcuid coinníollacha taraife reatha agus na Eoratharaifí is infheidhme a bheith meabhraithe dóibh, go gcuirfidh siad rogha leanúint leis an taraif sin in iúl dá soláthraí seirbhísí fánaíochta. D'fhéadfadh sé go mbeadh san áireamh sna taraifí nó sna pacáistí fánaíochta sonracha sin, mar shampla, cothromrátaí fánaíochta, taraifí neamhphoiblí, taraifí lena ngabhann muirir sheasta bhreise fánaíochta, taraifí lena ngabhann muirir in aghaidh an nóiméid atá níos ísle ná na huastaraifí Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí nó taraifí lena ngabhann muirir bhunaithe.~~

---

↓ 531/2012 aithris 49 (oiriúnaithe)

~~Ós rud é gur cheart gurb éard a bheadh sa Rialachán seo beart sonrach de réir bhrí Airteagal 1(5) den Treoir Réime, agus ós rud é go bhféadfadh sé go ndéanfaí leis an Rialachán seo é a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta uile-Aontais athruithe a dhéanamh ar a dtaraifí miondíola fánaíochta chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, níor cheart go ndúiseodh athruithe den sórt sin aon cheart, faoi na dlíthe náisiúnta lena dtrasuítear creat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach, le haghaidh custaiméirí soghluaiste tarraingt siar as a gconarthaí.~~

---

↓ 531/2012 aithris 50 (oiriúnaithe)

~~Níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo dochar do thairiscintí nuálacha do chustaiméirí atá níos tairbhí ná na taraifí sealadacha Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí mar a shainmhínítear sa Rialachán seo iad, ach is amhlaidh gur cheart go spreagfadh sé tairiscintí nuálacha do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta ag rátaí níos ísle go háirithe mar fhreagairt ar an mbrú breise iomaíoch a chruthaítear le forálacha struchtúracha an Rialacháin seo. Ní éilíonn an Rialachán seo go dtabharfaí muirir fánaíochta ar ais arís i gcásanna ina bhfuil deireadh curtha leo amach is amach, ná ní éilíonn sé go n-ardófaí muirir fánaíochta go dtí leibhéal na dteorainneacha sealadacha coimirce a leagtar amach sa Rialachán seo.~~

↓ 531/2012 aithris 53 (oiriúnaithe)

~~Ba é an meastachán a rinne ERG, réamhtheachtaí BEREC, gurb é a lean as an gcleachtas atá ag oibreoirí soghluaiste, is é sin, úsáid a bhaint as tréimhsí muirearaithe is faide ná soicind amháin agus iad i mbun billeála do sheirbhísí fánaíochta ar leibhéal an mhiondíola ná 24 % a chur le gnáthbhille taraife Eora-ghuthghlao i gcás glaonna a rinneadh agus 19 % a chur le billí den sórt sin i gcás glaonna a fuarthas. Luaigh siad freisin gurb ionann na méaduithe sin agus cineál táille ceilte ós rud é nach bhfuil siad trédhearcach don chuid is mó de na tomhaltóirí. Ar an gcúis sin, mhol ERG gníomhaíocht phráinneach chun aghaidh a thabhairt ar na cleachtais éagsúla billeála a chuirtear i bhfeidhm ar an taraif Eora-ghuthghlao ar leibhéal an mhiondíola.~~

↓ 531/2012 aithris 54

~~Cé gurb é a rinneadh le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, agus Eorataraif á tabhairt isteach leis san Aontas, ná cur chuige comhchoiteann a bhunú chun a áirithiú nach ndéantar praghsanna iomarcacha a mhuirearú ar chustaiméirí seirbhísí fánaíochta as glaonna fánaíochta rialáilte, is é a tharlaíonn mar gheall ar na cleachtais éagsúla ó thaobh na n-aonad billeála a chuireann oibreoirí soghluaiste i bhfeidhm ná go mbaintear an bonn go mór ó chur i bhfeidhm comhréireach an chur chuige sin. Ciallaíonn sé seo freisin, d'ainneoin chineál trasteorann na seirbhísí fánaíochta uile-Aontais, go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige ann maidir le billeáil a dhéanamh ar ghlaonna fánaíochta rialáilte agus dá bharr sin déantar saobhadh ar na dálaí iomaíocha sa mhargadh inmheánach.~~

↓ 531/2012 aithris 55

~~Dá bhrí sin, ba cheart sraith choiteann rialacha maidir leis na haonaid a úsáidtear sna billí taraife Eora-ghuthghlao ar leibhéal an mhiondíola a thabhairt isteach chun an margadh inmheánach a neartú tuilleadh agus chun an t-ardleibhéal céanna cosanta a sholáthar ar fud an Aontais do thomhaltóirí seirbhísí fánaíochta uile-Aontais.~~

↓ 531/2012 aithris 56

~~Ba cheart go gceanglófaí ar sholáthraithe glaonna fánaíochta rialáilte ar leibhéal an mhiondíola a gcuid custaiméirí a bhilleáil ar bhonn ráta in aghaidh an tsoicind do na glaonna ar fad atá faoi réir taraife Eora-ghuthghlao, ach sin faoi réir an fhéidearthacht a bheith ann tréimhse muirearaithe tosaigh íosta nach faide ná 30 soicind a chur i bhfeidhm do ghlaonna a dhéantar agus faoina réir sin amháin. Cuirfidh sé sin ar chumas soláthraithe seirbhísí fánaíochta aon chostais réasúnacha i ndáil le tosú glaonna a chlúdach chomh maith le solúbthacht chun bheith in ann dul in iomaíocht trí thréimhsí íosta muirearaithe níos giorra a thairiscint. Níl údar maith le tréimhse muirearaithe tosaigh íosta a bheith ann i gcás glaonna taraife Eora-ghuthghlao a fhaightear toisc go ndéantar an costas mórdhíola foluiteach a mhuirearú ar bhonn ráta in aghaidh an tsoicind agus go gcumhdaítear aon chostais shonracha i ndáil le tosú glaonna sna rátaí críochnaithe soghluaiste cheana féin.~~

↓ 531/2012 aithris 57

~~Níor cheart go mbeadh ar chustaiméirí íoc as teachtaireachtaí glórphoist a fháil i líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, mar nach féidir leo fad na dteachtaireachtaí sin a rialú. Ba cheart go~~

~~mbeadh an fhoráil seo gan dochar d'aon mhuirir ghlórphoist eile is infheidhme, mar shampla muirir chun éisteacht le teachtaireachtaí den sórt sin.~~

---

▼ 531/2012 aithris 59

~~I gcás seirbhísí fánaíochta SMS, mar is amhlaidh i gcás guthghlaonna fánaíochta, tá riosca suntasach ann, mura ndéanfaí ach oibleagáidí praghsála mórdhíola a fhorchur, nach mbeadh rátaí níos ísle do chustaiméirí miondíola mar thoradh uathoibríoch air. Os a choinne sin, dá rachfaí i mbun gníomhaíochta chun leibhéal na bpraghsanna miondíola a laghdú gan aghaidh a thabhairt ar leibhéal na gcostas mórdhíola a bhaineann leis na seirbhísí seo a sholáthar, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do staid roinnt soláthraithe seirbhísí fánaíochta, go háirithe soláthraithe seirbhísí fánaíochta is lú, trí mhéadú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh cúngrú praghsanna ann.~~

---

▼ 531/2012 aithris 60

~~Ina theannta sin, mar gheall ar struchtúr ar leith an mhargaidh do sheirbhísí fánaíochta, agus mar gheall ar é a bheith de chineál trasteorann, ní dhearnadh, le creat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach, uirlisí oiriúnacha a sholáthar do na húdaráis rialála náisiúnta le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na fadhbanna ó thaobh iomaíochta de arb iad is cúis le leibhéal ard na bpraghsanna mórdhíola agus miondíola do sheirbhísí fánaíochta rialáilte SMS. Ní áirithíonn sé seo feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus ba cheart é a chur ina cheart.~~

---

▼ 531/2012 aithris 61

~~Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí rialála a chur i bhfeidhm i leith seirbhísí fánaíochta rialáilte SMS ar leibhéal an mhórdhíola, chun gaolmhaireacht níos réasúnaí a bhunú idir na muirir mhórdhíola agus costais fholuiteacha an tsoláthair, agus ar feadh idirthréimhse ar leibhéal an mhiondíola chun leasanna na gcustaiméirí seirbhísí fánaíochta a chosaint go dtí tráth a mbeidh éifeacht leis na bearta struchtúracha.~~

---

▼ 531/2012 aithris 62

~~Go dtí go gcruthófar, leis na bearta struchtúracha, dóthain iomaíochta sa mhargadh do sheirbhísí fánaíochta, is é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar theachtaireachtaí fánaíochta rialáilte SMS ar leibhéal an mhórdhíola ná meánmhuirear uasta in aghaidh an SMS a sheoltar ó líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a shocrú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola idir aon dá oibreoir líonraí soghluaiste laistigh den Aontas thar thréimhse shonraithe.~~

---

▼ 531/2012 aithris 63

~~Ba cheart go gcuimseodh an muirear uasta mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte SMS na costais go léir arna dtabhú ag soláthraí na seirbhíse mórdhíola, lena n-áirítear, inter alia, an tosú, idirthuras agus costas neamhghnóthaithe as críochnú teachtaireachtaí SMS fánaíochta ar an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh cosc ar sholáthraithe mórdhíola seirbhísí fánaíochta rialáilte SMS muirear ar leithligh a thabhairt isteach i gcomhair~~

chríochnú theachtaireachtaí fánaíochta SMS ar a líonra, chun a áirithiú go gcuirtear na rialacha a bhunaítear leis an Rialachán seo i bhfeidhm go comhréireach.

---

↓ 531/2012 aithris 65 (oiriúnaithe)

In éagmais eilimintí struchtúracha chun an iomaíocht a thabhairt isteach sa mhargadh do sheirbhísí fánaíochta, measadh i Rialachán (CE) Uimh. 544/2009 gurbh é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar theachtaireachtaí fánaíochta SMS uile-Aontais ar leibhéal an mhiondíola ná ceanglas a thabhairt isteach d'oibreoirí na líonraí soghluaiste chun taraif Eora-SMS a thairiscint dá gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar taraif í nach dtéann thar muirear uasta sonraithe.

---

↓ 531/2012 aithris 66 (oiriúnaithe)

Go dtí tráth a mbeidh éifeacht leis na bearta struchtúracha, ba cheart an taraif shealadach Eora-SMS a choimeád ar leibhéal coimirce a d'áiritheodh go gcaomhnaítear na sochair a fhaigheann tomhaltóirí faoi láthair agus, ag an am céanna, lena ráthaítear corrlach dóthanach do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta agus fós gur léiriú níos réasúnaí é ar na costais fholuiteacha soláthair.

---

↓ 531/2012 aithris 67 (oiriúnaithe)

Dá bhrí sin, ba cheart go léireodh an taraif shealadach Eora-SMS a fhéadfar a thairiscint do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta corrlach réasúnach thar na costais a bhaineann le seirbhís fánaíochta rialáilte SMS a sholáthar, agus saoirse á tabhairt ag an am céanna do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta chun iomaíocht a dhéanamh trí idirdhealú a dhéanamh idir a gcuid tairiscintí agus trína struchtúir praghsála a chur in oiriúint do dhálaí an mhargaidh agus do na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí. Ba cheart teorainn choimirce den sórt sin a shocrú ag leibhéal nach ndéanann saobhadh ar na sochair iomaíochta a thig as bearta struchtúracha agus féadfar deireadh a chur léi tráth a mbeidh éifeacht leis na bearta struchtúracha. Níor cheart go mbeadh feidhm ag an gcur chuige rialála sin maidir le seirbhísí breisluacha SMS.

---

↓ 531/2012 aithris 68

Níor cheart go mbeadh ar chustaiméirí seirbhísí fánaíochta aon mhuirear breise a íoc as teachtaireacht SMS fánaíochta rialáilte nó teachtaireacht ghlórphoist a fháil agus iad ag fánaíocht ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, ós rud é go bhfuil na costais a ghabhann le críochnú den sórt sin cúitithe cheana féin sa mhuirear miondíola a thoibhítear as teachtaireacht SMS fánaíochta nó teachtaireacht ghlórphoist a sheoladh.

---

↓ 531/2012 aithris 69 (oiriúnaithe)

Ba cheart go mbeadh feidhm uathoibríoch ag taraif Eora-SMS maidir le haon chustaiméir nua seirbhísí fánaíochta nó maidir le haon chustaiméir seirbhísí fánaíochta atá ann cheana nach ndearna nó nach ndéanann taraif fhánaíochta SMS speisialta nó pacáiste do sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn seirbhísí fánaíochta rialáilte SMS a roghnú d'aon ghnó.

↓ 531/2012 aithris 70

~~Is é atá i dteachtaireacht SMS ná teachtaireacht téacs ó Sheirbhís Ghearrtheachtaireachtaí agus tá difríocht shoiléir ann idir í agus teachtaireachtaí eile amhail teachtaireachtaí MMS nó ríomhphoist. Chun a áirithiú nach mbainfear d'éifeachtacht an Rialacháin seo agus go ndéanfar a chuspóirí a chomhlíonadh go hiomlán, ba cheart toirmeasc a chur ar aon athruithe ar pharaiméadair theicniúla theachtaireacht fhánaíochta SMS a dhéanfadh í a idirdhealú ó theachtaireacht SMS baile.~~

↓ 531/2012 aithris 71 (oiriúnaithe)

~~De réir sonraí arna mbailiú ag na húdaráis rialála náisiúnta, léirítear go bhfuil praghsanna arda fós ar mheánmhuirir mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta sonraí arna dtobhach ag oibreoirí na líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu ag soláthraithe seirbhísí fánaíochta na gcustaiméirí seirbhísí fánaíochta. Fiú más é an treocht atá ann go bhfuil na muirir mhórdhíola sin ag dul i laghad, tá siad fós an-ard i gcomparáid leis na costais fholuiteacha.~~

↓ 531/2012 aithris 72 (oiriúnaithe)

~~Tá muirir mhórdhíola arda fós ann, go príomha de bharr na bpraghsanna mórdhíola arda a mhuirearaíonn oibreoirí líonraí nach líonraí tosaíochta iad. Is srianta ar stiúradh tráchta is cúis leis na muirir sin, rud a fhágann nach bhfuil dreasacht ar bith ann d'oibreoirí a gcuid praghsanna mórdhíola a laghdú go haontaobhach toisc go bhfaighfear an trácht gan spleáchas don phraghas a mhuirearaítear. Is é an toradh atá air sin ná éagsúlacht an-mhór sna costais mhórdhíola. I roinnt cásanna, tá muirir fánaíochta sonraí mórdhíola is infheidhme ar líonraí nach líonraí tosaíochta iad sé huaire níos airde ná na praghsanna a chuirtear i bhfeidhm ar an líonra tosaíochta. Is é a leanann as na muirir mhórdhíola iomarcacha seo ar sheirbhísí fánaíochta sonraí ná saobhadh mór ar dhálaí iomaíochta idir oibreoirí soghluaiste laistigh den Aontas, rud a bhaineann an bonn ó fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Cuireann siad srian freisin ar chumas na soláthraithe seirbhísí fánaíochta a gcuid costas mórdhíola a thuar agus, dá bhrí sin, pacáistí praghsanna miondíola atá iomaíoch agus trédhearcach a sholáthar dá gcuid custaiméirí. I bhfianaise na srianta ar chumas na n-údarás rialála náisiúnta déileáil go héifeachtach leis na fadhbanna seo ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart go mbeadh feidhm ag muirear uasta mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta sonraí. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí rialála a fhorchur i leith seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí ar leibhéal an mhórdhíola, chun gaolmhaireacht níos réasúnaí a bhunú idir na muirir mhórdhíola agus costais fholuiteacha an tsoláthair, agus ar leibhéal an mhiondíola chun leasanna na gcustaiméirí seirbhísí fánaíochta a chosaint.~~

↓ 531/2012 aithris 73

~~Níor cheart go ngearrfadh soláthraithe seirbhísí fánaíochta muirear ar an gcustaiméir seirbhísí fánaíochta i dtaca le haon seirbhís fánaíochta rialáilte sonraí, mura rud é go nglacann an custaiméir le soláthar na seirbhíse agus go dtí go ndéanann sé amhlaidh.~~

↓ 531/2012 aithris 74 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart, go ndéanfaí, le raon feidhme an Rialacháin seo, soláthar seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola uile-Aontais a chumhdach. Maidir leis na saintréithe speisialta a ghabhann leis na~~

~~margaí do sheirbhísí fánaíochta, ar saintréithe iad a thug údar maith le Rialachán (CE) Uimh. 717/2007 a ghlacadh agus le hoibleagáidí a fhorchur ar oibreoirí líonraí soghluaiste i ndáil le guthghlaonna fánaíochta uile-Aontais agus teachtaireachtaí SMS fánaíochta uile-Aontais, baineann siad freisin le seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola uile-Aontais a sholáthar. Dála mar is amhlaidh i gcás seirbhísí fánaíochta guthghlaonna agus seirbhísí fánaíochta SMS, ní cheannaítear seirbhísí fánaíochta sonraí go neamhspleách ar an leibhéal náisiúnta ach is cuid amháin iad de phacáiste miondíola níos leithne a cheannaíonn custaiméirí óna soláthraí seirbhísí fánaíochta, agus ar an tslí sin cuirtear srian ar an iomaíocht. Mar an gcéanna, mar gheall ar chineál trasteorann na seirbhísí lena mbaineann, níl na húdaráis rialála náisiúnta atá freagrach as leasanna custaiméirí soghluaiste atá ina gcónaí laistigh dá gcríoch a choimirciú agus a chur chun cinn in ann iompraíocht oibreoirí an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, agus atá lonnaithe i mBallstáit eile, a rialú.~~

---

↓ 531/2012 aithris 75 (oiriúnaithe)

~~Fearacht na mbeart rialála atá i ngníomh cheana maidir le guthsheirbhísí agus le seirbhísí SMS, is é an cur chuige is éifeachtaí agus is comhréirí maidir le rialáil leibhéal na bpraghsanna ar sheirbhísí rialáilte miondíola fánaíochta sonraí uile-Aontais ar feadh idirthréimhse ná ceanglas a thabhairt isteach ar dá réir a bheadh ar sholáthraithe seirbhísí fánaíochta taraif shealadach Eora-shonraí a thairiscint dá gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar taraif í nach dtéann thar muirear uasta sonraithe. Ba cheart an taraif Eora-shonraí a shocrú ar leibhéal coimirce, lena n-áirithítear cosaint tomhaltóirí go dtí go mbeidh éifeacht leis na bearta struchtúracha, agus lena ráthaítear corrlach dóthanach do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta agus fós gur léiriú níos réasúnaí é ar chostais fholuiteacha soláthair.~~

---

↓ 531/2012 aithris 76 (oiriúnaithe)

~~Dá bhrí sin, ba cheart go léireodh an taraif shealadach Eora-shonraí a fhéadfar a thairiscint do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta corrlach réasúnach thar na costais a bhaineann le seirbhís fánaíochta rialáilte sonraí a sholáthar, agus saoirse á tabhairt ag an am céanna do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta chun iomaíocht a dhéanamh trí idirdhealú a dhéanamh idir a gcuid tairiscintí agus trína struchtúir praghsála a chur in oiriúint do dhálaí an mhargaidh agus do na roghanna is fearr leis na tomhaltóirí. Ba cheart teorainn choimirce den sórt sin a shocrú ag leibhéal nach ndéanann saobhadh ar na sochair iomaíochta a thig as bearta struchtúracha agus d'fhéadfaí iad a bhaint a luaithe a bheadh deis ag na bearta struchtúracha sochair nithiúla, mharthanacha a sholáthar do chustaiméirí. Cosúil leis an gcur chuige atá in úsáid maidir le seirbhísí fánaíochta guthghlaonna agus SMS, ba cheart, i bhfianaise na laghduithe dá bhforáiltear leis na costais fholuiteacha maidir le soláthar seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola, go dtiocfadh laghdú de réir a chéile ar na muirir rialáilte uasta ar an taraif shealadach Eora-shonraí.~~

---

↓ 531/2012 aithris 77 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart go mbeadh feidhm uathoibríoch ag taraif Eora-shonraí maidir le haon chustaiméir nua seirbhísí fánaíochta nó maidir le haon chustaiméir seirbhísí fánaíochta atá ann cheana nach ndearna nó nach ndéanann taraif fánaíochta sonraí speisialta nó pacáiste de sheirbhísí fánaíochta a chuimsíonn seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí a roghnú d'aon ghnó.~~

🡻 531/2012 aithris 78 (oiriúnaithe)

Is ar bhonn ráta in aghaidh an chilibhirt ba cheart an taraif shealadach Eora-shonraí a bhilleáil, lena áirithiú go n-íocfaidh tomhaltóirí as na seirbhísí sonraí sin a thomhlaíonn siad iarbhír agus go seachnófar na fadhbanna a tugadh faoi deara maidir le guthsheirbhísí nuair a tugadh isteach Rialachán (CE) Uimh. 717/2007, is é sin muirir cheilte a bhí ann ar an tomhaltóir de bharr na sásraí muircaraithe a bhí á gcur i bhfeidhm ag oibreoirí. Tá an muircarú sin comhsheasmhach leis an sásra muircaraithe atá i bhfeidhm cheana ar leibhéal an mhórdhíola.

🡻 531/2012 aithris 79

Féadfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta cothromráta míosúil, uilechuimsitheach, úsáid chóir a thairiscint nach mbeidh feidhm ag aon mhuirir uasta maidir leis, agus a d'fhéadfadh na seirbhísí fánaíochta uile-Aontais go léir a chlúdach.

🡻 531/2012 aithris 80 (oiriúnaithe)

Lena áirithiú go bhféadfaidh gach úsáideoir guth-theileafónaíochta soghluaiste tairbhe a bhaint as forálacha an Rialacháin seo ba cheart go mbeadh feidhm ag na ceanglais shealadacha phraghsála mhiondíola is cuma an conradh réamhíoctha nó iar-íoctha a bheidh ag na custaiméirí seirbhísí fánaíochta lena soláthraí seirbhísí fánaíochta, agus beag beann ar cibé an bhfuil a líonra féin ag an soláthraí seirbhísí fánaíochta, an oibreoir líonra fíorúil soghluaiste é nó an athdhíoltóir seirbhísí guth-theileafónaíochta soghluaiste é.

🡻 531/2012 aithris 83 (oiriúnaithe)

Éilíonn an trédhearcacht freisin go dtabharfadh soláthraithe faisnéis ar mhuirir fánaíochta go háirithe ar na taraifí Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí agus ar an gcothromráta uilechuimsitheach, más rud é go dtairgeann siad é, nuair atá síntiúis á socrú agus gach uair a dhéantar athrú ar na muirir fánaíochta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta faisnéis a sholáthar ar mhuirir fánaíochta trí mheáin iomchuí amhail sonraisc, an t-idirlíon, fógráin teilifíse nó post díreach. Maidir leis an bhfaisnéis uile agus na tairiscintí uile, ba cheart go mbeidís soiléir, intuigthe, ba cheart go gceadóidís comparáid a dhéanamh, agus go mbeidís trédhearcach maidir le praghsanna agus maidir le saintréithe na seirbhíse. Ba cheart go mbeadh an reachtaíocht i ndáil le cosaint tomhaltóirí, go háirithe Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála gnó le tomhaltóir éagóracha sa mhargadh inmheánach ("An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha"), á comhlíonadh go hiomlán ag an bhfógraíocht maidir le tairiscintí fánaíochta agus ag margaíocht le tomhaltóirí[86]. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta a áirithiú go mbeidh na custaiméirí seirbhísí fánaíochta go léir ar an eolas faoi fháil a bheith ar tharaifí rialáilte don tréimhse lena mbaineann agus ba cheart dóibh cumarsáid shoiléir agus neamhchlaon a sheoladh i scríbhinn chuig na custaiméirí sin ina mbeidh tuairisc ar choinníollacha na dtaraifí Eora-ghuthghlao, Eora-SMS agus Eora-shonraí agus an ceart athrú chucu nó imeacht uathu.

86 IO L 149, 11.6.2005, lch. 22.

🡻 531/2012 aithris 85

~~Go háirithe, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta faisnéis taraife phearsantaithe a sholáthar dá gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta, saor in aisce, faoi na muirir is infheidhme maidir leis na custaiméirí sin as seirbhísí fánaíochta sonraí gach uair a gcuireann siad tús le seirbhís fánaíochta sonraí ar dhul isteach i dtír eile dóibh. Ba cheart an fhaisnéis sin a sheachadadh ar a ngléas soghluaiste ar an tslí is fearr a oireann i dtaca leis an bhfaisnéis a ghlacadh agus a thuiscint go héasca, agus ar shlí a bhféadfaí teacht go héasca uirthi arís ina dhiaidh sin.~~

🡻 531/2012 aithris 86

~~Chun tuiscint na gcustaiméirí a éascú maidir leis na hiarmhairtí airgeadais a ghabhann le seirbhísí fánaíochta sonraí a úsáid agus ionas go bhféadfaidh siad faireachán agus rialú a dhéanamh ar a gcaiteachas, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fánaíochta, a gcuid custaiméirí a choimeád ar an eolas ar shlí leordhóthanach, sula dtabharfar conradh i gcrích agus tar éis é a thabhairt i gcrích araon, maidir leis na muirir ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí. D'fhéadfaí samplaí a áireamh san fhaisnéis sin i dtaca leis an neasmhéid sonraí a úsáidtear, mar shampla, le linn ríomhphost a sheoladh, pictiúir a sheoladh, brabhsáil ar an líonra agus le linn feidhmchlár soghluaiste a úsáid.~~

🡻 531/2012 aithris 96 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart oibleagáidí rialála i leith muirear mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí a choimeád i bhfeidhm go dtí go mbeidh éifeacht leis na bearta struchtúracha agus go dtí go mbeidh a dóthain forbartha tagtha ar iomaíocht sna margaí mórdhíola. Ina theannta sin, léiríonn treochtaí sa mhargadh faoi láthair gur seirbhísí sonraí a bheidh ar an gcuid is ábhartha de sheirbhísí soghluaiste de réir a chéile, agus gur léir gurb iad seirbhísí fánaíochta sonraí mórdhíola is dinimiciúla faoi láthair, a bhfuil praghsanna orthu pas maith faoi bhun na rátaí rialáilte reatha.~~

🡻 531/2012 aithris 97 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart teorainneacha coimirce miondíola a shocrú ag leibhéil atá ard go leor le nach ndéanfaidh siad saobhadh ar na sochair iomaíochta is féidir a fháil as bearta struchtúracha agus d'fhéadfaí na teorainneacha sin a bhaint go hiomlán a luaithe a bheadh éifeacht leis na bearta sin agus a luaithe a chumasófar d'fhíormhargadh inmheánach forbairt. Ba cheart do na teorainneacha coimirce miondíola a bheith ag dul i laghad, dá bhrí sin, agus imeacht as ina dhiaidh sin.~~

🡻 531/2012 aithris 98 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin seo i bhfianaise a chuspóirí, agus ar an méid a chuireann sé le cur chun feidhme chreat rialála 2002 don chumarsáid leictreonach agus le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an tionchar atá ar staid iomaíoch na soláthraithe cumarsáide soghluaiste, idir bheag agus mhór, agus ó chodanna éagsúla den Aontas, ar na forbairtí, ar na treochtaí agus ar an trédhearcacht i dtaca le muirir mhiondíola agus le muirir mhórdhíola, ar an ngaolmhaireacht atá acu le costais iarbhír, ar a~~

~~mhéid a athdhearbhaíodh na toimhdí a rinneadh sa mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an Rialachán seo, ar na costais a bhaineann le comhlíonadh agus ar an tionchar ar infheistíochtaí. Ba cheart don Choimisiún freisin, i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta, breithniú a dhéanamh i ndáil le hinfhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí atá ann mar rogha ar fhánaíocht a dhéanamh (amhail rochtain trí Wi-Fi).~~

---

| ↓ 531/2012 aithris 99 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Ba cheart oibleagáidí rialála i leith muirear mórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS agus sonraí a choimeád i bhfeidhm chun tomhaltóirí a choimirciú fad nach bhfuil forbairt iomlán tagtha ar an iomaíocht ar leibhéal na miondíola ná ar leibhéal na mórdhíola. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, faoin 30 Meitheamh 2016, a mheas ar baineadh amach cuspóirí an Rialacháin seo, lena n-áirítear ar cuireadh chun feidhme go hiomlán na bearta struchtúracha agus ar tháinig forbairt leordhóthanach ar an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí fánaíochta. Má mheasann an Coimisiún nár tháinig forbairt leordhóthanach ar an iomaíocht, ba cheart dó moltaí iomchuí a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle lena áirithiú go mbeidh coimirce leordhóthanach ag na tomhaltóirí ó 2017 ar aghaidh.~~

---

| ↓ 531/2012 aithris 100 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Tar éis an athbhreithnithe thuasluaite, agus chun faireachán leanúnach ar na seirbhísí fánaíochta san Aontas a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú gach re bliain do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ar tuarascáil í ina mbeidh achoimre ghinearálta ar na treochtaí is déanaí i seirbhísí fánaíochta mar aon le measúnú idirmheánach ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus ar na roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun na cuspóirí sin a bhaint amach.~~

---

| ↓ 531/2012 (oiriúnaithe) |
|---|

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo, ~~tugtar isteach~~ ⌦ foráiltear maidir le ⌫ cur chuige coiteann ⌦ lena n-áirithítear ⌫ ~~chun a áirithiú~~ nach n-íocann úsáideoirí líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste, agus iad ag taisteal laistigh den Aontas, praghsanna iomarcacha i gcomparáid leis na praghsanna náisiúnta iomaíocha, ar sheirbhísí fánaíochta uile-Aontais le linn do na húsáideoirí sin glaonna a dhéanamh agus a fháil, le linn dóibh teachtaireachtaí SMS a sheoladh agus a fháil agus le linn dóibh seirbhísí cumarsáide sonraí paicéadlasctha a úsáid agus, ar an tslí sin, cuirtear le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, agus leibhéal ard cosanta tomhaltóirí á bhaint amach, iomaíocht agus trédhearcacht á gcothú sa mhargadh agus dreasachtaí le haghaidh na nuálaíochta agus roghanna tomhaltóirí araon á dtairiscint.

🡻 531/2012 (oiriúnaithe)
⇨ nua

Leagtar síos ann rialacha lena gcumasaítear seirbhísí fánaíochta rialálaithe a dhíol ar leithligh ó sheirbhísí cumarsáide soghluaiste baile agus leagtar amach ann na coinníollacha maidir le rochtain mhórdhíola ar líonraí cumarsáide soghluaiste poiblí chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar. Leagtar síos leis freisin rialacha sealadacha maidir leis na muirir a fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta a thobhach chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar i leith guthghlaonna agus teachtaireachtaí SMS a thosaíonn agus a chríochnaíonn laistigh den Aontas, agus chun seirbhísí cumarsáide sonraí paicéadlasetha a sholáthar is seirbhísí a úsáideann custaiméirí seirbhísí fánaíochta agus iad ag fánaíocht ar líonra cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas. Tá feidhm aige maidir leis na muirir a thoibhíonn oibreoirí líonraí ar an leibhéal mórdhíola agus maidir leis na muirir a thoibhíonn soláthraithe seirbhísí fánaíochta ar an leibhéal miondíola.

2. Is céim idirmheánach riachtanach í seirbhísí rialáilte fánaíochta a dhíol ar leithligh ó sheirbhísí baile cumarsáide soghluaiste chun cur leis an iomaíocht ionas go n-ísleofar taraif fánaíochta do chustaiméirí d'fhonn margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí cumarsáide soghluaiste a bhaint amach, agus a áirithiú, faoi dheireadh, nach ndéanfar aon difreáil idir taraifí náisiúnta agus taraifí fánaíochta.

23. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin rialacha arb é is aidhm dóibh cur leis an trédhearcacht ó thaobh praghsanna de agus feabhas a chur ar sholáthar faisnéise maidir le muirir d'úsáideoirí seirbhísí fánaíochta.

4. Is é atá sa Rialachán seo beart sonrach de réir bhrí Airteagal 1(5) den Treoir Réime

35. Is i dtéarmaí euro a dhéantar na muirir uasta a leagtar amach sa Rialachán seo a shloinneadh.

46. I gcás ina ndéantar muirir uasta a thagann faoi Airteagail ⇨ 9 ⇦ 7, Airteagal 9 agus faoi Airteagal go 12 a ainmniú in airgeadraí seachas an euro, déanfar na teorainneacha tosaigh de bhun na nAirteagal sin a chinneadh sna hairgeadraí sin trí chur i bhfeidhm na rátaí malairte tagartha a fhoilseoidh an Banc Ceannais Eorpach an 1 Bealtaine 2012 *in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Chun críocha na dteorainneacha a thiocfaidh ina dhiaidh sin dá bhforáiltear in Airteagal 7(2), Airteagal 9(1), agus in Airteagal 12(1) athbhreithnithe, maidir leis na luachanna athbhreithnithe a chinneadh ⌦ sna hairgeadraí sin ⌫ trí ⇨ mheán na ⇦ rátaí malairte tagartha arna bhfhoilsiú amhlaidh ⌦ ag an mBanc Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⌫ an 1 Bealtaine ⇨ 15 Eanáir, 15 Feabhra, agus 15 Márta ⇦ sa bhliain féilire ábhartha, déanfar iad a chur i bhfeidhm. I gcás na muirear uasta faoi Airteagal 7(2), Airteagal 9(1) agus Airteagal 12(1), déanfar na teorainneacha in airgeadraí seachas an euro a athbhreithniú ar bhonn bliantúil amhail ón mbliain ⇨ 2023 ⇦ 2015. Beidh feidhm ag na teorainneacha arna n-athbhreithniú go bliantúil sna hairgeadraí sin ón 1 Iúil ⇨ 15 Bealtaine ⇦ agus na rátaí malairte tagartha arna bhfoilsiú an 1 Bealtaine den bhliain chéanna á n-úsáid.

7. I gcás ina n-ainmnítear muirir uasta faoi Airteagal 8, Airteagal 10 agus Airteagal 13 in airgeadraí seachas an euro, déanfar na teorainneacha tosaigh de bhun na nAirteagal sin a chinneadh sna hairgeadraí sin trí mheán na rátaí malairte tagartha arna bhfoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach an 1 Márta, an 1 Aibreán agus an 1 Bealtaine 2012 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a chur i bhfeidhm.

~~Chun críocha na dteorainneacha a thiocfaidh ina dhiaidh sin dá bhforáiltear in Airteagal 8(2), in Airteagal 10(2) agus in Airteagal 13(2), déanfar na luachanna athbhreithnithe sin a chinneadh sna hairgeadraí sin trí mheán na rátaí malairte tagartha arna bhfoilsiú amhlaidh an 1 Márta, an 1 Aibreán agus an 1 Bealtaine den bhliain féilire ábhartha a chur i bhfeidhm. I gcás na muirear uasta faoi Airteagal 8(2), Airteagal 10(2) agus faoi Airteagal 13(2), déanfar na teorainneacha in airgeadraí seachas an euro a athbhreithniú ar bhonn bliantúil amhail ón mbliain 2015. Beidh feidhm ag na teorainneacha arna n-athbhreithniú go bliantúil sna hairgeadraí sin ón 1 Iúil agus meán na rátaí malairte tagartha arna bhfoilsiú an 1 Márta, an 1 Aibreán agus an 1 Bealtaine den bhliain chéanna á úsáid.~~

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de ~~Threoir na Rochtana, in Airteagal 2 den Treoir Réime agus in Airteagal 2 den Treoir um Sheirbhís Uilíoch~~ Threoir (AE) 2018/1972.

2. I dteannta na sainmhínithe dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí fánaíochta' gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte do chustaiméir seirbhísí fánaíochta;

(b) ciallaíonn 'soláthraí baile' gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí baile cumarsáide soghluaiste do chustaiméir seirbhísí fánaíochta;

~~(c) ciallaíonn "soláthraí malartach seirbhísí fánaíochta" soláthraí seirbhísí fánaíochta atá éagsúil ón soláthraí baile;~~

---

↓ 531/2012 (oiriúnaithe)

(c~~d~~) ciallaíonn 'líonra baile' líonra poiblí cumarsáide atá lonnaithe laistigh de Bhallstát agus a úsáideann an soláthraí seirbhísí fánaíochta chun seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar do chustaiméir seirbhísí fánaíochta;

(d~~e~~) ciallaíonn 'líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air' líonra poiblí trastíre cumarsáide soghluaiste atá lonnaithe i mBallstát seachas Ballstát sholáthraí baile an chustaiméara seirbhísí fánaíochta agus ar líonra é lena gceadaítear do chustaiméir seirbhísí fánaíochta glaonna a dhéanamh nó a fháil, teachtaireachtaí SMS a sheoladh nó a fháil nó cumarsáidí sonraí paicéadlasctha a úsáid, trí bhíthin socruithe le hoibreoir an líonra bhaile;

(e~~f~~) ciallaíonn 'fánaíocht uile-Aontais' an úsáid a bhaineann custaiméir seirbhísí fánaíochta as gléas soghluaiste chun glaonna laistigh den Aontas a dhéanamh nó a fháil, chun teachtaireachtaí SMS laistigh den Aontas a sheoladh nó a fháil, nó chun cumarsáidí sonraí paicéadlasctha a úsáid, fad is atá an custaiméir sin i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil líonra an tsoláthraí baile lonnaithe, trí bhíthin socruithe idir oibreoir an líonra bhaile agus oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

(f~~g~~) ciallaíonn 'custaiméir seirbhísí fánaíochta' custaiméir de chuid soláthraí seirbhísí fánaíochta is soláthraí seirbhísí fánaíochta rialáilte, trí bhíthin líonra poiblí trastíre cumarsáide soghluaiste atá lonnaithe san Aontas, a gceadaíonn a chonradh nó a shocrú leis an soláthraí seirbhísí fánaíochta sin dó fánaíocht uile-Aontais a dhéanamh;

(gh) ciallaíonn 'glao fánaíochta rialáilte' guthghlao cumarsáide teileafónaíochta soghluaiste a dhéanann custaiméir seirbhísí fánaíochta, a thosaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus a chríochnaíonn ar líonra poiblí cumarsáide laistigh den Aontas nó guthghlao a fhaigheann custaiméir seirbhísí fánaíochta a thosaíonn ar líonra poiblí cumarsáide laistigh den Aontas agus a chríochnaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

(hi) ciallaíonn 'teachtaireacht SMS' teachtaireacht téacs Sheirbhís Gearrtheachtaireachtaí atá comhdhéanta go príomha de charachtair aibítreacha ~~agus/~~ nó uimhriúla ⌦ nó an dá rud, ⌫ ar teachtaireacht í is féidir a sheoladh idir uimhreacha soghluaiste agus/nó uimhreacha socair arna sannadh i gcomhréir le pleananna uimhrithe náisiúnta;

(ik) ciallaíonn 'teachtaireacht SMS fánaíochta rialáilte' teachtaireacht SMS a sheolann custaiméir seirbhísí fánaíochta agus a thosaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus a chríochnaíonn ar líonra cumarsáide poiblí laistigh den Aontas nó a fhaigheann custaiméir seirbhísí fánaíochta agus a thosaíonn ar líonra cumarsáide poiblí laistigh den Aontas agus a chríochnaíonn ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air;

(jm) ciallaíonn 'seirbhís fánaíochta rialáilte sonraí' seirbhís fánaíochta trína gcuirtear ar chumas custaiméara seirbhísí fánaíochta cumarsáidí sonraí paicéadlasctha a úsáid trí bhíthin a ghléis shoghluaiste nuair atá an gléas cónasctha le líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air,. ~~Ní chuimsítear le seirbhís fánaíochta rialáilte sonra~~ ⌦ lena n-eisiatar ⌫ glaonna fánaíochta rialáilte nó teachtaireachtaí SMS a tharchur nó a fháil ach ~~lena gcuimsítear~~ ⌦ lena n-áirítear ⌫ teachtaireachtaí MMS a tharchur nó a fháil;

(ko) ciallaíonn 'rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola' rochtain dhíreach ar fhánaíocht mhórdhíola nó rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol;

(lp) ciallaíonn 'rochtain dhíreach ar fhánaíocht mhórdhíola' saoráidí ~~agus/~~nó seirbhísí ⌦ , nó an dá rud, ⌫ a bheith á gcur ar fáil ag oibreoir líonra soghluaiste do ghnóthas eile, faoi choinníollacha sainithe, ionas go ndéanfaidh an gnóthas eile sin seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta;

(mq) ciallaíonn 'rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol' seirbhísí fánaíochta a sholáthar ar bhonn mórdhíola ag oibreoir líonra soghluaiste, atá éagsúil ó oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, do ghnóthas eile ionas go bhféadfadh an gnóthas eile sin seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta;

---

| ➔ 2015/2120 Airt. 7.1(b) |
|---|

(nr) ciallaíonn 'praghas miondíola baile' muirear miondíola baile soláthraí seirbhísí fánaíochta in aghaidh an aonaid atá infheidhme maidir le glaonna a dhéantar agus teachtaireachtaí SMS a sheoltar (a thosaítear agus a chríochnaítear araon ar líonraí cumarsáide poiblí éagsúla laistigh den Bhallstát céanna), agus maidir le sonraí arna dtomhailt ag custaiméir; i gcás nach bhfuil aon mhuirear sonrach miondíola baile in aghaidh an aonaid ann, measfar gurb é an praghas miondíola baile an sásra muirearaithe céanna leis an sásra muirearaithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gcustaiméir i gcás glaonna a dhéantar agus teachtaireachtaí SMS a sheoltar (a thosaítear agus a chríochnaítear araon ar líonraí cumarsáide poiblí éagsúla laistigh den Bhallstát céanna), agus maidir le sonraí arna dtomhailt i mBallstát an chustaiméara sin.;

~~(s) ciallaíonn “seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh” an soláthar seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a sholáthraíonn soláthraí fánaíochta malartach go díreach do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air.~~

---

| ↓ 531/2012<br>⇨ nua |
|---|

*Airteagal 3*

**Rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola**

1. Freastalóidh oibreoirí líonraí soghluaiste do na hiarrataí réasúnacha uile ar rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola ⇨ , go háirithe trína cheadú don soláthraí seirbhísí fánaíochta na seirbhísí soghluaiste miondíola a sholáthraítear sa bhaile a mhacasamhlú i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil ⇦ .

2. Ní fhéadfaidh oibreoirí líonraí soghluaiste iarrataí ar rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola a dhiúltú ach amháin ar bhonn critéar oibiachtúil.

3. Cuimseofar le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola rochtain ar na heilimintí líonra agus ar na saoráidí gaolmhara, ar na seirbhísí ábhartha, agus ar na córais bhogearraí agus faisnéise go léir is gá chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí ⇨ , ar aon teicneolaíocht líonra agus ar aon ghlúin atá ar fáil ⇦ .

---

| ↓ 2017/920 Airt. 1.1(a) |
|---|

4. Beidh feidhm ag na rialacha faoi mhuirir ar fhánaíocht mhórdhíola rialáilte arna leagan síos in Airteagal 10~~7~~, in Airteagal 11~~9~~ agus in Airteagal 12, maidir le rochtain a sholáthar ar chomhpháirteanna uile rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola dá dtagraítear i mír 3, mura n-aontóidh an dá pháirtí sa chomhaontú fánaíochta mórdhíola go sainráite nach mbeidh aon mheánmhuirear fánaíochta mórdhíola de thoradh chur i bhfeidhm an chomhaontaithe faoi réir an mhuirir uasta fánaíochta mhórdhíola rialáilte ar feadh thréimhse bailíochta an chomhaontaithe.

---

| ↓ 531/2012 |
|---|

Gan dochar don chéad fhomhír, i gcás rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol, féadfaidh oibreoirí líonraí soghluaiste praghsanna córa agus réasúnacha a mhuirearú ar chomhpháirteanna nach gcuimsítear le mír 3.

5. Foilseoidh oibreoirí líonraí soghluaiste tairiscint thagartha, agus treoirlínte BEREC dá dtagraítear i mír 8 á gcur san áireamh acu, agus cuirfidh siad an tairiscint sin ar fáil do ghnóthas a bhfuil rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola á hiarraidh aige. Déanfaidh oibreoirí líonraí soghluaiste dréachtchonradh, atá i gcomhréir leis an Airteagal seo, a sholáthar don ghnóthas a bhfuil rochtain á hiarraidh aige, i dtaca leis an rochtain sin ar a dhéanaí mí amháin tar éis d’oibreoir an líonra soghluaiste an iarraidh a fháil, den chéad uair. Deonófar rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola laistigh de thréimhse ama réasúnach nach rachaidh thar thrí mhí ón tráth a dtabharfar an conradh i gcrích. Maidir le hoibreoirí na líonraí soghluaiste a fhaigheann iarraidh ar rochtain ar fhánaíocht agus na gnóthais a mbeidh rochtain á hiarraidh acu, rachaidh siad i mbun caibidlíochta de mheon macánta.

↓ 2017/920 Airt. 1.1(b)
⇨ nua

6. Déanfar an tairiscint tagartha dá dtagraítear i mír 5 a mhionsonrú go leordhóthanach agus áireofar ann na comhpháirteanna uile atá riachtanach do rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola faoi mar a thagraítear dó i mír 3, agus déanfar cur síos ann ar na tairiscintí ábhartha maidir le rochtain dhíreach ar fhánaíocht mhórdhíola agus maidir le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola lena hathdhíol, agus ar na téarmaí gaolmhara agus ar na coinníollacha gaolmhara. ⇨ Beidh sa tairiscint tagartha an fhaisnéis uile is gá le go bhféadfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta a áirithiú go mbeidh rochtain ag a chustaiméirí ar sheirbhísí éigeandála, saor in aisce, tríd an gcumarsáid éigeandála chuig an bpointe freagartha glaonna éigeandála is iomchuí agus tarchur faisnéise, saor in aisce, faoi shuíomh glaoiteora chuig an bpointe freagartha glaonna éigeandála is iomchuí agus seirbhísí fánaíochta á n-úsáid acu. ⇦

Féadfar coinníollacha a áireamh sa tairiscint tagartha sin chun cosc a chur le buanfhánaíocht nó le húsáid aimhrialta nó le mí-úsáid a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, chun críoch eile seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad atá na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas ar bhonn tréimhsiúil. I gcás ina sonrófar iad i dtairiscint tagartha, áireofar sna coinníollacha sin na bearta sonracha a fhéadfaidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a ghlacadh chun buanfhánaíocht, úsáid aimhrialta nó mí-úsáid rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola a chosc, chomh maith leis na critéir oibiachtúla ar a mbonn a fhéadfar na bearta sin a ghlacadh. Féadfaidh na critéir sin tagairt d'fhaisnéis tráchta chomhiomlán fánaíochta. Ní thagróidh siad d'fhaisnéis shonrach a bhaineann le trácht aonair chustaiméirí an tsoláthraí fánaíochta.

Féadfar foráil a dhéanamh leis an tairiscint tagartha, *inter alia*, i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag an oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a mheas go bhfuil buanfhánaíocht nó úsáid aimhrialta nó mí-úsáid rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola ar bun ag sciar suntasach de chustaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta, go bhféadfaidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a cheangal ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta, gan dochar do dhlí an Aontais nó ceanglais náisiúnta cosanta sonraí, faisnéis a chur ar fáil lena lamháiltear a chinneadh an bhfuil sciar suntasach de chustaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta i staid bhuanfhánaíochta, nó an bhfuil úsáid aimhrialta nó mí-úsáid i leith rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola ar líonra an oibreora a bhfuil cuairt á tabhairt air, amhail faisnéis ar sciar na gcustaiméirí dá mbeidh riosca seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a úsáid go haimhrialta nó iad a mhí-úsáid arna gcur ar fáil ar an bpraghas miondíola baile is infheidhme bunaithe ar tháscairí oibiachtúla i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm 'an bheartais maidir le húsáid chóir' arna nglacadh de bhun Airteagal 8~~6d~~.

Féadfaidh an tairiscint tagartha, mar rogha dheireanach, i gcás go mbeidh teipthe ar bhearta níos boige díriú ar an staid, foráil a dhéanamh chun comhaontaithe fánaíochta mórdhíola a fhoirceannadh i gcás ina mbeidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air tar éis a dheimhniú, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, go bhfuil buanfhánaíocht ar bun ag sciar suntasach de chustaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta nó go bhfuil úsáid aimhrialta nó mí-úsáid rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola ag tarlú agus i gcás inár cuireadh an t-oibreoir líonra baile in iúl dá réir sin.

Féadfaidh oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air an comhaontú fánaíochta mórdhíola a fhoirceannadh go haontaobhach ar fhorais úsáid rochtana buanfhánaíochta, nó úsáid aimhrialta nó mí-úsáid i leith rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola ach amháin ar réamhúdarú ó údarás rialála náisiúnta oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air.

Déanfaidh údarás rialála náisiúnta oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, laistigh de thrí mhí tar éis dó iarraidh ar údarú a fháil ó oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air maidir le foirceannadh an chomhaontuithe fánaíochta mórdhíola, tar éis dul i gcomhairle le húdarás rialála náisiúnta an oibreora líonra baile, cinneadh a dhéanamh an t-údarú sin a dheonú nó a dhiúltú agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Féadfaidh údaráis rialála náisiúnta oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air agus údaráis rialála náisiúnta an oibreora líonra baile araon a iarraidh ar BEREC tuairim a ghlacadh i dtaobh na gníomhaíochta a bheidh le glacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Déanfaidh BEREC a tuairim a ghlacadh laistigh d'aon mhí amháin ó iarraidh mar sin a fháil.

I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le BEREC, fanfaidh údarás rialála náisiúnta oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air le tuairim BEREC agus tabharfaidh sé an-aird ar an tuairim sin, sula ndéanfaidh sé cinneadh, faoi réir sprioc trí mhí dá dtagraítear sa séú fomhír, an t-údarú maidir leis an gcomhaontú fánaíochta mórdhíola a fhoirceannadh a dheonú nó a dhiúltú.

Cuirfidh údarás rialála náisiúnta oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air faisnéis maidir leis na húdaruithe chun comhaontaithe fánaíochta mórdhíola a fhoirceannadh ar fáil don phobal faoi réir rúndacht gnó.

Ní dochar an cúigiú fomhír go dtí an naoú fomhír den mhír seo do chumhacht údaráis rialála náisiúnta a cheangal go scoirfear láithreach de sháruithe ar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, de bhun Airteagal 18~~16~~(7~~6~~) agus do cheart an oibreora líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air bearta leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun calaois a chomhrac.

Más gá sin, forchuirfidh údaráis rialála náisiúnta athruithe ar thairiscintí tagartha, lena n-áirítear maidir leis na bearta sonracha a fhéadfaidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a ghlacadh chun buanfhánaíocht, úsáid aimhrialta nó mí-úsáid rochtana ar fhánaíocht mhórdhíola a chosc, agus na critéir oibiachtúla ar ar a mbonn a fhéadfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air na bearta sin a ghlacadh, chun éifeacht a thabhairt d'oibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo.

---

↓ 531/2012 (oiriúnaithe)

7. I gcás inar mian leis an ngnóthas a bhfuil an rochtain á hiarraidh aige dul i mbun caibidlíochta tráchtála d'fhonn comhpháirteanna nach gcumhdaítear leis an tairiscint tagartha a áireamh freisin, tabharfaidh oibreoirí na líonraí soghluaiste freagra ar iarraidh den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnach nach rachaidh thar dhá mhí ón uair a bhfaighfear an iarraidh den chéad uair. Chun críocha na míre seo, ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 5.

8. ~~Faoin 30 Meán Fómhair 2012,~~ ⌦ Laistigh de 6 mhí tar éis ghlacadh an Rialacháin seo, ⌫ agus chun cur leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, déanfaidh BEREC treoirlínte maidir le rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola a ~~leagan síos~~ ⌦ nuashonrú ⌫ ⌦ i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de Rialachán(AE) Uimh. 531/2012 tar éis dó dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún ⌫ .

~~9. Beidh feidhm ag mír 5 go mír 7 ón 1 Eanáir 2013.~~

~~*Airteagal 4*~~

---

↓ 2015/2120 Airt. 7.3(a)

~~**Seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh**~~

↓ 531/2012

~~1. Ní chuirfidh soláthraithe baile ná soláthraithe seirbhísí fánaíochta bac ar chustaiméirí rochtain a fháil ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí arna soláthar ag soláthraí malartach seirbhísí fánaíochta go díreach ar líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air.~~

~~2. Beidh sé de cheart ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta athrú ó sholáthraí seirbhísí fánaíochta go chéile tráth ar bith. I gcás ina roghnóidh custaiméir seirbhísí fánaíochta athrú ó sholáthraí seirbhísí fánaíochta, déanfar an t-athrú sin gan aon mhoill mhíchuí, agus i ngach cás laistigh den tréimhse is giorra ama is féidir, ag brath ar an réiteach teicniúil arna rogha do dhíolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a chur i bhfeidhm, ach is tréimhse nach faide in imthosca ar bith ná trí lá oibre ón tráth a dtabharfar an comhaontú chun críche leis an soláthraí nua seirbhísí fánaíochta.~~

~~3. Beidh an t-athrú chuig soláthraí malartach seirbhísí fánaíochta nó idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta saor in aisce do chustaiméirí agus féadfar é a dhéanamh faoi aon phlean taraife. Ní bheidh aon síntiús gaolmhar ná aon mhuirir sheasta bhreise ná athfhillteacha is muirir a bhaineann le heilimintí den síntiús seachas an fhánaíocht ag gabháil leis, i gcomparáid leis na coinníollacha a bhí i bhfeidhm sula ndearnadh an t-athrú.~~

~~6. Beidh feidhm ag an Airteagal seo ón 1 Iúil 2014.~~

~~*Airteagal 5*~~

↓ 2015/2120 Airt. 7.4(a)

~~**Díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola rialáilte a chur chun feidhme**~~

↓ 2015/2120 Airt. 7.4(b)

~~1. Déanfaidh soláthraithe baile an oibleagáid a bhaineann le díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola rialáilte, dá bhforáiltear in Airteagal 4, a chur chun feidhme i dtreo is gur féidir le custaiméirí seirbhísí fánaíochta úsáid a bhaint as seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte ar leithligh. Freastalóidh soláthraithe baile do na hiarrataí réasúnacha uile ar rochtain ar shaoráidí agus ar sheirbhísí tacaíochta gaolmhara, ar saoráidí agus seirbhísí iad atá ábhartha i dtaca le seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola rialáilte a dhíol ar leithligh. Maidir le rochtain ar na saoráidí sin agus ar na seirbhísí tacaíochta sin is gá chun seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a dhíol ar leithligh, lena n-áirítear seirbhísí fíordheimhnithe úsáideora, beidh sí saor in aisce agus ní chuirfear aon mhuirir dhíreacha ar na custaiméirí seirbhísí fánaíochta i ngeall air.~~

↓ 2015/2120 Airt. 7.4(c)

~~2. Lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach agus go comhuaineach ar fud an Aontais díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola rialáilte, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus tar éis dul i gcomhairle le BEREC, rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le réiteach teicniúil chun díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a chur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2).~~

🡻 2015/2120 Airt. 7.4(d)

3. Maidir leis an réiteach teicniúil chun díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola rialáilte a chur chun feidhme, comhlíonfaidh sé na critéir seo a leanas:

🡻 531/2012

(a) beidh sé áisiúil don tomhaltóir, agus go háirithe féadfaidh tomhaltóirí athrú chuig soláthraí malartach seirbhísí fánaíochta go furasta agus go pras ach ag an am céanna a n-uimhir shoghluaiste atá ann cheana á coimeád agus an gléas soghluaiste céanna á úsáid acu;

(b) beidh sé in ann freastal ar gach catagóir d'éileamh tomhaltóirí, lena n-áirítear tréanúsáid seirbhísí sonraí;

(c) beidh sé in ann an iomaíocht a chothú ar bhealach éifeachtach, agus cuirfidh sé san áireamh an scóip atá ag oibreoirí sochar a bhaint as a sócmhainní bonneagair nó as a socruithe tráchtála;

(d) beidh sé éifeachtach ó thaobh costas de, agus cuirfidh sé san áireamh go bhfuil costais á roinnt idir soláthraithe baile agus soláthraithe malartacha seirbhísí fánaíochta;

(e) beidh sé in ann éifeacht a thabhairt do na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ar bhealach éifeachtúil;

(f) cumasófar leis an idir-inoibritheacht is mó is féidir;

(g) beidh sé furasta don úsáideoir é a úsáid, go háirithe i ndáil leis an láimhseáil theicniúil a dhéanfaidh custaiméirí ar an ngléas soghluaiste agus iad ag athrú ó líonra amháin go líonra eile;

(h) áiritheoidh sé nach gcuirfear bac ar fhánaíocht ag custaiméirí de chuid an Aontais i dtríú tíortha ná ar fhánaíocht ag custaiméirí de chuid tríú tíre san Aontas;

(i) áiritheoidh sé go n-urramófar na rialacha maidir le cosaint an phríobháideachais, sonraí pearsanta, slándála agus sláine líonraí agus na trédhearcachta, a éilítear sa Treoir Réime agus sna Treoracha Sonracha;

(j) cuirfidh sé san áireamh an t-ábhar go gcuireann údaráis rialála náisiúnta cumas úsáideoirí deiridh chun cinn maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus an fhaisnéis sin a dháileadh nó na feidhmchláir agus na seirbhísí is rogha leo a fheidhmiú, i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 8(4) den Treoir Réime;

(k) áiritheoidh sé go gcuirfidh soláthraithe coinníollacha coibhéiseacha i bhfeidhm in imthosca coibhéiseacha.

4. Leis an réiteach teicniúil, féadfar módúlacht teicniúil amháin nó roinnt módúlachtaí teicniúla a chomhcheangal chun na critéir a leagtar amach i mír 3 a chomhlíonadh.

5. Más gá, tabharfaidh an Coimisiún sainordú do Chomhlacht Eorpach um chaighdeánú chun na caighdeáin ábhartha a theastaíonn le go ndéanfar díolachán ar leithligh seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a chur chun feidhme go comhchuibhithe a oiriúnú.

6. Beidh feidhm ag míreanna 1, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo ón 1 Iúil 2014.

↓ 531/2012

*Airteagal ~~6~~ 4*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste Cumarsáide, arna bhunú le hAirteagal 118(1)~~22~~ de~~n Treoir Réime~~ Threoir (AE) 2018/1972, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

↓ 2015/2120 Airteagal 7.5 (oiriúnaithe)

*Airteagal 5 ~~6a~~*

**⌦ Seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar ⌫**

~~**Deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola**~~

~~Le héifeacht ón 15 Meitheamh 2017, ar choinníoll go mbeidh an gníomh reachtach atá le glacadh tar éis an togra dá dtagraítear in Airteagal 19(2) infheidhme ó dáta sin,~~

1. ~~n~~Ní thoibheoidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta aon fhormhuirear de bhreis ar an bpraghas miondíola baile maidir le custaiméirí seirbhísí fánaíochta i mBallstát ar bith as aon ghlao fánaíochta rialáilte a dhéantar nó a fhaightear, as aon teachtaireacht SMS fánaíochta rialáilte a sheolfar agus as aon seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte a úsáidfear, ~~lena n-áirítear teachtaireachtaí MMS,~~ ná aon mhuirear ginearálta chun go mbeifear in ann an trealamh nó an tseirbhís teirminéil a úsáid thar lear, faoi réir Airteagal 6~~b~~ agus 7~~6c~~.

⇩ nua

2. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, go soláthrófar seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte faoi na coinníollacha céanna agus dá n-úsáidfí na seirbhísí sin sa bhaile, i dtéarmaí cáilíocht seirbhíse go háirithe.

↓ 2015/2120 Airteagal 7.5 (oiriúnaithe)

*Airteagal 6~~6b~~*

**Úsáid chóir**

1. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta 'beartas maidir le húsáid chóir a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an Airteagal seo agus leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8~~6d~~, maidir le tomhaltas seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthraítear ar an leibhéal praghais miondíola baile is infheidhme, d'fhonn cosc a chur ar chustaiméirí seirbhísí fánaíochta leas a bhaint as seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, ar mí-úsáid nó úsáid aimhrialta í, amhail úsáid seirbhísí den sórt sin ag custaiméirí seirbhísí

fánaíochta i mBallstát eile seachas Ballstát a soláthraí baile chun críocha seachas críocha taistil thréimhsiúil.

Mar thoradh ar aon bheartas maidir le húsáid chóir, cuirfear ar chumas chustaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta toirteanna seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, a bheidh comhsheasmhach leis na pleananna taraife atá acu faoi seach, a thomhailt ag an bpraghas miondíola baile is infheidhme.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 9~~6e~~ maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte lena rachfar thar aon teorainneacha faoi aon bheartas maidir le húsáid chóir.

## *Airteagal 7~~6c~~*

### ⌦**Sásra**⌫ **inbhuanaitheachta** ~~**deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola**~~

1. In imthosca sonracha agus eisceachtúla, d'fhonn inbhuanaitheacht a mhúnla muirearaithe bhaile a áirithiú, i gcás nach féidir le soláthraí seirbhísí fánaíochta a chuid costas iomlán iarbhír agus a chuid costas réamh-mheasta, a bhaineann le seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 5~~6a~~ agus 6~~6b~~, a aisghabháil, as a ioncam iomlán iarbhír agus réamh-mheasta ó sheirbhísí den sórt sin a sholáthar, féadfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta sin iarratas a dhéanamh ar údarú formhuirear a chur i bhfeidhm. Ní chuirfear an formhuirear sin i bhfeidhm ach go feadh an méid is gá sin chun na costais, a bhaineann le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar, a aisghabháil, ag féachaint do na muirir uasta mhórdhíola is infheidhme.

2. I gcás ina gcinneann soláthraí seirbhísí fánaíochta leas a bhaint as mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh sé iarratas a chur faoi bhráid an údaráis náisiúnta rialála gan mhoill agus tabharfaidh sé an fhaisnéis uile is gá dó i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8~~6d~~. Gach 12 mhí ina dhiaidh sin, tabharfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus cuirfidh sé í faoi bhráid an údaráis náisiúnta rialála.

3. Chomh luath agus a gheobhaidh sé iarratas de bhun mhír 2, déanfaidh an t-údarás náisiúnta rialála measúnú le fíorú an bhfuil sé suite ag an soláthraí seirbhísí fánaíochta nach mbeidh sé in ann a chostais a aisghabháil i gcomhréir le mír 1, agus é mar éifeacht leis sin go ndéanfaí dochar d'inbhuanaitheacht an mhúnla muirearaithe bhaile. Beidh an measúnú ar inbhuanaitheacht an mhúnla muirearaithe bhaile bunaithe ar ghnéithe oibiachtúla ábhartha a bhaineann go sonrach leis an soláthraí seirbhísí fánaíochta, lena n-áirítear éagsúlachtaí oibiachtúla idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta atá sa Bhallstát i dtrácht agus leibhéal na bpraghsanna náisiúnta agus na n-ioncam náisiúnta. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta rialála an formhuirear a údarú i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 agus sa mhír seo.

4. Laistigh d'aon mhí amháin tar éis iarratas a fháil de bhun mhír 2, údaróidh an t-údarás náisiúnta rialála an formhuirear, mura rud é go bhfuil an t-iarratas go follasach gan bhunús nó go bhfuil faisnéis neamhleor atá curtha ar fáil ann. I gcás ina measann an t-údarás náisiúnta rialála gur follasach go bhfuil an t-iarratas gan bhunús, nó má mheasann sé nach leor an fhaisnéis atá curtha ar fáil, déanfaidh sé cinneadh críochnaitheach laistigh de thréimhse dhá mhí breise, tar éis dó deis éisteachta a thabhairt don soláthraí seirbhísí fánaíochta, chun an formhuirear a údarú, a leasú nó chun diúltú dó.

*Airteagal 86d*

**An beartas maidir le húsáid chóir agus ⌦ sásra inbhuanaitheachta ⌫ ~~deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola~~ a chur chun feidhme**

---

| ➔ 2015/2120 Airteagal 7.5 (oiriúnaithe) ⇨ nua |
|---|

1. ~~Faoin 15 Nollaig 2016,~~ Dd'fhonn a áirithiú go ndéanfar Airteagal 66b agus Airteagal 76c a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le BEREC, ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ⌦ agus a athbhreithniú go tréimhsiúil i bhfianaise forbairtí ar an margadh ⌫ , lena leagtar síos rialacha mionsonraithe, maidir le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir agus maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ~~deireadh a chur le~~ ~~fomhuirir fánaíochta miondíola~~ ⇨ seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar ⇦ ⇨ ar phraghsanna baile ⇦ agus ar an iarratas a bheidh le cur isteach ag soláthraí seirbhísí fánaíochta chun críocha an mheasúnaithe sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64(2).

2. Ll e linn dó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe i ndáil leis an mbeartas maidir le húsáid chóir~~ a leagtar amach in Airteagal 6b~~ a chur chun feidhme, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:

(a) forás na bpatrún praghsála agus tomhaltais sna Ballstáit;

(b) an méid cóineasaithe atá idir na praghasleibhéil bhaile sna tíortha ar fud an Aontais;

(c) na patrúin taistil san Aontas;

(d) aon riosca go saobhfar na dreasachtaí iomaíochta agus infheistíochta a bheidh inbhraite sna margaí baile nó sna margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu.

3. ~~Maidir le hAirteagal 6c,~~ Ll e linn dó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ⇨seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar ar phraghsanna baile⇦ ~~deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola~~ le haghaidh soláthraí seirbhísí fánaíochta, bunóidh an Coimisiún iad ar na nithe seo a leanas:

(a) cinneadh na gcostas iomlán iarbhír agus réamh-mheasta a bhaineann le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar trí thagairt do na rátaí éifeachtacha fánaíochta mórdhíola do thrácht neamhchothromaithe agus cion réasúnach de na costais chomhpháirteacha agus na gcostas comhchoiteann is gá chun seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar;

(b) cinneadh na n-ioncam iomlán iarbhír agus réamh-mheasta ó sheirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar;

(c) tomhaltas na seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte agus tomhaltas baile ag custaiméirí an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta;

(d) leibhéal na hiomaíochta, na bpraghsanna agus na n-ioncam sa mhargadh baile, agus aon riosca inbhraite go ndéanfaí difear suntasach d'fhorás praghsanna den sórt sin trí fhánaíocht ar phraghsanna miondíola baile.

~~4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 go tráthrialta i bhfianaise na bhforbairtí ar an margadh.~~

~~4~~5. Déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta dlúthfhaireachán agus dianmhaoirseacht ar chur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir agus na mbeart i ndáil le hinbhuanaitheacht ⇨seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar ar phraghsanna baile⇦ ~~deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola~~, agus lánaird á tabhairt ar na gnéithe oibiachtúla ábhartha a bhaineann go sonrach leis an mBallstát lena mbaineann agus ar na héagsúlachtaí ábhartha oibiachtúla idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta. Gan dochar don nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 7~~6e~~(3), déanfaidh an t-údarás náisiúnta rialála ceanglais Airteagal 6~~6b~~ agus Airteagal 7~~6e~~ agus na gníomhartha cur chun feidhme~~ a ghlacfar de bhun~~ ⌦ dá bhforáiltear⌫ i mír ~~1~~2 den Airteagal seo a fhorfheidhmiú go tráthúil. Féadfaidh an t-údarás náisiúnta rialála, tráth ar bith, a cheangal ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta an formhuirear a leasú nó gan leanúint de más rud é nach gcomhlíontar Airteagal 6~~6b~~ nó Airteagal 7~~6e~~ leis. Cuirfidh an t-údarás náisiúnta rialála an Coimisiún Eorpach ar an eolas, go bliantúil, i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagal 6~~6b~~, Airteagal 7~~6e~~ agus an Airteagail seo.

---

⇩ nua

5. Leanfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 d’fheidhm a bheith aige go dtí go dtiocfaidh gníomh nua cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 1 i bhfeidhm.

---

🡻 2015/2120 Airteagal 7.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 9 ~~6e~~*

**~~Seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar~~ ⌦ Cur i bhfeidhm eisceachtúil formhuirear miondíola ar thomhaltas seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte agus ar sholáthar taraifí malartacha ⌫**

1. Gan dochar don dara fomhír, i gcás ina gcuireann soláthraí seirbhísí fánaíochta formhuirear i bhfeidhm maidir le tomhaltas seirbhísí fánaíochta rialáilte miondíola atá sa bhreis ar aon teorainneacha a shocraítear leis an mbeartas maidir le húsáid chóir, comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas (gan CBL a áireamh):

(a) aon fhormhuirear atá i bhfeidhm chun glaonna fánaíochta rialáilte a dhéanamh, teachtaireachtaí SMS fánaíochta rialáilte a sheoladh agus seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte, ní rachaidh sé thar an muirear uasta mórdhíola dá bhforáiltear in Airteagail 10~~7~~ (2), 11~~9~~(1) agus 12(1), faoi seach;

~~(b) suim na bpraghsanna miondíola baile agus aon fhormhuirear arna chur i bhfeidhm chun glaonna fánaíochta rialáilte a dhéanamh, teachtaireachtaí SMS fánaíochta rialáilte a sheoladh nó seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte, ní rachaidh sé thar EUR 0,19 in aghaidh an nóiméid, EUR 0,06 in aghaidh teachtaireacht SMS agus EUR 0,20 in aghaidh an mheigibhirt a úsáidtear, faoi seach;~~

(~~c~~b) aon fhormhuirear a chuirtear i bhfeidhm maidir le glaonna fánaíochta a fhaightear, ní rachaidh sé thar ⇨ na rátaí críochnaithe uasta aonair guthghlaonna soghluaiste uile-Aontais a leagtar amach don bhliain i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Threoir (AE) 2018/1972. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal

75(1) de Threoir (AE) 2018/1972, nach gá a thuilleadh ráta críochnaithe guthghlaonna uile-Aontais a shocrú agus gan ráta críochnaithe uasta guthghlao soghluaiste a shocrú, maidir le haon fhormhuirear a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh glaonna fánaíochta rialáilte a fhaightear, ní rachaidh sin thar an ráta a shocraítear leis an ngníomh tarmligthe is déanaí arna ghlacadh de bhun Airteagal 75 den Treoir sin⇦ ~~mheán ualaithe rátaí uasta críochnaithe soghluaiste ar fud an Aontais a leagtar síos i gcomhréir le mír 2~~.

Ní chuirfidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta aon fhormhuirear i bhfeidhm maidir le teachtaireacht fánaíochta SMS rialáilte nó le teachtaireacht ghlórphoist fánaíochta a gheofar. Beidh an méid sin gan dochar d'aon mhuirir eile is infheidhme, amhail muirir chun éisteacht le teachtaireachtaí den sórt sin.

Déanfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta muirear a ghearradh ar ghlaonna fánaíochta a dhéantar agus a fhaightear in aghaidh an tsoicind. Féadfaidh na soláthraithe seirbhísí fánaíochta tréimhse íosta muirir tosaigh a chur i bhfeidhm nach mó ná 30 soicind maidir le glaonna a dhéantar. Gearrfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta muirear ar a gcustaiméirí as seirbhís fánaíochta rialáilte a sholáthar ar bhonn ráta in aghaidh an chilibhirt, seachas teachtaireachtaí MMS a bhféadfar muirear a ghearradh ina leith in aghaidh an aonaid. I gcás den sórt sin, an muirear fánaíochta miondíola a fhéadfaidh soláthraí seirbhísí fánaíochta a thobhach ar a chustaiméir seirbhísí fánaíochta as teachtaireacht MMS fánaíochta a tharchur nó a fháil, ní rachaidh sé thar an muirear uasta fánaíochta miondíola a leagtar amach sa chéad fhomhír i gcás seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí.

~~Le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 6f(1), ní dhéanfaidh an mhír seo cosc a chur ar thairiscintí a chumasóidh do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta, le haghaidh muirir per diem nó aon mhuirir sheasta thréimhsiúil, toirt áirithe tomhaltais seirbhísí fánaíochta rialáilte ar choinníoll go dtiocfaidh as tomhaltas méid iomlán na toirte sin praghas in aghaidh an aonaid ar ghlaonna fánaíochta rialáilte, glaonna a dhéanamh, teachtaireachtaí SMS a sheoladh agus ar sheirbhísí fánaíochta sonraí nach mó ná an praghas miondíola baile faoi seach agus na muirir uasta a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo.~~

~~2. Faoin 31 Nollaig 2015, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le BEREC agus faoi réir an dara fomhír den mhír seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach meán ualaithe na rátaí críochnaithe soghluaiste uasta dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na gníomhartha cur chun feidhme sin gach bliain. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2).~~

~~Maidir le meán ualaithe na rátaí críochnaithe soghluaiste uasta, bunófar ar na critéir seo a leanas iad:~~

~~(a) leibhéal uasta na rátaí críochnaithe soghluaiste a fhorchuir na húdaráis náisiúnta rialála ar an margadh do chríochnú glao gutha mórdhíola ar líonraí soghluaiste aonair i gcomhréir le hAirteagal 7 agus Airteagal 16 den Treoir Réime agus le hAirteagal 13 de Threoir na Rochtana, agus~~

~~(b) líon iomlán na síntiúsóirí sna Ballstáit.~~

2~~3~~. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta taraif fánaíochta seachas an ceann a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagail 5 ~~6a~~, 6~~6b~~, 7~~6c~~, agus mír 1 den Airteagal seo a thairiscint agus féadfaidh custaiméirí seirbhísí fánaíochta taraif fánaíochta seachas an ceann a shocraítear in Airteagail 5, 6 agus 7 agus mír 1 den Airteagal seo a roghnú d'aon ghnó ar dá bhun a bhainfidh custaiméirí seirbhísí fánaíochta leas as taraif dhifriúil ar sheirbhís fánaíochta rialáilte seachas an ceann a thabharfaí dóibh mura mbeadh rogha den sórt ann. Cuirfidh an

soláthraí seirbhísí fánaíochta i gcuimhne do na custaiméirí seirbhísí fánaíochta sin cineál na mbuntáistí ar sheirbhísí fánaíochta a chaillfí dá ndéanfaí amhlaidh.

Gan dochar don chéad fhomhír, cuirfidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta taraif atá leagtha amach in Airteagal 56a agus 66b, agus i mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhm go huathoibríoch maidir leis na custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar fad atá ann cheana agus atá nua.

Féadfaidh aon chustaiméir seirbhísí fánaíochta, tráth ar bith, a iarraidh go n-athrófaí go dtí nó ón taraif a shocraítear in Airteagal 56a, 66b, 76c agus i mír 1 den Airteagal seo. I gcás custaiméirí seirbhísí fánaíochta a dhéanann an rogha athrú d'aon ghnó chuig taraif a shocraítear i gcomhréir le hAirteagail 56a, 66b, 76c, agus le mír 1 den Airteagal seo nó athrú ar ais chuig an taraif sin, déanfar aon athrú laistigh de lá amháin oibre tar éis an iarraidh a fháil agus déanfar é saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta ag gabháil leis maidir le heilimintí eile de na síntiúis seachas fánaíocht. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta moill a chur ar athrú go dtí go mbeidh an taraif fánaíochta a bhí ann roimhe sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse íosta sonraithe nach rachaidh thar dhá mhí.

34. ⇨ Gan dochar do Chuid III, Teideal III de Threoir (AE) 2018/1972, ⇦ mMaidir le conradh ina chuimsítear seirbhís fánaíochta miondíola rialáilte d'aon chineál, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta go sonrófar na ~~príomhthréithe~~ tréithe de na seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte sin a sholáthraítear, lena n-áirítear go háirithe:

(a) an plean taraife nó na pleananna taraife ar leith, agus, do gach ceann de na pleananna taraife, na cineálacha seirbhísí a thairgtear agus toirteanna na cumarsáide san áireamh;

(b) aon srianta arna bhforchur ar thomhaltas seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthraítear ar an leibhéal praghais baile miondíola is infheidhme, go háirithe faisnéis chainníochtaithe maidir leis an gcaoi a chuirtear an beartas maidir le húsáid chóir i bhfeidhm trí thagairt a dhéanamh do na príomhpharaiméadair praghsála, toirte nó eile a bhaineann leis an tseirbhís fánaíochta miondíola rialáilte lena mbaineann;.

---

⇩ nua

(c) an cháilíocht seirbhíse ar féidir a bheith ag súil leis le réasún le linn fánaíochta san Aontas.

4. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta go soláthrófar in aon chonradh, ina bhfuil aon chineál seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, faisnéis maidir leis na cineálacha seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir muirir mhéadaithe le linn fánaíochta.

---

🡻 2015/2120 Airteagal 7.5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

5. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta an fhaisnéis dá dtagraítear ~~sa chéad fhomhír~~ míreanna 3 ⇨ agus 4 ⇦ .

~~*Airteagal 6f*~~

~~**Muirir fánaíochta miondíola idirthréimhseacha**~~

~~1. Ón 30 Aibreán 2016 go dtí an 14 Meitheamh 2017, féadfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta formhuirear a chur i bhfeidhm de bhreis ar an bpraghas miondíola baile chun seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar.~~

~~2. Le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 6e *mutatis mutandis*.~~

---

⬇ 531/2012

*Airteagal* <u>*10*</u> ~~*7*~~

**Muirir mhórdhíola chun glaonna fánaíochta rialáilte a dhéanamh**

---

⬇ 2017/920 Airteagal 1.2 (oiriúnaithe)
⇨ nua

1. ~~Le héifeacht ón 15 Meitheamh 2017,~~ ~~n~~Ní mó an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar sholáthraí seirbhísí fánaíochta chun glao fánaíochta rialáilte a sholáthar, ar glao é a thosaíonn ar an líonra sin a bhfuil á cuairt á tabhairt air, lena n-áirítear, inter alia, costais tosaithe, idirthurais agus críochnaithe, ná teorainn choimirce EUR ~~0,032~~ ⇨0,022⇦ in aghaidh an nóiméid. Laghdóidh an muirear mórdhíola uasta sin ~~de bheith cothrom le EUR 0,032 go dtí an 30 Meitheamh 2022, gan dochar d'Airteagal 19~~ ⇨go EUR 0,019 in aghaidh an nóiméid ón 1 Eanáir 2025 agus, gan dochar d'Airteagail 21, 22 agus 23, fanfaidh sé ag EUR 0,019 go dtí an 30 Meitheamh 2032⇦.

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse 12 mhí nó thar aon tréimhse den sórt is giorra ná sin a fhéadfaidh a bheith fágtha roimh dheireadh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag meánmhuirear mórdhíola uasta dá bhforáiltear i mír 1 nó roimh an 30 Meitheamh ~~2022~~ ⇨ 2032 ⇦.

---

⬇ 531/2012

3. Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an ioncam iomlán a fhaightear ó fhánaíocht mhórdhíola a roinnt ar líon iomlán na nóiméad fánaíochta mórdhíola a úsáideann an t-oibreoir ábhartha go hiarbhír chun glaonna fánaíochta mórdhíola a sholáthar laistigh den Aontas sa tréimhse ábhartha, arna chomhiomlánú mar shuim in aghaidh an tsoicind arna coigeartú chun aird a thabhairt ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air tréimhse íosta tosaigh muirearaithe nach faide ná 30 soicind a chur i bhfeidhm.

*Airteagal* <u>*11*</u> ~~*9*~~

**Muirir mhórdhíola ar theachtaireachtaí fánaíochta rialáilte SMS**

🡻 2017/920 Airteagal 1.3 (oiriúnaithe)
⇨ nua

1. ~~Le héifeacht ón 15 Meitheamh 2017,~~ ~~n~~Ní mó an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt airt air a thobhach ar sholáthraí seirbhísí fánaíochta chun seirbhísí fánaíochta SMS rialáilte a sholáthar a thionscnaítear ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt airt air, ná teorainn choimirce EUR ~~0,01~~ ⇨ EUR 0,004 ⇦ in aghaidh na teachtaireachta SMS a tharchuirtear⇨. Laghdóidh an muirear uasta mórdhíola go EUR 0.003 in aghaidh na teachtaireachta SMS an 1 Eanáir 2025⇦ agus, gan dochar d’Airteagail 21~~19,~~⇨ 22 agus 23 ⇦, fanfaidh sé ag EUR ~~0,01~~ ⇨0,003⇦ go dtí an 30 Meitheamh ⇨ 2032 ⇦ ~~2022~~.

🡻 531/2012
⇨ nua

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse 12 mhí nó thar aon tréimhse den sórt is giorra ná sin a fhéadfaidh a bheith fágtha ⇨roimh dheireadh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag meánmhuirear mórdhíola uasta dá bhforáiltear i mír 1 nó⇦ roimh an 30 Meitheamh ⇨ 2032 ⇦ ~~2022~~.

3. Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an ioncam mórdhíola iomlán a fhaigheann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air nó oibreoir an líonra baile as teachtaireachtaí SMS fánaíochta rialáilte a thosú agus a tharchur laistigh den Aontas sa tréimhse ábhartha a roinnt ar líon iomlán na dteachtaireachtaí SMS den sórt sin a tosaíodh agus a tarchuireadh thar ceann an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta ábhartha nó thar ceann oibreoir ábhartha an líonra baile laistigh den tréimhse sin.

4. Ní dhéanfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air aon mhuirear a thobhach ar sholáthraí seirbhísí fánaíochta an chustaiméara seirbhísí fánaíochta nó ar oibreoir líonra baile an chustaiméara, ar leithligh ón muirear dá dtagraítear i mír 1, as teachtaireacht SMS fánaíochta rialáilte a chríochnú, ar teachtaireacht í a seoladh chuig custaiméir seirbhísí fánaíochta agus é ag fánaíocht ar a líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air.

*~~Airteagal 11~~*

**~~Saintréithe teicniúla na dteachtaireachtaí SMS fánaíochta rialáilte~~**

~~Ní dhéanfaidh aon soláthraí seirbhísí fánaíochta, soláthraí baile, oibreoir líonra baile ná oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air saintréithe teicniúla theachtaireachtaí fánaíochta rialáilte SMS a athrú ar shlí a d’fhágfadh go mbeadh siad éagsúil le saintréithe teicniúla theachtaireachtaí SMS a sholáthraítear laistigh dá mhargadh baile.~~

*Airteagal 12*

**Muirir mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí**

↓ 2017/920 Airt. 1.4 (oiriúnaithe)
⇨ nua

1. Le héifeacht ón 15 Meitheamh 2017, nNí mó an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar sholáthraí seirbhísí fánaíochta chun seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí a sholáthar trí bhíthin an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt airt air, ná teorainn choimirce EUR ⇨ 2,00 ⇦ EUR 7,70 in aghaidh an ghigibhirt sonraí a tharchuirtear. Laghdófar an muirear uasta mórdhíola sin go dtí EUR 6,00 in aghaidh an ghigibhirt an 1 Eanáir 2018, go dtí EUR 4,50 in aghaidh an ghigibhirt an 1 Eanáir 2019, go dtí EUR 3,50 ⇨1,50⇦ in aghaidh an ghigibhirt ⌦ sonraí a tharchuirtear ⌫ an 1 Eanáir 2020 ⇨ 2025 ⇦ , go dtí EUR 3,00 in aghaidh an ghigibhirt an 1 Eanáir 2021 agus go dtí EUR 2,50 in aghaidh an ghigibhirt an 1 Eanáir 2022. Gan ⌦ agus ⌫ gan dochar d'Airteagail 2119, ⇨ 22 agus 23 ⇦ fanfaidh sé ag EUR 2,50 ⇨ 1,50 ⇦ in aghaidh an ghigibhirt sonraí a tharchuirtear go dtí an 30 Meitheamh ⇨ 2032 ⇦ 2022 .

↓ 531/2012
⇨ nua

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse 12 mhí nó thar aon tréimhse den sórt is giorra ná sin a fhéadfaidh a bheith fágtha ⇨ roimh dheireadh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag meánmhuirear mórdhíola uasta dá bhforáiltear i mír 1 nó roimh an 30 Meitheamh 2032 ⇦ roimh an 30 Meitheamh 2022.

3. Déanfar an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 a ríomh tríd an ioncam mórdhíola iomlán a fhaigheann oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air nó oibreoir an líonra baile as seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí a sholáthar sa tréimhse ábhartha a roinnt ar líon iomlán na meigibheart sonraí a úsáidtear iarbhír trí na seirbhísí sin a sholáthar laistigh den tréimhse sin, arna gcomhiomlánú ar bhonn ráta in aghaidh an chilibhirt thar ceann an tsoláthraí seirbhísí fánaíochta ábhartha nó oibreoir ábhartha an líonra baile laistigh den tréimhse sin.

⇩ nua

*Airteagal 13*

**Muirir mhórdhíola ar chumarsáid éigeandála**

Gan dochar d'Airteagail 10, 11 agus 12, ní thoibheoidh an t-oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta, aon mhuirear a bhaineann leis an gcumarsáid éigeandála a thionscain an custaiméir seirbhísí fánaíochta agus le tarchur faisnéise faoi shuíomh glaoiteora.

↓ 531/2012 (oiriúnaithe)

*Airteagal 14*

**Trédhearcacht na muirear ⌦ gcoinníollacha miondíola ⌫ ar ghlaonna fánaíochta agus ar theachtaireachtaí SMS**

1. Chun foláireamh a thabhairt do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta go mbeidh muirir fhánaíochta á ngearradh acu nuair a bheidh glao á dhéanamh nó á fháil aige, nó nuair a bheidh teachtaireacht SMS á seoladh aige, déanfaidh gach soláthraí seirbhísí fánaíochta ar leith, ach amháin i gcás ina mbeidh fógra tugtha ag ~~an gcustaiméir~~ ⌦ na custaiméirí ⌫ dá sholáthraí seirbhísí fánaíochta nach bhfuil an tseirbhís sin ag teastáil ~~uaidh~~ ⌦ uathu ⌫, = faisnéis bhunúsach phearsantaithe praghsála maidir leis na muirir fánaíochta (agus CBL a áireamh) a bhfuil feidhm acu maidir le déanamh agus fáil glaonna agus maidir le seoladh teachtaireachtaí SMS ag an gcustaiméir sin sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air a sholáthar ~~don chustaiméir~~ ⌦ do na custaiméirí ⌫ go huathoibríoch, gan aon mhoill mhíchuí agus saor in aisce, trí Sheirbhís Teachtaireachta nuair a rachaidh ~~sé~~ ⌦ siad ⌫= isteach i mBallstát nach é Ballstát ~~a sholáthraí~~ ⌦ a soláthraí ⌫ baile é.

---

🡻 2015/2120 Airt. 7.7(a)

Léireofar an fhaisnéis praghsála phearsantaithe bhunúsach sin in airgeadra an bhille baile arna sholáthar ag soláthraí baile an chustaiméara agus áireofar inti faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) aon bheartas maidir le húsáid chóir a bhfuil an custaiméir seirbhísí fánaíochta faoina réir laistigh den Aontas agus na formhuirir a bhfuil feidhm acu sa bhreis ar an mbeartas maidir le húsáid chóir sin; agus

(b) aon fhormhuirear a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7~~6c~~.

---

⇩ nua

Soláthróidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta don chustaiméir seirbhísí fánaíochta, ach amháin nuair a bheidh fógra tugtha ag an gcustaiméir seirbhísí fánaíochta nach bhfuil an tseirbhís sin ag teastáil uaidh, go huathoibríoch trí bhíthin Seirbhís Teachtaireachta, gan moill iomchuí agus saor in aisce, nuair a théann an custaiméir seirbhísí fánaíochta isteach i mBallstát seachas Ballstát a sholáthraí seirbhísí, cuirfidh siad ar fáil dó faisnéis maidir leis an riosca féideartha go ngearrfaí muirir mhéadaithe air as úsáid a bhaint as seirbhísí breisluacha lena n-áirítear nasc le leathanach gréasáin tiomnaithe ina gcuirtear faisnéis ar fáil maidir leis na cineálacha seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir costais mhéadaithe agus faisnéis maidir le raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha, má bhíonn an fhaisnéis sin ar fáil.

---

🡻 531/2012 (oiriúnaithe)

Cuimseofar ~~inti~~ ⌦ sa bhunfhaisnéis phraghsála phearsantaithe freisin dá dtagraítear sa chéad fhomhír ⌫ an uimhir shaor in aisce dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh faisnéis níos mionsonraithe a fháil ~~mar aon le faisnéis ar an bhféidearthacht maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí éigeandála tríd an uimhir éigeandála Eorpach 112, a dhiailiú saor in aisce~~.

Tráth a bhfaighidh custaiméir gach teachtaireacht ar leith, beidh an deis aige fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí fánaíochta, saor in aisce agus ar shlí éasca, lena thabhairt le fios nach bhfuil an tSeirbhís Teachtaireachta uathoibríoch ag teastáil uaidh. Beidh sé de cheart ag custaiméir a mbeidh fógra tugtha aige nach mbeidh an tSeirbhís Teachtaireachta uathoibríoch ag teastáil uaidh a cheangal ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta, tráth ar bith agus saor in aisce, an tseirbhís a sholáthar arís.

Déanfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta an fhaisnéis bhunúsach phearsantaithe praghsála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a sholáthar go huathoibríoch do chustaiméirí dalla nó do

chustaiméirí atá faoi mhíchumas radhairc, trí ghuthghlao, saor in aisce, má iarrann siad amhlaidh.

---

↓ 2015/2120 Airt. 7.7(b)

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, ag an dara fomhír, ag an gcúigiú~~gceathrú~~ fomhír agus ag an séú~~gcúigiú~~ fomhír i leith guthsheirbhísí fánaíochta, cé is moite den tagairt don bheartas maidir le húsáid chóir agus an formhuirear a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7~~6c~~, agus le seirbhísí fánaíochta SMS arna n-úsáid ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta ag taisteal dóibh lasmuigh den Aontas agus arna soláthar ag soláthraí seirbhísí fánaíochta.

---

↓ 531/2012 (oiriúnaithe)

2. De bhreis ⌦ ar an bhfaisnéis dá bhforáiltear i ⌫ mír 1, beidh de cheart ag custaiméirí faisnéis phearsantaithe níos mionsonraithe faoi phraghsáil ar na muirir fánaíochta a mbeidh feidhm acu sa líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air maidir le guthghlaonna agus SMS a iarraidh agus a fháil chomh maith le faisnéis faoi na bearta trédhearcachta a bhfuil feidhm acu de bhun an Rialacháin seo, a iarraidh agus a fháil, cibé áit san Aontas ina bhfuil siad, saor in aisce, trí bhíthin guthghlao soghluaiste nó SMS. Déanfar iarraidh den sórt sin chuig uimhir shaor in aisce a cheapfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta chun na críche sin. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí dá bhforáiltear i mír 1 maidir le gléasanna nach dtacaíonn le feidhmiúlacht SMS.

---

↓ 2015/2120 Airt. 7.7(c)

3~~2a~~. Seolfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta fógra don chustaiméir seirbhísí fánaíochta nuair a bheidh an toirt is infheidhme maidir le húsáid chóir de ghuthghlaonna nó, SMS, nó seirbhísí fánaíochta rialáilte tomhailte go hiomlán nó nuair a bheidh aon teorainn úsáide arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le Airteagal 7~~6c~~ bainte amach. Léireoidh an fógra sin an formhuirear fánaíochta rialáilte a chuirfear i bhfeidhm ar aon tomhaltas breise seirbhísí guthghlaonna agus SMS fánaíochta rialáilte ag an gcustaiméir seirbhísí fánaíochta. Beidh sé de cheart ag gach custaiméir a éileamh ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta stopadh d'fhógraí den sórt sin a sheoladh chucu agus beidh sé de cheart acu, ag aon tráth agus saor in aisce, a éileamh ar an soláthraí an tseirbhís sin a sholáthar arís.

---

↓ 2015/2120 Airt. 7.7(d)

4~~3~~. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta faisnéis iomlán a thabhairt do chustaiméirí faoi na muirir fhánaíochta a bheidh i bhfeidhm, an tráth a mbeidh síntiúis á nglacadh. Soláthróidh siad faisnéis uasdátaithe dá gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta freisin maidir le muirir fhánaíochta is infheidhme gan aon mhoill mhíchuí gach uair a tharlaíonn athrú ar na muirir sin.

Seolfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta meabhrúchán ag eatraimh réasúnacha ina dhiaidh sin chuig na custaiméirí go léir a roghnaigh taraif eile.

---

↓ 531/2012

5~~4~~. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta faisnéis ar fáil dá gcuid custaiméirí maidir le fánaíocht neamhaireach a sheachaint i réigiúin teorann. Glacfaidh soláthraithe seirbhísí

fánaíochta céimeanna réasúnta chun a gcuid custaiméirí a chosaint ó mhuirir fánaíochta a íoc ar sheirbhísí fánaíochta ar seirbhísí iad a ndearnadh rochtain neamh-aireach ina leith agus na custaiméirí sin lonnaithe ina mBallstát baile.

*Airteagal 15*

**Sásraí trédhearcachta agus coimirce maidir le seirbhísí fánaíochta sonraí miondíola**

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta, sula ndéanfar conradh a thabhairt i gcrích agus ina dhiaidh sin, go gcoinneofar a gcuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar an eolas ar shlí leordhóthanach faoi na muirir a ghabhann leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí, agus tabharfar an t-eolas sin ar bhealaí ina n-éascaítear tuiscint custaiméirí maidir leis na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann le húsáid den sórt sin agus ar bhealaí ina gcuirtear ar a gcumas faireachán a dhéanamh ar a gcaiteachas ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí, agus an caiteachas sin a rialú, i gcomhréir le mír 2 agus mír 4~~3~~.

I gcás inarb iomchuí, déanfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta a gcuid custaiméirí a chur ar an eolas, sula ndéanfar conradh a chur i gcrích agus ar bhonn tráthrialta dá éis sin, faoin riosca a bhaineann le cónascadh uathoibríoch fánaíochta sonraí agus le híoslódáil uathoibríoch fánaíochta sonraí agus nach ndéantar rialú ina leith. Thairis sin, tabharfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta fógra dá gcuid custaiméirí saor in aisce agus ar shlí shoiléir atá intuigthe go héasca, faoi conas na cónaisc fánaíochta sonraí uathoibríocha sin a mhúchadh chun úsáid neamhrialaithe seirbhísí fánaíochta sonraí a sheachaint.

---

🡻 2015/2120 Airt. 7.8(a)

2. Trí theachtaireacht uathoibríoch ón soláthraí seirbhísí fánaíochta, cuirfear in iúl don chustaiméir seirbhísí fánaíochta go bhfuil sé ag baint úsáid as seirbhísí fánaíochta sonraí rialáilte, agus soláthrófar faisnéis bhunúsach phearsantaithe taraife faoi na muirir (in airgeadra an bhille bhaile arna sholáthar ag soláthraí baile an chustaiméara) is infheidhme as seirbhísí fánaíochta sonraí a sholáthar don chustaiméir seirbhísí fánaíochta sin sa Bhallstát lena mbaineann, ach amháin i gcás ina bhfuil fógra tugtha ag an gcustaiméir don soláthraí seirbhísí fánaíochta nach dteastaíonn an fhaisnéis sin uaidh.

Áireofar san fhaisnéis bhunúsach phearsantaithe taraife sin faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) aon bheartas maidir le húsáid chóir a bhfuil an custaiméir seirbhísí fánaíochta faoina réir laistigh den Aontas agus na formhuirir a bhfuil feidhm acu sa bhreis ar an mbeartas maidir le húsáid chóir sin; agus

(b) aon fhormhuirear a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7~~6c~~.

Déanfar an fhaisnéis a sheachadadh ar ghléas soghluaiste an chustaiméara seirbhísí fánaíochta, mar shampla le teachtaireacht SMS, le ríomhphost nó le fuinneog aníos ar an ngléas soghluaiste, gach uair a théann custaiméir seirbhísí fánaíochta isteach i mBallstát seachas Ballstát a sholáthraí baile agus a chuireann sé tús den chéad uair le seirbhís fánaíochta rialáilte sonraí sa Bhallstát áirithe sin. Soláthrófar an fhaisnéis sin saor in aisce tráth a chuireann an custaiméir seirbhísí fánaíochta tús le seirbhís fánaíochta rialáilte sonraí, ar mhodh iomchuí arna oiriúnú chun go bhfuil sé éasca í a fháil agus a thuiscint.

Beidh sé de cheart ag custaiméir atá tar éis cur in iúl dá sholáthraí seirbhísí fánaíochta nach bhfuil an fhaisnéis taraife uathoibríoch ag teastáil uaidh a éileamh ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta, ag tráth ar bith agus saor in aisce, an tseirbhís sin a sholáthar arís.

🡻 2015/2120 Airt. 7.8(b)

3~~2a~~. Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta fógra nuair a bheidh an toirt is infheidhme maidir le húsáid chóir de sheirbhís sonraí fánaíochta rialáilte tomhailte go hiomlán nó nuair a shroichfear aon tairseach úsáide eile, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7~~6c~~. Léireofar leis an bhfógra sin formhuirear rialaithe na fánaíochta a gcuirfear i bhfeidhm maidir le haon tomhaltas breise de sheirbhísí fánaíochta sonraí ag an gcustaiméir seirbhísí fánaíochta. Beidh sé de cheart ag gach custaiméir a éileamh ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta stopadh d'fhógraí den sórt sin a sheoladh chucu agus beidh sé de cheart acu, ag aon tráth agus saor in aisce, a éileamh ar an soláthraí an tseirbhís sin a sholáthar arís.

---

🡻 2015/2120 Airt. 7.8(c)

4~~3~~. Tabharfaidh gach soláthraí seirbhísí fánaíochta an deis dá chuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta go léir chun an rogha a dhéanamh d'aon ghnó, agus saor in aisce, glacadh le saoráid lena soláthraítear ar bhealach tráthúil faisnéis faoin tomhaltas carnaithe arna sloinneadh de réir toirte nó san airgeadra ina ndéantar an custaiméir seirbhísí fánaíochta a bhilleáil i leith seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí agus ar saoráid í trína ráthaítear nach dtarlóidh sé, gan toiliú sainráite ón gcustaiméir, go rachaidh an caiteachas carnaithe ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí i rith tréimhse sonraithe úsáide, seachas MMS a dtugtar bille in aghaidh an aonaid ina leith, thar theorainn shonraithe airgeadais.

---

🡻 531/2012 (oiriúnaithe)

Chuige ⌦ sin ⌫, déanfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta teorainn airgeadais uasta amháin nó níos mó le haghaidh tréimhsí úsáide sonraithe a chur ar fáil, ar choinníoll go gcuirtear na méideanna comhfhreagracha toirte in iúl don chustaiméir roimh ré. Beidh ceann de na teorainneacha sin (an teorainn airgeadais réamhshocraithe) gar do EUR 50 de mhuirir gan íoc in aghaidh na tréimhse billeála míosúla (gan CBL a áireamh), ach ní bheidh sí níos mó ná an tsuim sin.

Mar mhalairt air sin, féadfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta teorainneacha arna sloinneadh de réir toirte a bhunú, ar choinníoll go gcuirtear na méideanna airgeadais comhfhreagracha in iúl don chustaiméir roimh ré. Beidh luach airgeadais comhfhreagrach ag ceann de na teorainneacha sin (an teorainn toirte réamhshocraithe) ar luach é nach mó ná EUR 50 de mhuirir gan íoc in aghaidh na tréimhse billeála míosúla (gan CBL a áireamh).

Chomh maith leis sin, féadfaidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta teorainneacha eile a thairiscint dá chuid custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar teorainneacha iad lena ngabhann uasteorainneacha éagsúla airgeadais míosúla, is é sin le rá, teorainneacha is airde nó teorainneacha is ísle.

Beidh na teorainneacha réamhshocraithe dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír infheidhme i leith na gcustaiméirí go léir nach bhfuil teorainn eile roghnaithe acu.

Áiritheoidh gach soláthraí seirbhísí fánaíochta freisin go seolfar fógra iomchuí chuig gléas soghluaiste an chustaiméara seirbhísí fánaíochta, mar shampla le teachtaireacht SMS, le ríomhphost nó trí fhuinneog aníos ar an ríomhaire, nuair a shroicheann na seirbhísí fánaíochta sonraí 80 % den teorainn airgeadais nó den teorainn toirte atá comhaontaithe. Beidh sé de cheart ag gach custaiméir a éileamh ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta stopadh d'fhógraí den sórt sin a sheoladh chucu agus beidh sé de cheart acu, ag aon tráth agus saor in aisce, a éileamh ar an soláthraí an tseirbhís sin a sholáthar arís.

Más rud é, mura mbeadh sin, go rachfaí thar an teorainn airgeadais nó thar an teorainn toirte, déanfar fógra a sheoladh chuig gléas soghluaiste an chustaiméara seirbhísí fánaíochta. Léireoidh an fógra sin an nós imeachta atá le leanúint más mian leis an gcustaiméir go leanfar de sholáthar na seirbhísí sin agus an costas a bhaineann le gach aonad breise a úsáidfear. Mura bhfreagraíonn an custaiméir seirbhísí fánaíochta de réir mar a iarrtar san fhógra a fuarthas, scoirfidh an soláthraí seirbhísí fánaíochta láithreach de sheirbhís fánaíochta rialáilte sonraí a sholáthar don chustaiméir seirbhísí fánaíochta, agus de mhuirear a ghearradh ar na seirbhísí sin, mura rud é, agus go dtí go n-iarrann an custaiméir seirbhísí fánaíochta go leanfar de sholáthar na seirbhísí sin nó go ndéanfar soláthar na seirbhísí sin a athnuachan.

Aon uair a iarrann custaiméir seirbhísí fánaíochta saoráid lena ngabhann teorainn airgeadais nó teorainn toirte a ghlacadh, nó deireadh a chur le saoráid den sórt sin, déanfar an t-athrú a dhéanamh laistigh d'aon lá oibre amháin tar éis an iarraidh a fháil agus déanfar é saor in aisce agus ní bheidh coinníollacha ná srianta ann maidir le heilimintí eile den síntiús.

54. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 43 maidir le gléasanna de chineál meaisín le meaisín ar gléasanna iad a bhaineann úsáid as cumarsáid sonraí soghluaiste.

65. Glacfaidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta céimeanna réasúnta chun a gcuid custaiméirí a chosaint ó mhuirir fánaíochta a íoc ar sheirbhísí fánaíochta ar seirbhísí iad a ndearnadh rochtain neamh-aireach ina leith agus na custaiméirí sin lonnaithe ina mBallstát baile. Áireofar leis sin custaiméirí a chur ar an eolas faoin mbealach ina bhféadtar fánaíocht neamhaireach a sheachaint i réigiúin teorann.

---

↓ 2015/2120 Airt. 7.8(d) (oiriúnaithe)

76. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin, cé is moite de mhír 65, ~~den~~ dara fomhír de mhír 2 agus ~~de~~ mír 32a, agus faoi réir an dara agus an tríú fomhír den mhír seo, maidir le seirbhísí fánaíochta sonraí a úsáideann custaiméirí seirbhísí fánaíochta ag taisteal dóibh lasmuigh den Aontas agus a sholáthraíonn soláthraí seirbhísí fánaíochta.

---

↓ 531/2012

I gcás ina roghnóidh an custaiméir an tsaoráid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3, ní bheidh feidhm ag na ceanglais dá bhforáiltear i mír 4 ~~3~~ más rud é nach ndéanann oibreoir an líonra, is líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air, sa tír lasmuigh den Aontas a bhfuil cuairt á tabhairt uirthi a cheadú don soláthraí seirbhísí fánaíochta faireachán a dhéanamh ar úsáid a chuid custaiméirí ar bhonn fíor-ama.

I gcás den sórt sin, tabharfar fógra don chustaiméir trí theachtaireacht SMS ag dul isteach sa tír sin dó, gan aon mhoill mhíchuí agus saor in aisce, nach bhfuil fáil ar fhaisnéis faoi úsáid charnaithe agus ar fhaisnéis ar an ráthaíocht gan dul thar theorainn shonraithe airgeadais.

---

⇩ nua

*Airteagal 16*

**Trédhearcacht maidir leis na bealaí rochtana ar sheirbhísí éigeandála**

Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta go gcoinneofar a gcustaiméirí seirbhísí fánaíochta ar an eolas maidir leis na bealaí chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air.

Cuirfear in iúl le teachtaireacht uathoibríoch ón soláthraí seirbhísí fánaíochta don chustaiméir seirbhísí fánaíochta go bhféadfaidh an custaiméir sin rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála saor in aisce trí ghlao a chur ar an uimhir éigeandála Eorpach aonair '112' agus trí bhealaí rochtana malartacha ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála a shainordaítear sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air. Déanfar an fhaisnéis sin a sheachadadh ar ghléas soghluaiste an chustaiméara seirbhísí fánaíochta le teachtaireacht SMS gach uair a théann an custaiméir seirbhísí fánaíochta isteach i mBallstát seachas Ballstát a sholáthraí baile. Soláthrófar an fhaisnéis sin saor in aisce tráth a chuireann an custaiméir seirbhísí fánaíochta tús le seirbhís fánaíochta, ar mhodh iomchuí arna oiriúnú chun go bhfuil sé éasca í a fháil agus a thuiscint.

*Airteagal 17*

**Bunachar sonraí le haghaidh uimhreacha seirbhísí breisluacha**

Cuirfidh BEREC ar bun, agus coinneoidh sé ar bun, bunachar sonraí uile-Aontais aonair de raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha i ngach Ballstát a bheidh le bheith inrochtana ag údaráis rialála agus oibreoirí. Cuirfear an bunachar sonraí ar bun faoin 31 Nollaig 2023. Chuige sin, déanfaidh NRA nó údaráis inniúla eile, trí mheán leictreonach, an fhaisnéis riachtanach agus na nuashonruithe ábhartha a chur ar fáil do BEREC gan moill mhíchuí.

---

| ↓ 531/2012 |
|---|

*Airteagal 18 ~~16~~*

**Maoirseacht agus forfheidhmiú**

1. Déanfaidh údaráis rialála náisiúnta faireachán agus maoirseacht ar chomhlíonadh an Rialacháin seo laistigh dá gcríoch.

---

| ↓ 2015/2120 Airt. 7.9(a) |
|---|

Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta dianmhaoirseacht agus dianfhaireachán ar na soláthraithe seirbhísí fánaíochta agus leas á bhaint acu as Airteagail 6~~6b~~, 7~~6c~~ agus 9~~6e~~(3).

---

| ↓ 2017/920 Airt. 1.5(a) |
|---|

2. Déanfaidh údaráis rialála náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, BEREC faisnéis atá cothrom le dáta maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe Airteagail 5~~6a~~, 6~~6b~~, 7~~6c~~, 9~~6e~~, 10~~7~~, 11~~9~~ agus 12, a chur ar fáil go poiblí ar shlí ina gcuirtear ar chumas páirtithe leasmhara rochtain éasca a bheith acu uirthi.

---

| ↓ 531/2012 (oiriúnaithe) |
|---|

3. Déanfaidh údaráis rialála náisiúnta, agus iad ag ullmhú don athbhreithniú dá bhforáiltear in Airteagal ~~19~~21, faireachán ar fhorbairtí maidir le muirir mhórdhíola agus le muirir mhiondíola ar sholáthar seirbhísí guthchumarsáide agus seirbhísí cumarsáide sonraí,

lena n-áirítear SMS agus MMS, do chustaiméirí seirbhísí fánaíochta, agus lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh ~~ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh~~. Beidh údaráis rialála náisiúnta san airdeall freisin ar chás áirithe na fánaíochta neamhairí sna réigiúin teorann de chuid Ballstát comharsanach agus déanfaidh siad faireachán i dtaobh cibé an úsáidtear teicnící stiúrtha tráchta ar shlí a fhágann go bhfuil sé míbhuntáisteach do chustaiméirí.

Déanfaidh údaráis rialála náisiúnta faireachán ar fhaisnéis i ndáil le fánaíocht neamhaireach agus déanfaidh siad faisnéis a bhailiú i ndáil léi agus glacfaidh siad bearta iomchuí.

4. Beidh de chumhacht ag údaráis rialála náisiúnta a cheangal ar ghnóthais atá faoi réir oibleagáidí faoin Rialachán seo an fhaisnéis uile is ábhartha do chur chun feidhme agus d'fhorfheidhmiú an Rialacháin seo a sholáthar. Déanfaidh na gnóthais sin an fhaisnéis sin a sholáthar go pras arna iarraidh sin orthu agus i gcomhréir leis na teorainneacha ama agus leis an leibhéal mionsonraí a éileoidh an t-údarás rialála náisiúnta.

---

↓ 2017/920 Airt. 1.5(b)

5~~4 a~~. I gcás ina measfaidh údarás rialála náisiúnta gur faisnéis rúnda atá i gceist i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta maidir le rúndacht gnó, déanfaidh an Coimisiún, BEREC agus aon údaráis rialála náisiúnta eile lena mbaineann an rúndacht sin a áirithiú. Ní chuirfidh rúndacht gnó cosc ar roinnt thráthúil na faisnéise idir an t-údarás rialála náisiúnta, an Coimisiún, BEREC agus aon údaráis rialála náisiúnta eile lena mbaineann chun athbhreithniú, faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

---

↓ 531/2012

6~~5~~. Féadfaidh údaráis rialála náisiúnta idirghabháil a dhéanamh ar a dtionscnamh féin chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Go háirithe, bainfidh siad úsáid, más gá, as na cumhachtaí faoi Airteagal 61~~5~~ de Threoir ~~na Rochtana~~ (AE) 2018/1972 chun rochtain agus idirnascadh leordhóthanach a áirithiú chun lúdracht ceann go ceann agus idirinoibritheacht seirbhísí fánaíochta a ráthú, mar shampla nuair nach bhfuil custaiméirí in ann teachtaireachtaí SMS fánaíochta rialáilte a mhalartú le custaiméirí líonra poiblí cumarsáide soghluaiste i mBallstát eile ós rud é nach bhfuil comhaontú ann chun a chumasú na teachtaireachtaí sin a sheachadadh.

7~~6~~. I gcás ina suíonn údarás rialála náisiúnta gur tharla sárú ar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, beidh de chumhacht aige a éileamh go scoirfí láithreach den sárú sin.

*Airteagal 19 ~~17~~*

**Réiteach díospóide**

1. I gcás díospóide a bhaineann leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo idir ghnóthais a sholáthraíonn líonraí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí i mBallstát, beidh feidhm ag na nósanna imeachta um réiteach díospóide a leagtar síos in Airteagail 26~~20~~ agus 27~~21~~ ~~den Treoir Réime~~ de Threoir (AE) 2018/1972.

↓ 2017/920 Airt. 1.6
⇨ nua

Maidir le díospóidí idir oibreoirí líonraí a dtugtar cuairt orthu agus oibreoirí eile maidir le rátaí a chur i bhfeidhm ar na hionchuir is gá chun seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a sholáthar, féadfar iad a tharchur chun an údaráis nó chun na n-údarás rialála náisiúnta atá inniúil de bhun Airteagail 26~~20~~ ~~nó~~ ⇨ agus ⇦ 27~~21~~ de Threoir (AE) 2018/1972. I gcás den sórt sin, déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta inniúil nó na húdaráis rialála náisiúnta inniúla ~~dul i gcomhairle le~~ ⇨ fógra a thabhairt faoin díospóid do ⇦ BECEC ⇨ d'fhonn réiteach comhsheasmhach ar a ndíospóid a thabhairt chun cinn ⇦ ~~maidir leis an ngníomhaíocht atá le déanamh i gcomhréir leis an gCreat-Treoir, leis na Treoracha Sonracha nó leis an Rialachán seo chun an díospóid a réiteach~~. I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le BEREC, fanfaidh an t-údarás nó na húdaráis rialála náisiúnta inniúla le tuairim BEREC sula ndéanfaidh sé nó siad aon ghníomhaíocht chun an díospóid a réiteach.

↓ 531/2012 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. I gcás díospóide neamhréitithe ina bhfuil tomhaltóir nó críoch-úsáideoir i gceist agus a bhaineann le saincheist a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ar na nósanna imeachta um réiteach díospóide lasmuigh de chúirt a leagtar síos in Airteagal 25~~34~~ ~~den Treoir um Sheirbhís Uilíoch~~de Threoir (AE) 2018/1972 .

*Airteagal 20 ~~18~~*

**Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo~~,~~ agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra ⇨ , gan mhoill, ⇦~~maidir leis na forálacha sin~~ don Choimisiún ⌦ maidir leis na rialacha agus na bearta sin ⌫~~faoin 30 Meitheamh 2013~~ agus ~~tabharfaidh siad fógra dó~~ ~~gan aon mhoill~~ maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanann difear do na forálacha sin.

↓ 2015/2120 Airteagal 7.10 (oiriúnaithe)

*Airteagal 21 ~~19~~*

**Athbhreithniú**

~~1. Faoin 29 Samhain 2015 tionscnóidh an Coimisiún athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola d'fhonn a mheas cad iad na bearta is gá chun gur féidir deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola faoin 15 Meitheamh 2017. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, *inter alia*, ar an leibhéal iomaíochta i margaí mórdhíola náisiúnta, agus déanfaidh sé measúnú, go háirithe, ar leibhéal na gcostas mórdhíola a thabhaítear agus na muirear mórdhíola a chuirtear i bhfeidhm, agus ar staid iomaíochta oibreoirí a bhfuil raon feidhme geografach teoranta acu, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag comhaontuithe tráchtála ar an iomaíocht chomh maith le cumas oibreoirí tairbhe a bhaint as barainneachtaí~~

~~scála. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar an dul chun cinn maidir leis an iomaíocht sna margaí fánaíochta miondíola agus ar aon rioscaí inbhraite go saobhfar an iomaíocht agus na dreasachtaí infheistíochta sa mhargadh baile agus i margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu. Agus measúnú á dhéanamh ar na bearta is gá chun gur féidir deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola, cuirfidh an Coimisiún san áireamh gur gá a áirithiú go mbeidh oibreoirí na líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu in ann na costais uile a caseraíonn as seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a sholáthar a aisghabháil, lena n-áirítear comhchostais agus costais comhchoiteanna. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin gur gá cosc a chur ar bhuanfhánaíocht nó ar leas a bhaint as rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ar úsáid aimhrialta nó ar mí-úsáid í, chun críocha eile seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar d'úsáideoirí deiridh na soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad agus atá an dream deiridh sin ag taisteal laistigh den Aontas ar bhonn tréimhsiúil.~~

~~2.~~ ~~Faoin 15 Meitheamh 2016, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le torthaí an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 1.~~

~~Beidh togra reachtach iomchuí a mbeidh comhairliúchán poiblí roimh ré ag gabháil leis an tuarascáil sin, chun na muirir mhórdhíola a leasú do sheirbhísí fánaíochta rialáilte a leagtar amach sa Rialachán seo, nó chun réiteach eile a chur ar fáil lena dtabharfar aghaidh ar na ceisteanna a sainaithníodh ar leibhéal na mórdhíola d'fhonn deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola faoin 15 Meitheamh 2017.~~

---

| |
|---|
| ↓ 2017/920 Airt. 1.7(a) (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

~~3~~1. ~~Thairis sin, cuirfidh an Coimisiún, faoin 15 Nollaig 2018, tuarascáil eatramhach ina n-achoimrítear éifeachtaí deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus aon tuairisc ábhartha de chuid BEREC á cur i gcuntas.~~ ~~Ina dhiaidh sin~~, Cuirfidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le BEREC, tuarascálacha ~~débhliantúla~~ ⇨ dhá ⇦ thuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.~~, mar aon, más iomchuí,~~ ~~le~~ ~~togra reachtach chun leasú a dhéanamh,~~ ⇨ I gcás inar gá, tar éis gach tuarascáil a chur isteach glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 22 lena leasófar ⇦ na muirir mhórdhíola uasta rialáilte seirbhísí fánaíochta a leagtar síos sa Rialachán seo. Cuirfear an chéad tuarascáil den sórt sin isteach faoin ~~15 Nollaig 2019~~ ⇨ 30 Meitheamh 2025 agus an dara tuarascáil faoin 30 Meitheamh 2029 ⇦.

Áireofar ⌦ sna tuarascálacha ⌫ ~~débhliantúla sin~~, *inter alia*, measúnú ar na nithe seo a leanas:

(a) infhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí lena n-áirítear iad sin atá mar mhalairt ar sheirbhísí rialáilte guthghlaonna, SMS agus seirbhísí fánaíochta sonraí, go háirithe i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha ⇨ agus na rochtana ar na teicneolaíochtaí agus na glúine líonra éagsúla ⇦;

(b) an méid iomaíochta atá sa mhargadh fánaíochta miondíola agus sa mhargadh fánaíochta mórdhíola araon, go háirithe ⇨ na rátaí mórdhíola iarbhír a íocann na hoibreoirí agus ⇦ staid iomaíoch oibreoirí beaga neamhspleácha nó nua-thosaithe, agus OLFSanna, lena n-áirítear éifeachtaí iomaíochta ar chomhaontuithe tráchtála~~,~~ ⇨ na tráchta a thrádáiltear ar ardáin trádála nó ar ionstraimí comhchosúla ⇦ agus an mhéid idirnasctha idir oibreoirí;

⇩ nua

(c) forbairt na fánaíochta meaisín le meaisín;

---

🡻 2017/920 Airt. 1.7(a)

(cd) a mhéid a tháirg cur chun feidhme na mbeart struchtúrach dá bhforáiltear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4, agus go háirithe, ar bonn na faisnéise arna soláthar ag na húdaráis rialála náisiúnta, an nós imeachta i gcomhair údaruithe roimhe ré a leagtar síos in Airteagal 3(6), torthaí i bhforbairt na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach do sheirbhísí fánaíochta rialáilte;

(de) éabhlóid na bpleananna taraife miondíola atá ar fáil;

(ef) athruithe ar phatrúin tomhaltais sonraí i gcás seirbhísí baile agus fánaíochta araon;

(fg) cumas na n-oibreoirí líonra baile a samhail muirearaithe baile a chothú agus a mhéid a bheidh formhuirir fánaíochta mhiondíola eisceachtúla údaraithe de bhun Airteagal 76c;

(gh) cumas na n-oibreoirí líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air na costais seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a chur ar fáil arna dtabhú go héifeachtúil a aisghabháil;

(hi) tionchar chur i bhfeidhm bheartais na húsáide córa ag oibreoirí i gcomhréir le hAirteagal 86d, lena n-áirítear aon neamhréireachtaí a shainaithint i gcur i bhfeidhm agus i gcur chun feidhme bheartais na húsáide córa sin;.

---

⇩ nua

(j) an méid a bhíonn ar chustaiméirí seirbhísí fánaíochta agus oibreoirí seirbhísí fánaíochta aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna i ndáil le seirbhísí breisluacha;

(k) cur i bhfeidhm bhearta an Rialacháin seo ar an gcumarsáid éigeandála.

---

🡻 2017/920 Airt. 1.7(b)
⇨ nua

24. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar na forbairtí iomaíocha sna margaí fánaíochta uile-Aontais, baileoidh BEREC sonraí ó údaráis rialála náisiúnta ar bhonn tráthrialta faoi na forbairtí atá ann maidir le muirir mhiondíola agus mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte guthghlaonna, SMS agus sonraí, lena n-áirítear muirir mhórdhíola a chuirtear i bhfeidhm i gcás trácht fánaíochta cothromaithe agus neamhchothromaithe faoi seach⇨ , maidir le húsáid ardán trádála agus ionstraimí comhchosúla, ar fhorbairt fánaíochta meaisín le meaisín, agus maidir leis an méid a gcumhdaítear cáilíocht seirbhíse le comhaontuithe fánaíochta mórdhíola agus a dtugtar rochtain ar theicneolaíochtaí agus glúine líonraí éagsúla leo. Baileoidh BEREC sonraí ó údaráis rialála náisiúnta ar bhonn tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir ag oibreoirí, leis an bhforbairt ar tharaifí baile amháin, le cur chun feidhme na sásraí inbhuanaitheachta agus le gearáin maidir le fánaíocht. Nuair a rachfar i gcomhairle leis de bhun mhír 1, déanfaidh BEREC faisnéis bhreise a bhailiú agus a chur ar fáil maidir le trédhearcacht, maidir le cur i bhfeidhm beart um chumarsáid éigeandála agus maidir le seirbhísí breisluacha ⇦.

Baileoidh sé sonraí freisin maidir le comhaontuithe fánaíochta mórdhíola nach bhfuil faoi réir na muirear fánaíochta mórdhíola dá bhforáiltear in Airteagal 10~~7~~, Airteagal 11~~9~~ nó Airteagal 12 agus maidir le cur chun feidhme na mbeart conarthach ar an leibhéal mórdhíola atá dírithe ar chosc a chur ar bhuanfhánaíocht nó ar leas a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ar úsáid aimhrialta nó mí-úsáid í, chun críoch seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad atá na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas ar bhonn tréimhsiúil.

Cuirfear na sonraí sin in iúl don Choimisiún⇨ uair amháin ⇦ ~~dhá uair~~ sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún iad a chur ar fáil go poiblí.

Ar bhonn na sonraí arna mbailiú, déanfaidh BEREC tuairisciú go rialta maidir le héabhlóid na bpatrún praghsála agus tomhaltais sna Ballstáit i gcás seirbhísí baile agus fánaíochta araon, éabhlóid na rátaí fánaíochta mórdhíola iarbhír i gcás trácht neamhchothromaithe idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta, agus maidir leis an ngaol idir praghsanna miondíola, muirir mhórdhíola agus costais mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta. Measúnóidh BEREC cé chomh dlúth a bhaineann na heilimintí sin chéile.

~~Déanfaidh BEREC sonraí a bhailiú ar bhonn bliantúil freisin ó údaráis rialála náisiúnta maidir le trédhearcacht agus le hinchomparáideacht taraifí éagsúla arna dtairiscint ag oibreoirí dá gcuid custaiméirí. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí agus na torthaí sin a chur ar fáil go poiblí.~~

---

⇩ nua

*Airteagal 22*

**Athbhreithniú ar na muirir uasta mhórdhíola**

Déanfaidh an Coimisiún, agus aird á tabhairt go huile ar thuairim BEREC, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun leasú a dhéanamh ar na muirir uasta mhórdhíola a fhéadfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thoibhiú ar an soláthraí fánaíochta as seirbhísí fánaíochta guthghlaonna, SMS nó sonraí a sholáthar trí bhíthin an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air faoi Airteagal 10, 11 agus 12.

Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) cloí leis na prionsabail, na critéir agus na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(b) na meánrátaí mórdhíola reatha a ghearrtar ar fud an Aontais a chur san áireamh agus an gá atá ann spás eacnamaíoch iomchuí a fhágáil chun go dtiocfaidh forbairt ar an margadh tráchtála;

(c) faisnéis maidir leis an margadh a chur san áireamh, arna soláthar ag BEREC, ag na húdaráis rialála náisiúnta nó, go díreach, ag gnóthais a chuireann líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar fáil.

*Airteagal 23*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 21 agus 22 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón 1 Eanáir 2025 amach.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 21 agus 22 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin bhfógra sin.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 21 agus 22 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú aon mhí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

| |
|---|
| ↓ 531/2012 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

*Airteagal 24 ~~20~~*

**Ceanglais fógartha**

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún á rá cad iad na húdaráis rialála náisiúnta atá freagrach as cúraimí a chur i gcrích faoin Rialachán seo.

*Airteagal 25 ~~21~~*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán ~~(CE) Uimh. 717/2007~~ ⌦ (AE) Uimh. 531/2012 ⌫~~i gcomhréir le hIarscríbhinn I le héifeacht ón 1 Iúil 2012~~.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 26 ~~22~~*

**Teacht i bhfeidhm agus dul in éag**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ~~lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh~~ ⌦ 1 Iúil 2022 ⌫ ~~agus beidh feidhm ag a fhorálacha ón lá sin ar aghaidh ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in Airteagail sonracha~~.

Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh ~~2022~~ ⇨ 2032 ⇦.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fánaíocht ar líonraí cumarsáide soghluaiste poiblí laistigh den Aontas (ATHMHÚNLÚ) |

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Cnuasach clár)*

| |
|---|
| An Margadh Aonair<br>Cumarsáid leictreonach – beartas fánaíochta an Aontais<br>Clár Oibre 2020 – Eoraip don Aois Dhigiteach – Seirbhísí Digiteacha do thomhaltóirí |

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[87]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☒ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é is aidhm leis an togra seo síneadh a chur leis na rialacha lena rialaítear an margadh fánaíochta uile-Aontais thar 2022, agus na muirir uasta mhórdhíola a leasú san am céanna, agus bearta nua á dtabhairt isteach chun fíoreispéireas 'fánaíochta ar tháillí baile' (FATB) a áirithiú le linn fánaíochta, agus lena n-aisghairtear bearta iomarcacha eile. Ar mhaithe le soiléireacht, cuirtear an togra i láthair i bhfoirm athmhúnlú ar Rialachán (AE) Uimh. 531/2012, arna leasú roinnt uaireanta le blianta beaga anuas.

Tiocfaidh an Rialachán nua i bhfeidhm an 1 Iúil 2022, rud a áiritheoidh leanúnachas le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 roimhe seo a théann i léig an 30 Meitheamh 2022. Ós rialachán é, beidh feidhm ag an ngníomh dlí go huathoibríoch i ngach tír san Aontas chomh luath agus a thagann sé i bhfeidhm, agus ní bheidh gá é a thrasuí sa dlí náisiúnta. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán ar gach tír san Aontas.

Maidir leis an mbunachar sonraí le haghaidh uimhriú seirbhíse breisluacha, tugtar sainordú do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) é a bhunú faoin 31 Nollaig 2023.

Foráiltear go sainráite le Rialachán (AE) 2018/1971 (rialachán BEREC) go ndéanann Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 (an rialachán fánaíochta faoi réir an athmhúnlaithe seo), a mhéid a bhaineann le fánaíocht uile-Aontais, na rialacha dá bhforáiltear leis

[87] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

an gcreat rialála don chumarsáid leictreonach a chomhlánú agus tacú leo, agus go leagtar síos leis cúraimí áirithe le haghaidh BEREC.

Le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1971, lena leagtar síos ('cuspóirí BEREC'), foráiltear go ngníomhóidh BEREC faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 531/2012. Foráiltear freisin le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1971, ina leagtar amach cúraimí rialála BEREC, go ndéanfaidh sé cúraimí eile a shanntar dó le gníomhartha dlí de chuid an Aontais, Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 go háirithe.

Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) 2018/1971 tugtar sainordú do BEREC cúraimí a shanntar dó leis an Rialachán Fánaíochta a dhéanamh. Déanfaidh BEREC na cúraimí, lena n-áirítear bunachar seirbhísí breisluacha a chruthú agus a choinneáil ar bun, gan aon acmhainní daonna breise nó acmhainní airgeadais breise.

1.4.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara sa chás cinniúnach C-58/08 Vodafone, d'fhéadfaí a mheas go réasúnta go ndíspreagtar úsáid seirbhísí trasteorann amhail seirbhísí fánaíochta de thoradh na ndifríochtaí sa phraghas idir glaonna a dhéanann saoránaigh laistigh dá mBallstát féin agus na glaonna a dhéanann siad agus iad ag fánaíocht. D'fhéadfadh an díspreagadh gníomhaíochtaí trasteorann sin bac a chur ar bhunú margaidh aonair ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus chaipitil. Go deimhin, ní ann do ghníomhaíocht trasteorann atá níos soiléire in earnáil na teileachumarsáide soghluaiste ná an fhánaíocht.'[88]

Ós rud é gur seirbhísí trasteorann iad na seirbhísí, tá údar leis an mbeart a dhéantar ar leibhéal an Aontais mar nach féidir leis na Ballstáit iad féin aghaidh a thabhairt ar an saincheist go héifeachtach agus nach raibh na húdaráis rialála náisiúnta in ann dul i ngleic leis an bhfadhb sin go huathrialach[89].

Sa bhreithiúnas uaithi an 8 Meitheamh 2010 sa chás C-58/08 Vodafone thuas, chinn an Chúirt Bhreithiúnais gurb é a tharla, san am a chuaigh thart, gur 'measadh an leibhéal ard muirear miondíola a bheith ina fhadhb leanúnach ag Údaráis Rialála Náisiúnta (NRAnna), údaráis phoiblí agus comhlachais cosanta tomhaltóirí ar fud an Chomhphobail agus nár laghdaíodh na muirir de thoradh na n-iarrachtaí an fhadhb a réiteach trí bhíthin an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair'[90].

Ar an gcaoi chéanna, de bhrí gur de chineál trasteorann í an fhánaíocht tá dlúthbhaint dhíreach idir í agus na saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu leis na bearta nua sa togra agus tá tionchar aici orthu freisin. Ní féidir leis na Ballstáit, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach agus bheadh beart ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná beart ar an leibhéal náisiúnta. Mar a tharlaíonn sé, d'fhéadfadh na fadhbanna bunúsacha, a bhfuil sé d'aidhm ag na bearta atá beartaithe iad a réiteach, a

88 Tuairim ó Poiares Maduro, an tAbhcóide Ginearálta, a cuireadh in iúl an 1 Deireadh Fómhair 2009 sa chás C-58/08 ECLI:EU:C:2009:596

89 Féach litir mhí na Nollaig 2005 ó ERG chuig Ard-Stiúrthóireacht AS na Sochaí Faisnéise sa Choimisiún.

90 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 8 Meitheamh 2010, Vodafone, C-58/08, ECLI:EU:C:2010:321, mír 40

bheith ina gcúis le húsáid fánaíochta a dhíspreagadh, le bacainn in úsáid seirbhísí soghluaiste agus feidhmchláir a chruthú le linn taisteal sa mhargadh aonair, nó, go ginearálta, le feidhmiú rianúil an mhargaidh fánaíochta uile-Aontais a mhíshocrú. De réir an chásdlí ábhartha, is cuspóir é nach mór a shaothrú agus is fearr a bhainfear amach é ar leibhéal an Aontais[91].

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Is éard atá i mbreisluach an Aontais a mheastar a ghinfear leis an togra (i) na sochair a ghabhann le rialacha fánaíochta an Aontais i dtéarmaí ardleibhéal cosanta tomhaltóirí, iontaobhas méadaithe agus muinín mhéadaithe agus rogha níos leithne le haghaidh úsáideoirí deiridh a choinneáil ar bun, (ii) soláthar inbhuanaithe FTAB agus aisghabháil chostais ar an leibhéal mórdhíola a áirithiú agus (iii) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamhréitithe le linn fánaíochta, a d’fhéadfaí a mheas go réasúnta go fóill go ndíspreagtar leo daoine ó úsáid a bhaint as an tseirbhís sin arb iondúil gur seirbhís trasteorann í.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Rannchuidigh rialacha an Aontais maidir le fánaíocht le leibhéal ard cosanta tomhaltóirí lena gcuirtear chun cinn an iontaoibh agus an mhuinín agus rogha níos leithne le haghaidh tomhaltóirí. Léirigh an méadú gasta ollmhór ar thrácht fánaíochta ó bhí mí an Mheithimh 2017 ann gur chomhlíon an t-athchóiriú ar FATB a chuspóir leas iomlán a bhaint as an éileamh ag taistealaithe san Aontas ar thomhaltas soghluaiste, éileamh nár baineadh leas as go fóill. Go sonrach, idir samhradh 2016 agus samhradh 2018, tháinig méadú ar thrácht fánaíochta miondíola, méadú faoi trí i gcás guthghlaonna agus méadú faoi dhó dhéag i gcás sonraí. Sa chiall sin, leis an athbhreithniú, deimhnítear rathúnas an athchóirithe agus deimhnítear go bhfeidhmíonn an margadh fánaíochta go maith i gcoitinne faoi na rialacha fánaíochta. Is é aidhm don togra leanúint den cur chuige maidir le teorainneacha praghais uasta a laghdú de réir a chéile agus aisghabháil chostais a áirithiú mar gur léir go bhfuil na bearta sin, mar aon leis na sásraí coimirce (na maoluithe inbhuanaitheachta agus an beartas maidir le húsáid chóir) fíor-riachtanach ó thaobh sholáthar inbhuanaithe FATB a áirithiú.

*1.4.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile*

Ba chéim fhíor-riachtanach é muirir fánaíochta mhiondíola a dhíothú i dtreo margadh aonair digiteach uile-Aontais a chruthú agus i dtreo an margadh sin a fheidhmiú mar is ceart.

Go háirithe, tríd an margadh fánaíochta a rialú chun FATB a bhunú ar fud an Aontais, cuidíodh leis an gcuspóir beartais a bhaint amach, arbh é sin a áirithiú go bhfuil margaí dea-fheidhmithe in ann bonneagar leathanbhanda ardfheidhmíochta gan sreang a sholáthar do chustaiméirí an Aontais ar phraghas réasúnta ar fud an Aontais.

I bhfianaise an mhéid atá thuas, ní mór gan an bonn a bhaint den mhéid a bheidh bainte amach nuair a rachaidh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 in éag an 30 Meitheamh 2022. Dá bhrí sin, áiríodh an togra maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha fánaíochta atá ann faoi láthair i gClár Oibre an Choimisiúin 2020 faoin

91 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 8 Meitheamh 2010, Vodafone, C-58/08, ECLI:EU:C:2010:321, míreanna 76-78

uaillmhian shuntasach 'Eoraip atá réidh don Aois Dhigiteach' agus an cuspóir sonrach 'Seirbhísí Digiteacha do thomhaltóirí'.

Comhlánaíonn an togra an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (CCLE)[92], atá le trasuí ag na Ballstáit faoin 21 Nollaig 2020. Ní hamháin go bhfuil sé d'aidhm ag CCLE lúdacht ard agus cur in úsáid 5G a chumasú ar mhaithe le tomhaltóirí uile na hEorpa, ach tá sé d'aidhm aige chomh maith cosaint éifeachtach tomhaltóirí a sholáthar freisin i gcomhthéacs ríomhchumarsáidí, rud a chuireann lena rogha trí leibhéal thrédhearcacht na faisnéise agus na rialacha sonracha maidir le huasfhad conartha agus inaistritheacht uimhreacha a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag CCLE chomh maith rochtain saor in aisce ar sheirbhísí éigeandála a soláthar d'úsáideoirí deiridh trí chumarsáid éigeandála agus tá sé d'aidhm aige a áirithiú go bhfuil faisnéis faoi shuíomh glaoiteora ar fáil. Tá CCLE gan dochar do na forálacha maidir le fánaíocht (a bhí ann roimh an togra seo a chumhdaítear i Rialachán (AE) Uimh. 531/2012).

92 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) (IO L 321, 17.12.2018, lgh. 36-214).

1.5. **Fad agus tionchar airgeadais**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ón 01/07/2022 go dtí an 30/06/2032

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.6. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[93]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí atá ainmnithe acu;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Déanfaidh BEREC na gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus tuairiscithe agus chomh maith leis sin cuirfidh sé bunachar sonraí uile-Aontais ar bun le haghaidh raonta uimhrithe seirbhísí breisluacha faoin 31 Nollaig 2023 agus coinneoidh sé ar bun é. |

93 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

Tá an bunachar sonraí ceaptha a bheith ina uirlis trédhearcachta ionas go mbeidh rochtain dhíreach ag NRAnna agus oibreoirí ar fhaisnéis maidir le céard iad na raonta uimhrithe a mbeadh costais níos airde ag baint leo sna Ballstáit. I sainordú BEREC cumhdaítear na cúraimí a luaitear thuas. Déanfaidh BEREC na cúraimí, lena n-áirítear bunachar seirbhísí breisluacha a chruthú agus a choinneáil ar bun gan aon acmhainní daonna breise nó acmhainní airgeadais breise.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| Déanann an Coimisiún, BEREC, agus na NRAnna faireachán agus tuairisciú go comhpháirteach ar fheidhmiú an mhargaidh fánaíochta agus ar chur i bhfeidhm na mbeart a áirítear sa Rialachán Fánaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 18 maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú agus Airteagal 21 maidir le hathbhreithniú, ina sainmhínítear chomh maith córas bailithe agus tuairiscithe sonraí. |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na modúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar mar gurb éard atá sa tionscnamh go príomha caiteachas riaracháin faoi cheannteideal 7. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Idem. |

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Idem. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Idem. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais nua atáthar á mbeartú

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal………………………...……… …] | LD/LN[94]. | ó thíortha de chuid CSTE[95] | ó thíortha is iarrthóirí[96] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b) ] den Rialachán Airgeadais |
| 7<br><br>1 | Uimhir: 20 02 06<br>Ceannteideal 7:<br>Caiteachas bainistíochta<br><br>Uimhir: 02.200403<br>Ceannteideal 1: Nuálaíocht sa Mhargadh Aonair agus Digiteach<br>Sainmhíniú agus cur chun feidhme bheartas an Aontais i réimse na cumarsáide leictreonaí | /LN. | /LÍON | /LÍON | /LÍON | /LÍON |

94 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
95 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
96 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

#### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | Nuálaíocht sa Mhargadh Aonair agus Digiteach |
|---|---|---|

| | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (de réir na línte buiséid a liostaítear faoi 3.1)<br>Sainmhíniú agus cur chun feidhme bheartas an Aontais i réimse na cumarsáide leictreonaí 02.200403 | Gealltanais | (1) | 0 | 0,150 | 0 | 0,705 | 0 | 0,150 | 0 | 0,855 | 1,860 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0 | 0 | 0,075 | 0,155 | 0,550 | 0,075 | 0,075 | 0,930 | 1,860 |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach an chláir[97] | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an chláir** | Gealltanais | =1+3 | 0 | 0,150 | 0 | 0,705 | 0 | 0,150 | 0 | 0,855 | 1.860 |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | 0 | 0 | 0,075 | 0,155 | 0,550 | 0,075 | 0,075 | 0,930 | 1,860 |

97 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | 0,216 | 0,431 | 0,431 | 0,431 | 0,431 | 0,431 | 1,940 | 4,310 |
| Caiteachas riaracháin eile | | **0** | **0** | **0,020** | **0,020** | **0** | **0** | **0,020** | **0,020** | **0,080** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **0** | **0,216** | **0,451** | **0,451** | **0,431** | **0,431** | **0,451** | **1,960** | **4,390** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | **0** | **0,366** | **0,431** | **1,156** | **0,451** | **0,581** | **0,431** | **2,835** | **6,250** |
| | Íocaíochtaí | **0** | **0,216** | **0,506** | **0,606** | **1,001** | **0,506** | **0,506** | **2,910** | **6,250** |

*3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN lena n-áirítear suas le 2032** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0 | 0,216 | 0,431 | 0,431 | 0,431 | 0,431 | 0,431 | 4,310 |
| Caiteachas riaracháin eile | **0** | **0** | **0,020** | **0,020** | **0** | **0** | **0,020** | **0,060** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **0** | **0,216** | **0,451** | **0,451** | **0,431** | **0,431** | **0,451** | **4,370** |

| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[98] of the multiannual financial framework** | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Fo-iomlán laistigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

| **IOMLÁN** | **0** | **0,216** | **0,451** | **0,451** | **0,431** | **0,431** | **0,451** | **4,370** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Ní chuirtear san áireamh sa bhuiséad dá bhforáiltear le haghaidh 2022 acu leathbhliain, mar go dtéann Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 i léig an 30 Meitheamh 2022.

98 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [99] Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Arna maoiniú as CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | | 1,5 | 1,5 | 1,5 | 1,5 | 1,5 | 1,5 |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Arna maoiniú as imchlúdach an chláir [100] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | **3,5** | **3,5** | **3,5** | **3,5** | **3,5** | **3,5** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an ghnímh faoina gcúram cheana féin agus/nó a ath-imlonnaíodh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | 2 FTE in aghaidh na bliana, agus arna n-anailísiú mar seo a leanas:<br>- comhordú a dhéanamh ar an athbhreithniú fánaíochta agus ar thuarascálacha gaolmhara an Choimisiún, athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún, an nós imeachta coiste (CoCoM), gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a ghlacadh, grúpa saineolaithe seachtrach a bhunú, comhoibriú le BEREC agus cuidiú le Treoirlínte a fhorbairt.<br>- faireachán, comhordú a dhéanamh ar bhailiú agus anailís sonraí, suirbhéanna comhpháirteacha COM-BEREC a dhéanamh, comhoibriú le BEREC agus comhordú JRC.<br>- anailís réamhbhreathnaitheach (forbairtí teicneolaíochta agus gnó)<br>- lena n-áirithítear soláthar, comhordú agus bainistiú staidéar seachtrach (lena n-áirítear comhaontuithe riaracháin le JRC, staidéar ar fhorbairtí teicneolaíochta, samhlacha costais le haghaidh measúnú ar uasteorainneacha mórdhíola).<br>- anailís dhlíthiúil, freagraí ar cheisteanna parlaiminteacha agus ceisteanna eile, láimhseáil gearán saoránach agus gearán eile, nósanna imeachta um shárú |

99 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

100 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| Pearsanra seachtrach | 0,5 FTE CA agus 1 FTE END, chun rannchuidiú leis na cúraimí seo a leanas:<br>- sonraí a bhailiú agus a anailísiú, anailís dhlíthiúil, freagraí ar cheisteanna parlaiminteacha agus ceisteanna eile, gearáin a láimhseáil<br>- rannchuidiú leis an athbhreithniú fánaíochta agus anailís réamhbhreathnaitheach (forbairtí teicneolaíochta agus gnó)<br>- rannchuidiú le comhordú agus bainistiú staidéar seachtrach (lena n-áirítear comhaontuithe riaracháin le JRC, staidéar ar fhorbairtí teicneolaíochta, samhlacha costais le haghaidh measúnú ar uasteorainneacha mórdhíola). |

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| Blianta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Cumhdófar an costas oibriúcháin a luaitear in 3.2.1 trí ath-imlonnú laistigh de chlárú airgeadais na líne buiséid oibríochtúla 02 20 04 03.

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

.

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[101] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (*e.g.* an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[101] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, *i.e.* méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.